the arts council
an chomhairle ealaíon

# annual review
# an athbhreithniú bhliantúil

**2005**



Annual Review 2005/
an athbhreithniú bhliantúil 2005

ISBN: 978-1-904291-31-2

70 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland

70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, Éire

t +353 1 618 0200
f +353 1 676 1302
Callsave 1850 392 492

e policypa@artscouncil.ie
w www.artscouncil.ie

# The Arts Council

**Who we are and what we do**

The Arts Council is the Irish Government agency for developing the arts. We provide financial assistance to artists, arts organisations, local authorities and others for artistic purposes. We offer advice and information on the arts to government and to a wide range of individuals and organisations. As an advocate for the arts and artists, we undertake projects and research, often in new and emerging areas of practice, and increasingly in co-operation with partner organisations. Arts Council funding from the exchequer for 2005 was €66.233 million.

# An Chomhairle Ealaíon

**Ár ról agus ár gcuid oibre**

Faisnéis fúinne agus gach a dhéanaimid. Is í an Chomhairle Ealaíon an ghníomhaireacht de chuid Rialtas na hÉireann chun na healaíona a fhorbairt. Cuirimid cúnamh airgid ar fáil d'ealaíontóirí, d'eagraíochtaí ealaíon, d'údaráis áitiúla agus do pháirtithe eile chun críche ealaíne. Cuirimid comhairle agus eolas i dtaobh na n-ealaíon ar fáil don Rialtas agus do raon leathan daoine aonair agus eagraíochtaí. Agus muid ag saothrú ar son na n-ealaíon, tugaimid faoi thionscadail agus thaighde. Baineann cuid mhór díobh seo le réimsí nua den chleachtas ealaíne atá ag teacht chun cinn agus is minic a dhéantar an obair i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirteacha. Fuair an Chomhairle Ealaíon €66.233 milliún mar mhaoiniú ón státchiste i 2005.

# Contents / Clár


4 **Preface** / Brollach
5 **Introduction** / Réamhrá
8 Membership / Baill

15 **Artform Perspectives / Na Foirmeacha Éagsúla Ealaíne - Peirspictíochtaí**
16 Architecture / Ailtireacht
18 Dance / Rince
20 Film / Scannáin
22 Literature / Litríocht
25 Music / Ceol
28 Opera / Ceoldráma
30 Theatre / Amharclannaíocht
32 Traditional Arts / Na hEalaíona Traidisiúnta
34 Visual Arts / Físealaíona

38 **Arts Development / Forbairt na nEalaíon**

49 **Around the Country / Timpeall na Tíre**

114 Acknowledgements / Buíochas



# Preface / Brollach

2005 was a year of both progress and loss for the arts. While the Arts Council welcomed an increased financial commitment to the arts from government and published a new arts strategy, these achievements were eclipsed by the sudden loss of our colleague and friend, Jerome Hynes, Deputy Chair of the Arts Council.

We were pleased that our funding increased from €52.5m in 2004 to €61m for 2005, a 16% increase. This increased allocation of money allowed Irish artists and arts organisations to bring many exciting ideas and projects to fruition.

In December, the Arts Council published its new arts strategy, *Partnership for the Arts,* after a period of intense and rigorous consultation with the arts sector. *Partnership for the Arts* draws on our professional expertise, but, most importantly, from what we have learned from our discussions with members of the arts community about the key challenges facing the arts. It recognises that the life of an artist is one of constant change and seeks to respond to this through flexibility and sensitivity. The strategy is a framework which will allow us to adapt to the changing landscape of the arts, while setting clear goals and objectives.

The Arts Council and the arts community suffered a profound loss in September with the sudden death of our Deputy Chair, Jerome Hynes. Jerome was an exceptional person in every way. His contribution to the arts in Ireland was immense and he was a tireless campaigner for better conditions for artists. A man of great integrity, he had a passionate enthusiasm for his work as Chief Executive of Wexford Festival Opera and for his role here at the Arts Council. His passionate commitment to the arts in Ireland remains as an inspiration to us all.

Olive Braiden, Chair

Ba bhliain dul chun cinn agus caillteanais do na healaíona é 2005. Cé gur chuir an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh ardú i dtiomantas airgeadais an rialtais do na healaíona agus gur foilsíodh straitéis ealaíne nua, caitheadh scamall thar an méid sin de bharr bhás tobann ár gcomhghleacaí agus carad, Jerome Hynes, Leas-Chathaoirleach na Comhairle Ealaíon.

Cúis sásaimh a bhí ann dúinn gur tháinig ardú ar ár maoiniú ó thart ar €52.5m in 2004 go thart ar €61m in 2005, ardú 16%. Chuir an leithdháileadh méadaithe seo ar chumas ealaíontóirí agus eagraíochtaí Éireannacha go leor smaointe agus tionscadail spreagúla a chur i gcrích.

I mí na Nollag, d'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon a straitéis ealaíne nua, *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon,* tar éis tréimhse dlúthchomhairliúcháin le hearnáil na n-ealaíon. Tá *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon* ag tarraingt ar an saineolas gairmiúil atá againn ach, níos tábhachtaí fós, ar an méid a d'fhoghlaimíomar ó bheith ag plé le baill phobal na n-ealaíon maidir leis na dúshláin is mó atá roimh na healaíona. Aithníonn sé gur saol atá ag athrú de shíor é saol an ealaíontóra agus déantar iarracht a bheith solúbtha agus íogair le dul i ngleic leis seo. Is creat é an straitéis a chuirfidh ar ár gcumas muid féin a chur in oiriúint do thírdhreach athraitheach na n-ealaíon, agus spriocanna agus cuspóirí soiléire a leagan amach.

Is buille trom a bhí ann don Chomhairle Ealaíon agus do phobal na n-ealaíon i mí Mheán Fómhair de bharr bhás tobann an Leas-Chathaoirligh againn, Jerome Hynes. Ba dhuine eisceachtúil é Jerome ar gach bealach. Ba mhór an méid a chuir sé leis na healaíona in Éirinn agus é ag obair gan staonadh ar son coinníollacha níos fearr d'ealaíontóirí. B'fhear é a bhí thar a bheith ionraic agus bhí sé paiseanta ag dul i mbun a chuid oibre mar Phríomhfheidhmeannach Fhéile Ceoldrámaíochta Loch Garman agus ina ról anseo sa Chomhairle Ealaíon.Is inspioráid dúinn ar fad an tiomantas paiseanta a bhí aige do na healaíona in Éirinn .

Olive Braiden, Cathaoirleach



# Introduction / Réamhrá

This year, the Arts Council has decided to publish three distinct volumes to encapsulate the many strands that made up the arts in Ireland in 2005. They are an Annual Review of arts activity, an Annual Report of itemised expenditure on the arts, and the annual report of Aosdána, an affiliation of creative artists.

In this annual review, we highlight the achievements of artists and arts organisations county by county, celebrating the ripple effect of successive Arts Acts which have led to ever more extensive initiatives in local government to develop and support the arts. We also highlight the main developments in the individual artforms that are within the remit of the Arts Council, focusing, as always, on artistic endeavour and achievement.

In the arts development chapter, we detail the role of the Arts Council as an advocate for the arts in a number of areas that directly affect almost everyone at some point in their lives, most notably in health and education, and give an overview of the activity that took place in 2005.

A major development this year was the publication of Partnership for the Arts in December, the culmination of an extensive programme of discussion with the arts community and partner organisations.  This sets out a shared agenda for action by the Arts Council and the arts community and will guide our work over the next five years.

It is our intention in this review to give a useful and informative overview of the arts that will encourage and inspire those who dedicate their lives to the creative satisfaction of artistic endeavour, and to anyone who is interested in the broad landscape of the arts in Ireland as they exist today in all their rich complexity.

Mary Cloake, Director

I mbliana, shocraigh an Chomhairle Ealaíon trí imleabhar ar leith a fhoilsiú chun na sraitheanna iomadúla ar fad a chomhdhéanann na healaíona in Éirinn sa bhliain 2005 a léiriú. Is iad sin Athbhreithniú Bliantúil na n-imeachtaí ealaíne, an Tuarascáil Bhliantúil de chaiteachas miondealaithe ar na healaíona, agus tuarascáil bhliantúil Aosdána, meitheal ealaíontóirí cruthaitheacha.

San athbhreithniú bliantúil seo, léirímid an méid atá bainte amach ag ealaíontóirí agus ag eagraíochtaí ealaíne i ngach contae. Is ceiliúradh é an méid seo ar an éifeacht atá ag na hAchtanna Ealaíon éagsúla, ag bunú níos mó agus níos mó tionscnaimh rialtais áitiúil chun na healaíona a fhorbairt agus a chothú. Léirímid freisin na príomhfhorbairtí sna foirmeacha ealaíne aonaracha atá faoi chúram na Comhairle Ealaíon, ag leagan béime, mar a dhéantar i gcónaí, ar an obair atá déanta, agus ar an méid atá curtha i gcrích, ag lucht na n-ealaíon.

Sa chaibidil ar fhorbairt na n-ealaíon, tá cur síos againn ar ról na Comhairle Ealaíon ar son na n-ealaíon i roinnt réimsí a bhfuil baint dhíreach acu le beagnach gach duine ag am éigin ina saol, go háirithe i gcúrsaí sláinte agus oideachais. Tugtar léargas ar an méid a tharla sa bhliain 2005.

Forbairt mhór a bhí ann i mbliana ná foilsiú na Comhpháirtíochta ar son na nEalaíon i mí na Nollag, a bhí mar bhuaicphointe ar chlár forleathan comhráití le pobal na n-ealaíon agus na heagraíochtaí comhpháirteacha.  Leagann sé seo amach comhchlár gnímh don Chomhairle Ealaíon agus do phobal na n-ealaíon agus feidhmeoidh sé mar threoir dár gcuid oibre don chéad chúig bliana eile.

Tá sé mar aidhm leis an athbhreithniú seo léargas úsáideach faisnéiseach a thabhairt ar na healaíona chun spreagadh agus inspioráid a thabhairt dóibh siúd a chaitheann a saol ar fad chun an sásamh cruthaíoch a bhaineann le hobair ealaíne a bhaint amach, agus dóibh siúd ar fad a bhfuil suim acu sna healaíona casta saibhre mar átá in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Mary Cloake, Stiúrthóir





Arts Council members and staff, as well as friends of Tomás Mac Anna, attended a private ceremony in 2005 to acknowledge the contribution he has made to the National Theatre and theatre in Ireland.





Baill agus foireann na Comhairle Ealaíon mar aon le cairde Thomáis Mhic Anna i láthair ag searmanas príobháideach i 2005 mar aitheantas ar a bhfuil déanta aige ar son Amharclann Náisiúnta na hÉireann agus cúrsaí amharclainne in Éirinn.


Olive Braiden, Chair


Noelle Campbell Sharp, Director, Cill Rialaig Artist Retreat and Origin Gallery


Willie Doherty, Artist


Theo Dorgan, Poet and Broadcaster


Jerome Hynes, (Deputy Chair), Chief Executive, Wexford Festival Opera


Philip King, Filmmaker and musician


Rosaleen Linehan, Actor

## Council Membership

Olive Braiden, Chair

Noelle Campbell Sharpe, Director, Cill Rialaig Artist Retreat and Origin Gallery

Willie Doherty, Artist

Theo Dorgan, Poet and Broadcaster

Jerome Hynes, (Deputy Chair) Chief Executive, Wexford Festival Opera (Deceased)

Philip King, Filmmaker and Musician

Rosaleen Linehan, Actor

Orlaith McBride, Director, National Association for Youth Drama

John McGahern, Writer

Mary Nunan, Choreographer, Dancer and Lecturer

Emer O'Kelly, Theatre Critic

Úna Ó Murchú, Artistic Director, Brú Ború, Cashel

Patrick Sutton, Director, Gaiety School of Acting

## Ballraíocht na Comhairle

Olive Braiden, Cathaoirleach

Noelle Campbell Sharp, Stiúrthóir Thearmann Ealaíontóirí Chill Rialaig agus Origin Gallery

Willie Doherty, Ealaíontóir

Theo Dorgan, File agus Craoltóir

Jerome Hynes, (Leas-Chathaoirleach), Príomhfheidhmeannach, Féile Ceoldráma Loch Garman (nach maireann)

Philip King, Scannánóir agus Ceoltóir

Rosaleen Linehan, Aisteoir

Orlaith McBride, Stiúrthóir, An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta don Óige

John McGahern, Scríbhneoir

Mary Nunan, Córagrafóir, Rinceoir agus Léachtóir

Emer O'Kelly, Léirmheastóir Amharclainne

Úna Ó Murchú, Stiúrthóir Ealaíne, Brú Ború, Caiseal

Patrick Sutton, Stiúrthóir, Scoil Aisteoireachta an Gaiety



Orlaith McBride, Director, National Association for Youth Drama



John McGahern, Writer



Mary Nunan, Choreographer, Dancer and Lecturer



Emer O'Kelly, Theatre Critic



Úna Ó Murchú, Artistic Director, Brú Ború, Cashel



Patrick Sutton, Director, Gaiety School of Acting

## Arts Council Staff

Mary Cloake, Director

Seamus Crimmins, Arts Policy Director

Stephanie O'Callaghan, Acting Arts Development Director

John O'Kane, Arts Programme Director

Ellen Pugh, Finance and Administration Manager

Val Balance, Arts Programme Manager, Venues

Sarah Bannan, Acting Local Arts Development Manager

Deirdre Behan, Webmaster and Data Manager

Diego Fasciati, International Arts Development Manager

Jessica Fuller, Arts Programme Manager, Production

Mary Ellen Greene, Project Manager-Strategy Development

Jan Hinde, Arts Participation Manager

Michelle Hoctor, Press and Communications Officer

Paul Johnson, Artists Services Manager

Emma Kelly, Information and Research Officer

## Foireann na Comhairle Ealaíon

Mary Cloake, Stiúrthóir

Séamus Crimmins, Stiúrthóir Pholasaí Ealaíne

Stephanie O'Callaghan, Stiúrthóir Fhorbairt Ealaíne Gníomhach

John O'Kane, Stiúrthóir Chláir Ealaíne

Ellen Pugh, Bainisteoir Airgeadais agus Riaracháin

Val Balance, Bainisteoir na gClár Ealaíon: Ionaid Tionóil

Sarah Bannan, Bainisteoir Forbartha na nEalaíon Áitiúil, (Gníomhach)

Deirdre Behan, Stiúrthóir Gréasáin agus Bainisteoir Sonraí

Diego Fasciati, Bainisteoir Forbartha na nEalaíon Idirnáisiúnta

Jessica Fuller, Bainisteoir na gClár Ealaíon, Léiriúcháin

Mary Ellen Greene, Bainisteoir Tionscadail - Forbairt Straitéise

Jan Hinde, Bainisteoir Rannpháirteachais sna hEalaíona

Michelle Hoctor, Oifigeach Preasa agus Cumarsáide

Paul Johnson, Bainisteoir Seirbhísí d'Ealaíontóirí

Una McCarthy, Arts Programme Manager, Festivals and Events

Jenny O'Hara, HR and Corporate Services Officer

Fionnuala Sweeney, Arts Officer

Gaye Tanham, Manager: Strategy Development

## Executive Officers

Catherine Boothman, European Cultural Contact Point (until October)

Ciara Branagan, Finance Executive

Elaine Connolly, Arts Strategy Executive (from May-September)

Aoife Corbett, Arts Development Project Officer

Theresa Cullen, Building Executive

Sian Cunningham, Artists Services' officer (from June)

Sheila Gorman, Arts Participation Projects Officer*

Kevin Healy, Grants Executive

Audrey Keane, Arts Participation Projects Office*

Áine Kelly, Artists Services' officer (until June), Grants Executive (from July)

Natalie Murphy, IT Support Executive

Paula O'Meara, IT Support Executive

* Part Time

Emma Kelly, Oifigeach Eolais agus Taighde

Una McCarthy, Bainisteoir na gClár Ealaíon, Féilte agus Imeachtaí

Jenny O'Hara, Oifigeach Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha

Fionnuala Sweeney, Oifigeach Ealaíon

Gaye Tanham, Bainisteoir: Forbairt Straitéise

## Oifigigh Fheidhmiúcháin

Catherine Boothman, Pointe Teagmhála Cultúrtha na hEorpa (go Deireadh Fómhair)

Ciara Branagan, Feidhmeannach Airgeadais

Elaine Connolly, Feidhmeannach Straitéise Ealaíon (ó Bhealtaine go Meán Fómhair)

Aoife Corbett, Oifigeach Tionscadal Forbartha Ealaíon

Theresa Cullen, Feidhmeannach Foirgneamh

Sian Cunningham, Oifigeach Seirbhísí d'Ealaíontóirí (ó Mheitheamh)

Sheila Gorman, Oifigeach Tionscadal um Rannpháirteachas sna hEalaíona*

Kevin Healy, Feidhmeannach Deontas

Audrey Keane, Oifigeach Tionscadal um Rannpháirteachas sna hEalaíona*

Áine Kelly, Oifigeach Seirbhísí d'Ealaíontóirí (go Meitheamh), Feidhmeannach Deontas (ó Iúil)

* Páirtaimseartha

Bernadette O'Leary, Executive Assistant to Director and Chair

Regina O'Shea, Grants Executive

Billy Rooney, European Cultural Contact Point (from October)

Dominica Sandys, Arts Development Project Officer

Sorcha Sloan, Acting Local Arts Services Officer

Karen Whelan, Council Executive (from March)

Clerical Officers
Natalie Byrne, Grants Assistant (from March)

Elaine Connolly, Arts Policy Assistant (until April and from September)

Noelle Cullimore, Acting Development Manager's Assistant

Kevin Delaney, Grants Assistant (from March-October)

Gillian Drew, Finance Assistant
Maeve Giles, PA to Arts Programme Director

Catherine Hilliard, PA to Arts Policy Assistant (from March)

Kate Jameson, Administration Assistant

Rose King, Artists Services Assistant (until May and from September)

Gerard Maher, Receptionist (until August)

Natalie Murphy, Feidhmeannach Tacaíochta TE

Paula O'Meara, Feidhmeannach Tacaíochta TE

Bernadette O'Leary, Cúntóir Feidhmiúcháin an Stiúrthóra agus an Chathaoirligh

Regina O'Shea, Feidhmeannach Deontas

Billy Rooney, Pointe Teagmhála Cultúrtha na hEorpa (ó Dheireadh Fómhair)

Dominica Sandys, Oifigeach Tionscadal Forbartha Ealaíon

Sorcha Sloan, Oifigeach Seirbhísí Ealaíne Áitiúla, (Gníomhach)

Karen Whelan, Feidhmeannach na Comhairle (ó Mhárta)

Oifigigh Chléireachais
Natalie Byrne, Cúntóir Deontas (ó Mhárta)

Elaine Connolly, Cúntóir Beartas Ealaíon (go hAibreán agus ó Mheán Fómhair)

Noelle Cullimore, Cúntóir (gníomhach) an Bhainisteora Forbartha

Kevin Delaney, Cúntóir Deontas (ó Mhárta go Deireadh Fómhair)

Gillian Drew, Cúntóir Airgeadais

Maeve Giles, Cúntóir Pearsanta leis an Stiúrthóir Chláir Ealaíne

Catherine Hilliard, Cúntóir Pearsanta an Chúntóra Beartas Ealaíne (ó Mhárta)

Charlotte Mangan, International Arts Assistant

Adrienne Martin, PA to Arts Policy Assistant

Aisling McKone, Arts Policy Assistant

Kate O'Donnell, Receptionist

Laura O'Herlihy, Grants Assistant (from October)

Victoria Owens, Administration Assistant (until July)

Karen Lee Walpole, Receptionist

Karen Whelan, PA to Arts Policy Director (until March)

### Consultant / Contract / Temporary

Siobhan Comer, PR Assistant

James Conway, Opera Specialist

Verena Cornwall, Circus and Street Art Specialist

Finola Cronin, Dance Specialist

Jane Daly, Consultant, Touring Experiment (from July to September)

Liz Doherty, Traditional Arts Specialist

Jane Doolan, (Mammoth films), Film Specialist

Oliver Dowling, Visual Art Specialist

Wendy Harris, Artists Services Assistant (from July to September)

Kate Jameson, Cúntóir Riaracháin

Rose King, Cúntóir Seirbhísí d'Ealaíontóirí (go Bealtaine agus ó Mheán Fómhair)

Gerard Maher, Fáilteoir (go Lúnasa)

Charlotte Mangan, Cúntóir Ealaíon Idirnáisiúnta

Adrienne Martin, Cúntóir Pearsanta an Chúntóra Pholasaí Ealaíne

Aisling McKone, Cúntóir Pholasaí Ealaíne

Kate O'Donnell, Fáilteoir

Laura O'Herlihy, Feidhmeannach Deontas (ó Dheireadh Fómhair)

Victoria Owens, Cúntóir Riaracháin (go Iúil)

Karen Lee Walpole, Fáilteoir

Karen Whelan, Cúntóir Pearsanta leis an Stiúrthóir Pholasaí Ealaíne (go Márta)

### Comhairleoirí / Oibrithe ar Chonradh agus Oibrithe Sealadacha

Siobhan Comer, Cúntóir Caidrimh Phoiblí

James Conway, Speisialtóir Ceoldráma

Verena Cornwall, Speisialtóir Sorcais agus Sráidealaíne

Finola Cronin, Speisialtóir Rince

Jane Daly, Comhairleoir, Turgnamh na Camchuairte (ó Iúil go Meán Fómhair)

Ann-Marie Kane, Strategy Assistant

Heather Keers, Grants Assistant (until June)

Maureen Kennelly, Programme Department

Pascal Letellier, Records Management Assistant (from May)

Eileen McCall, PA to Development PA (from May to July)

Claire Ni Fhaircheallaigh, Deis Assistant (from September)

Roisin Ni Mhianain, Literature Specialist (Irish)

Maeve O'Brien, Reception / Artists Services Assistant

Antoinette O'Neill, Architecture Specialist

Fergus Sheil, Music Specialist

Enid Reid Whyte, Theatre and Drama Specialist

Bronwen Williams, Literature Specialist

Liz Doherty, Speisialtóir sna hEalaíona Traidisiúnta

Jane Doolan, (Mammoth films), Speisialtóir Scannán

Oliver Dowling, Speisialtóir Físealaíon

Wendy Harris, Cúntóir Seirbhísí d'Ealaíontóirí (ó Iúil go Meán Fómhair)

Ann-Marie Kane, Cúntóir Straitéise

Heather Keers, Feidhmeannach Deontas (go Iúil)

Maureen Kennelly, Rannóg Clár

Pascal Letellier, Cúntóir Bainistíocht Taifead (ó Bhealtaine)

Eileen McCall, Cúntóir Pearsanta don Chúntóir Pearsanta Forbartha (ó Bhealtaine go Iúil)

Claire Ni Fhaircheallaigh, Cúntóir Deis (ó Mheán Fómhair)

Róisín Ní Mhianáin, Speisialtóir Litríochta (Gaeilge)

Maeve O'Brien, Fáilteoir/Cúntóir Seirbhísí d'Ealaíontóirí

Antoinette O'Neill, Speisialtóir Ailtireachta

Fergus Sheil, Speisialtóir Ceoil

Enid Reid Whyte, Speisialtóir Téatair agus Drámaíochta

Bronwen Williams, Speisialtóir Litríochta



# Artform Perspectives /
# Na Foirmeacha Éagsúla Ealaíne - Peirspictíochtaí



Puppeteers from all over the world come to Ireland for the International Puppet Festival
Tháinig puipéadóirí ó gach cearn den domhan go hÉirinn don Fhéile Idirnáisiúnta Puipéad

# Architecture / Ailtireacht

The Arts Council has an active role in developing and implementing policy for architecture in partnership with the Department of the Environment, Heritage and Local Government, the Office of Public Works and relevant professional bodies. It also has a statutory advisory function under the Planning and Development Act (2000).

The greatest contribution the Arts Council makes to the artform is its advocacy for architecture as art. By highlighting the aesthetic potential of architecture, the Arts Council helps to improve the design standards of contemporary Irish architecture. The Council does this in three ways: through working on projects that advance the practice of the artform including initiatives under the government programme, *Action on Architecture 2002-2005;* through the provision of grants to both individuals and organisations that provide resources for architecture; and by advising planning authorities on the aesthetic value of architecture.

In 2005, the Arts Council provided seed funding of €80,000 to the Irish Architecture Foundation. This organisation was established primarily to enhance the public's experience and appreciation of architecture and the built environment and is the first such organisation to be established in Ireland with this specific ambition. Funding was also provided by the Office of Public Works, Dublin City Council and the Department of the Environment and Local Government, cementing existing partnership links between the Arts Council and these organisations.

In a further development, the Arts Council, in partnership with Culture Ireland, appointed the Irish Architecture Foundation as commissioners for the Irish entry to the 10th Venice Biennale, held in September 2006.

Tá ról gníomhach ag an gComhairle Ealaíon maidir le beartas i leith na hailtireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhpháirt leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le comhlachtaí gairmiúla ábhartha. Tá feidhm chomhairleach reachtúil aici freisin faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (2000).

Is é an rud is mó a dhéanann an Chomhairle Ealaíon ar mhaithe leis an bhfoirm ealaíne seo ná abhcóideacht a dhéanamh ar son na hailtireachta mar fhoirm ealaíne. Cuireann an Chomhairle Ealaíon béim ar phoitéinseal aeistéitiúil na hailtireachta ar shlí a chabhraíonn le feabhas a chur ar chaighdeáin deartha na hailtireachta comhaimseartha in Éirinn. Tá trí bhealach ag an gComhairle chuige seo: trí obair ar thionscadail a chuireann cleachtadh na foirme ealaíne seo chun cinn, lena n-áirítear tionscnaimh faoin gclár rialtais *Action on Architecture 2002-2005;* trí dheontais a sholáthar do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí a sholáthraíonn acmhainní don ailtireacht; agus trí chomhairle a chur ar na húdaráis phleanála maidir le luach aeistéitiúil na hailtireachta.

Chuir an Chomhairle Ealaíon €80,000 ar fáil mar síolmhaoiniú i 2005 d'Fhoras Ailtireachta na hÉireann. Bunaíodh an eagraíocht go príomha chun an taithí agus an léirthuiscint a bhí ag an bpobal maidir leis an ailtireacht agus an timpeallacht thógtha a fheabhsú, agus is í seo an chéad eagraíocht a bunaíodh in Éirinn chun an cuspóir sainiúil seo a bhaint amach. Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil freisin, rud a dhaingnigh na naisc chomhpháirtíochta atá idir an Chomhairle Ealaíon agus na heagraíochtaí seo.

Rinneadh forbairt eile nuair a cheap an Chomhairle Ealaíon, i gcomhpháirtíocht le Cultúr Éireann, Foras Ailtireachta na hÉireann mar choimisinéirí le haghaidh iarratas na hÉireann

The support and establishment of the Irish Architecture Foundation is consistent with the policy of the Arts Council, as expressed in *Partnership for the Arts,* to extend and enhance the public's appreciation of architecture. The expectation is that the Irish Architecture Foundation, operating at a national and international level, can assist the Arts Council in progressing towards this aim.

The new policy direction for the Arts Council as announced in December 2005 opened up an intriguing new vista for architecture in Ireland. The policy prioritises advocacy for the enhancement and implementation of government policy relating to architecture and initiatives in architecture, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in this area.

The new policy revealed a multifaceted strategy for architecture that included the development of advisory and other support services on best practice design for arts buildings; the establishment of a programme of seminars in schools of architecture to promote understanding of other artforms; the establishment of a Centre for Architecture, with a national remit to strengthen Ireland's visual culture and enhance public understanding of the artistic nature of architecture; and the establishment of a programme to offer practical and advisory supports that will assist in achieving high architectural and professional standards across the range of our building-based funded activities. The Arts Council policy document also affirmed the need to plan for and support the Venice Biennale in 2006 and 2008 in a joint project with Culture Ireland.

ar an deichiú Venice Biennale, a bhí ar siúl i mí Mheán Fómhair 2006.

Tá bunú Foras Ailtireachta na hÉireann agus an tacaíocht a thugtar di ar aon dul le beartas na Comhairle Ealaíon, faoi mar a fógraíodh i *gComhpháirtíocht ar son na nEalaíon é,* cur ar chumas an phobail an léirthuiscint atá acu ar an ailtireacht a fheabhsú. Táthar ag súil go mbeidh Foras Ailtireachta na hÉireann ag gníomhú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta agus go dtacóidh sí leis an gComhairle Ealaíon chun an aidhm seo a bhaint amach.

Fógraíodh beartas nua seo na Comhairle Ealaíon i mí na Nollag 2005 agus chuir sé dealramh nua ar fad ar a bhfuil i ndán don ailtireacht in Éirinn. Tugann an beartas seo tosaíocht d'abhcóideacht a dhéanamh chun go gcuirfear i bhfeidhm agus go bhfeabhsófar beartas an Rialtais i leith na hailtireachta agus i leith tionscadal ailtireachta, agus é sin a dhéanamh ag oibriú go dlúth le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil tuairimí acu faoi na cúrsaí seo agus rudaí bainte amach acu.

Straitéis ilghnéitheach don ailtireacht atá sa bheartas nua lena n-áirítear seirbhísí comhairle agus seirbhísí tacaíochta eile a fhorbairt maidir leis an gcleachtas deartha is fearr le haghaidh foirgneamh ealaíon; clár seimineár a chur ar siúl i scoileanna ailtireachta chun tuiscint ar foirmeacha ealaíne a chur chun cinn; Lárionad Ailtireachta a bhunú a mbeidh sé de shaindualgas náisiúnta air cultúr físe na hÉireann a neartú agus cur le tuiscint an phobail maidir leis an ailtireacht mar ealaín; agus clár a chur ar bun chun foinsí tacaíochta praiticiúla agus comhairleacha a sholáthar a chabhróidh le hardchaighdeáin ailtireachta agus gairmiúla a bhaint amach thar raon iomlán ár ngníomhaíochtaí maoinithe a bhaineann le cúrsaí foirgníochta. Dhearbhaigh doiciméad beartais na Comhairle Ealaíon gur ghá pleanáil a dhéanamh i gcóir Venice Biennale 2006 is 2008 agus tacaíocht a sholáthar ina gcomhair mar chuid de chomhthionscadal le Cultúr Éireann.

# Dance / Rince

The Arts Council engages with dance through a series of developmental projects and by providing funding for individual dance artists, dance production companies and a number of key resource organisations.

As the Arts Council is the primary source of public support for dance practice in Ireland, the Arts Council dance policy prioritises support towards the consolidation of organisations and the continued development of infrastructure. As part of this, the Arts Council's consultation process towards the development of a new arts strategy was well attended by a significant number of dance artists, who generously gave of their time to debate issues relevant to the sector.

In a very important development for dance in Ireland, the Association of Professional Dancers in Ireland (APDI) was awarded the tender to manage a new purpose-built dance building as a resource for dance in the city of Dublin. Located at Liberty Corner, the building was the result of a Public Private Partnership scheme between Dublin City Council, McCabe Builders and the Arts Council. The building was designed by Horan Keoghan Ryan Architects (lead architect Peter Kable) and was developed to meet international standards of best practice. The building for dance (DanceHouse) signals a national commitment to dance unprecedented in Ireland.

Daghdha Dance Company's new building at St. John's Square, Limerick, was officially launched by John O'Donoghue T.D., Minister for Arts, Sport and Tourism. St. John's Church was restored and renovated with Arts Council and ACCESS funding, and will enable the company to continue to develop artistically in years to come. Daghdha also performed its *Evening of Dance* as part of the Éigse Carlow

Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon leis an rince trí shraith tionscadal forbartha agus trí mhaoiniú a sholáthar d'ealaíontóirí rince, do chompántais léiriúcháin rince agus do roinnt eochair-eagraíochtaí acmhainne.

Ós rud é gurb í an Chomhairle Ealaíon príomhfhoinse tacaíochta poiblí le haghaidh an rince in Éirinn, tá sé de bheartas aici tacaíocht a thabhairt chun eagraíochtaí a chomhdhlúthú le chéile agus leanúint ar aghaidh le forbairt bonneagair. Mar chuid den obair seo, thug líon suntasach ealaíontóirí rince a gcuid ama go fial le bheith i láthair, agus na ceisteanna a bhain leis an earnáil a phlé, le linn próisis chomhairliúcháin na Comhairle Ealaíon chun straitéis nua a cheapadh le haghaidh na n-ealaíon.

Céim an-tábhachtach maidir le cúrsaí rince in Éirinn ab ea bronnadh conartha ar Chumann Rinceoirí Gairmiúla na hÉireann (APDI) chun an foirgneamh saintógtha don rince a bhainistiú mar acmhainn rince i gcathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé suite ag Liberty Corner agus tógadh é trí comhpháirtíocht phoiblí/phríobháideach idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, McCabe Builders agus an Chomhairle Ealaíon. Ba iad na hAiltirí Horan Keoghan Ryan a dhear an áit, ba é Peter Kable an príomhailtire agus dearadh é chun na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le deachleachtais a bhaint amach. Léiríonn Teach seo an Rince go bhfuiltear tiomanta don rince in Éirinn ar bhealach nach rabhthas riamh roimhe seo.

Ba é an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, An tUas. John ODonoghue, T.D. a d'oscail foirgneamh nua an Chompántais Rince Daghdha go hoifigiúil ag Cearnóg Naomh Eoin, Luimneach. Athchóiríodh agus athnuadh Eaglais Naomh Eoin le maoiniú na Comhairle Ealaíon agus ACCESS agus cuirfidh sé ar chumas an chompántais forbairt ealaíne a dhéanamh sna blianta atá le teacht. Léirigh Daghdha a Thráthnóna Rince mar chuid d'Fhéile Ealaíon Éigse Cheatharlach agus

festival and presented four short solo works over the course of 2005.

Original productions were a feature of 2005. Coiscéim produced two new works: *Nutcracker,* choreographed by David Bolger, and *Knots,* choreographed by Liam Steel and awarded Best Production at the Dublin Fringe Festival. With the support of an Arts Council Commission Award, Rex Levitates commissioned a work by internationally acclaimed British choreographer Rosemary Butcher, *Six Frames Memories of Two Women.* Fabulous Beast received a significant increase in funding from the Arts Council towards the development of its new work, *The Bull,* which was presented at the O'Reilly Theatre as part of the Dublin Theatre Festival. Additionally, its co-production of *Giselle* with Dublin Theatre Festival in 2003, was presented at the Barbican in London. Irish Modern Dance Theatre presented a commission by US choreographer Chris Young at the Project Arts Centre and, finally, Siamsa Tíre presented *rEvolution* in the Mansion House as part of the Dublin Fringe Festival.

In ballet, Cork City Ballet presented *Nutcracker Suite* and *Divertissements,* as well as *Ballet Spectacular 2005.* Both productions toured and included performances in Dublin. Ballet Ireland presented two new productions: *The Diaghilev Programme* and *Alice.* Irish National Youth Ballet presented *Dances for Spring* and *The Nutcracker.*

léirigh siad ceithre cinn de sheónna gearra aonair i rith 2005.

Bhí bunléiriúcháin ina ngné shuntasach d'imeachtaí na bliana 2005. Léirigh Coiscéim dhá shaothar nua: *Nutcracker,* a ndearna David Bolger córagrafaíocht air, agus *Knots,* a ndearna Liam Steel córagrafaíocht air agus a bhain amach Gradam don Léiriú is Fearr ag Féile Imeallach Bhaile Átha Cliath. Fuair Rex Levitates Dámhachtain Coimisiún ón gComhairle Ealaíon a chuir ar a gcumas an saothar *Six Frames Memories of Two Women* a choimisiúnú ón gcóragrafóir Briotanach, Rosemary Butcher, a bhfuil moladh idirnáisiúnta faighte aici. Rinneadh méadú suntasach ar an maoiniú a fhaigheann Fabulous Beast ón gComhairle Ealaíon chun a saothar nua *The Bull* a fhorbairt. Cuireadh é seo i láthair san O'Reilly Theatre mar chuid d'Fhéile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath. Lena chois sin rinneadh comhléiriú ar *Giselle* i gcomhar le Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath 2003 agus léiríodh é sa Barbican i Londain. Chuir Irish Modern Dance Theatre saothar i láthair a ndearna an Córagrafóir as SAM, Chris Young, coimisiúnú air ag an Project Arts Centre agus, mar fhocal scoir, chuir Siamsa Tíre *Evolution* i láthair i dTeach an Ardmhéara mar chuid d'Fhéile Imeallach Bhaile Átha Cliath.

Maidir le bailé, chuir Cork City Ballet *Nutcracker Suite* agus *Divertissements* i láthair mar aon le *Ballet Spectacular 2005.* Tugadh an dá léiriú seo ar camchuairt agus taispeánadh iad i mBaile Átha Cliath. Chuir Ballet Ireland dhá léiriú nua i láthair: *The Diaghilev Programme* agus Alice. Chuir Compántas Náisiúnta Bailé Óige *Dances for Spring* agus *The Nutcracker* i láthair.

# Film / Scannáin

The Arts Council shares responsibility for public policy and support for film in Ireland with the Department of Arts, Sport and Tourism, Bord Scannán na hÉireann/The Irish Film Board and RTÉ. The Council works with these bodies in a number of initiatives to promote filmmaking and viewing in Ireland, while also encouraging more experimental filmmaking and supporting the filmmaker as artist. The Council also expresses its support for film in the form of grants to individuals, film resource organisations, film festivals and, in a targeted way, towards film production.

The Arts Council values highly its partnerships with organisations in the development and encouragement of creative filmmaking and has continued joint ventures with the Irish Film Board on the documentary scheme Documenting the Arts; with RTÉ on the series of short films *Dance on the Box;* with both RTÉ and the Irish Film Board on the animation scheme Frameworks; and with TG4 on the Irish language documentary scheme *Splanc!* Documenting the Arts, which has proven to be a highly successful and popular initiative, is now in its third year. The Arts Council initiated funding of the scheme and plans to continue its commitment, aiming to deliver up to five documentaries per year with financial support of €40,000 per film.

The major film festivals in Dublin, Galway and Cork, as well as smaller film festivals, such as Darklight and the Gay and Lesbian Film Festival, saw increased growth in audience attendance in 2005. *access CINEMA* continued to offer an exciting and varied programme of cultural cinema to its members across the country, enabling audiences to engage with a wide range of films regardless of geography.

The Cork International Film Festival celebrated its 50th anniversary in 2005 with a special

Tá cuid den fhreagracht as beartas poiblí agus tacaíocht do scannáin in Éirinn ar an gComhairle Ealaíon, mar aon leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Bord Scannán na hÉireann agus RTÉ. Oibríonn an Chomhairle leis na heagraíochtaí seo i roinnt tionscnamh chun déanamh scannán a spreagadh in Éirinn agus chun lucht féachana a chothú. Spreagaimid daoine chun scannáin níos turgnamhaí a dhéanamh agus déanaimid iarracht an scannánóir a fhorbairt mar ealaíontóir. Cuireann an Chomhairle tacaíocht ar fáil do lucht scannán ar bhealaí eile freisin: trí dheontais a thabhairt do dhaoine aonair, d'eagraíochtaí acmhainne, d'fhéilte scannán agus (ag díriú ar spriocanna cinnte) do léiriú scannán.

Is tábhachtach leis an gComhairle Ealaíon na comhpháirtíochtaí a bhíonn aici le heagraíochtaí eile chun an scannánóireacht chruthaitheach a fhorbairt agus a chothú. Chuige sin, leanadh de chomhfhiontair le Bord Scannán na hÉireann maidir leis an scéim faisnéise Faisnéis Ealaíne/ Documenting the Arts; agus le RTÉ i gcás na sraithe gearrscannán *Dance on the Box;* le RTÉ agus le Bord Scannán na hÉireann araon maidir leis an scéim bheochana Frameworks agus le TG4 ar an scéim chláir faisnéise Gaeilge, *Splanc!* D'éirigh thar cionn le Faisnéis Ealaíne/ Documenting the Arts mar thionscnamh, tá tóir an phobail air agus is í seo tríú bliain na sraithe. Ba í an Chomhairle Ealaíon a chuir maoiniú ar fáil ar dtús le haghaidh na scéime. Tá sé ar intinn aici déanamh mar a gheall sí agus cúig chlár in aghaidh na bliana a chur á ndéanamh agus maoiniú de €40,000 a bheith ar fáil i gcóir gach clár díobh.

Tháinig fás suntasach ar an lucht féachana ag na mórfhéilte scannán i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh agus i gCorcaigh. Tháinig borradh mar an gcéanna ar an lucht féachana ag féilte níos lú ná iad, mar shampla Darklight agus an Gay and Lesbian Film Festival. Lean *access CINEMA* air ag cur clár spreagúil ilchineálach scannán cultúrtha

week-long symposium on the short film. The festival also mounted a wide programme, providing a platform for local, national and international filmmakers to showcase their work.

The Fresh Film Festival in Limerick continued to offer young filmmakers opportunities to exhibit work and for audiences to experience new voices in Irish cinema.

The Galway Film Fleadh hosted two annual film festivals: the first festival, held in July, offers a week-long event of international importance, while the second, the Junior Film Fleadh in November, offers opportunities for younger audiences. The significance of these events for Irish film grows each year, promoting and supporting the industry while offering a programme of curated art house cinema, masterclasses, workshops and the events to foster co-production on a European and international level.

The Arts Council’s support continued to grow for many infrastructural organisations, such as Film Base and the Galway Film Centre, which provide essential training and facilities to filmmakers. The relocation of Film Base to new premises on Curved Street in Temple Bar facilitated the organisation in expanding its services and fulfilling its national remit.

ar fáil dá bhaill ar fud na tíre agus ag cur ar chumas lucht féachana breathnú ar réimse leathan scannán, is cuma cá bhfuil cónaí orthu.

Rinne an Cork International Film Festival ceiliúradh ar chothrom 50 bliain a bhunaithe le siompóisiam seachtaine faoin scannán gearr. Bhí clár leathan ann don bhféile agus deis ag lucht déanta scannán an cheantair, agus ó Éirinn nó níos faide i gcéin a gcuid saothar a thaispeáint.

Lean an Fresh Film Festival i Luimneach ar aghaidh ag tabhairt deiseanna do scannánóirí óga a gcuid saothar a chur ar taispeáint agus go n-aireodh lucht féachana guthanna nua i scannáin Éireannacha.

D'eagraigh Fleadh Scannán na Gaillimhe dhá fhéile bhliantúla scannán: reáchtáladh an chéad cheann ar feadh seachtaine i mí Iúil agus tábhacht idirnáisiúnta ag baint léi. Reáchtáladh Fleadh Scannán na hÓige i Samhain agus bhí deiseanna ar fáil do lucht féachana ní b'óige. Tá na himeachtaí seo ag éirí níos tábhachtaí in aghaidh na bliana maidir le cúrsaí scannán in Éirinn. Cuireann siad an tionscal chun cinn agus tugann siad tacaíocht dó. Cuireann siad clár feighlithe scannán ealaíne, máistir-ranganna, ceardlanna agus imeachtaí éagsúla ar fáil chun comhléiriú ar bhonn Eorpach agus idirnáisiúnta a chur chun cinn.

Lean an Chomhairle Ealaíon de bheith ag tacú le heagraíochtaí bonneagair ar nós FilmBase agus Ionad Scannán na Gaillimhe, a sholáthraíonn traenáil agus áiseanna riachtanacha do lucht déanta scannán. Athlonnaíodh Film Base sa tSráid Chuar i mBarra an Teampaill agus chuidigh sé leis an eagraíocht a seirbhísí a leathnú agus a sainordú náisiúnta a chomhlíonadh.

# Literature / Litríocht

2005 saw the marking of the tenth anniversary of the Ireland Literature Exchange (ILE) with a function held in the National Library. Having concentrated on further expansion into new territories, ILE is working through a total of twenty-three languages, including Japanese, Ukrainian, Latin American Spanish, French, Hungarian and Estonian. Four bursaries were awarded for literary translators, two from Argentina and two from Brazil. In partnership with the Arts Council, CLÉ and Poetry Ireland, ILE took part in a fact-finding tour to the Beijing Bookfair and visited a number of potential Chinese partners in Beijing, Shanghai and Nanjing.

2005 was also a landmark year for Achill's Heinrich Boll Centre, after the completion of renovations that were undertaken in 2004. The Centre's residency and bursary programme was reinstated after the work was brought to a successful conclusion.

Alongside its usual programme, the Munster Literature Centre took on a significant programme of literary events as part of Cork 2005. The Centre published thirteen translated volumes of poetry by leading European poets, rendered into English texts by poets such as Eiléan Ní Chuilleanáin, Bernard O'Donoghue, Patrick Galkin and Theo Dorgan. A parallel programme of thirteen book launches brought the European poets and their translators to Ireland and to a new audience. The Centre also established a mentor-in-residence programme, which was taken up by poet James Harpur.

0ver 50 authors were invited to the 2005 Cúirt International Festival of Literature in 2005, with a special focus on representing authors from the non-EU countries. The winner of the final of the monthly poetry slams, Stephen Murray, performed five gigs in Chicago and Detroit as part of his prize.

Rinneadh ceiliúradh ar chothrom deich mbliana bunú Malartán Litríochta Éireann (ILE) i 2005 le ócáid sa Leabharlann Náisiúnta. Tá an Malartán Litríochta tar éis a dhúthracht a dhíriú ar dhul i mbun oibre i réimsí nua agus tá sé ag obair trí mheán fiche trí theanga anois, lena n-áirítear Seapáinis, Úcráinis, Spáinnis Mheiriceá-Laidineach, Fraincis, Ungáiris agus Eastóinis. Dámhadh ceithre sparánacht ar aistritheoirí liteartha, beirt acu ón Airgintín agus an bheirt eile ón Bhrasaíl. Ghlac an Malartán Litríochta páirt i dturas taighde go haonach Leabhar Bhéising i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon, CLÉ agus Éigse Éireann, agus thug siad cuairt ar chomhpháirtithe Síneacha a d'fhéadfadh a bheith acu i mBéising, Shanghai agus Nainsing.

Bliain mhór ab ea 2005 ag Ionad Heinrich Boll in Acaill ó cuireadh críoch leis an obair dheisiúcháin a tosaíodh i 2004. Cuireadh clár cónaitheachtaí agus sparánachtaí an Ionaid ar siúl athuair nuair a cuireadh bailchríoch rathúil ar an obair.

Chuir Ionad Litríochta na Mumhan tús le clár suntasach imeachtaí liteartha mar chuid de Chorcaigh 2005. Leanfar díobh seo mar aon leis an ngnáthchlár a bhíonn acu. D'fhoilsigh an tIonad trí himleabhar déag d'fhilíocht na bhfilí sin is mó le rá san Eoraip i láthair na huaire agus iad aistrithe go Béarla ag filí ar nós Eiléan Ní Chuilleanáin, Bernard O'Donoghue, Patrick Galkin agus Theo Dorgan. Bhí trí sheoladh déag ann do na leabhair seo rud a thug na filí Eorpacha agus a n-aistritheoirí go hÉirinn lena gcur os comhair lucht léite nua. Lena chois sin bhunaigh an tIonad clár meantóra cónaithigh agus ghlac an file James Harpur an post.

Tugadh cuireadh do 50 údar freastal ar Fhéile Litríochta Idirnáisiúnta Cúirt 2005, i rith na bliana agus cuireadh béim faoi leith ar údair ó thíortha lasmuigh den AE. Ba é Stephen Murray a bhuaigh craobh chomórtas na filíochta aithrise agus ghlac sé páirt i gcúig sheó in Chicago agus Detroit mar chuid dá dhuais.

Poetry Ireland undertook a wide-ranging review of its writers-in-schools scheme with independent consultant Anne Gallagher. The review was supported by the Arts Council, and staff and specialists dedicated time to this important developmental project.

CLÉ the Irish Book Publishers' Association, piloted a new book-fair initiative, *Bookfest,* as part of the Dublin Writers' Festival, as the first stage in establishing a national and international Irish book fair. CLÉ also successfully re-established its biennial conference in 2005, involving a wide range of publishers from Ireland, north and south, in a discussion of the recent challenges to the sector and, consequently, the needs that have arisen.

The first promotional campaign for Irish language books took place in 2005, with the launch of the Seachtain na Gaeilge *Irish Language Books Promotional Campaign 2005,* a partnership initiative between the Arts Council/ An Chomhairle Ealaíon, Foras na Gaeilge, CLÉ, and ÁIS, the Irish language book distribution agency. The promotional campaign comprised a number of events in bookshops around the country which aimed to promote the wide range of high quality Irish language publications suitable for all levels of Irish speaker. The quarterly Irish journal, *An Léitheoir (a guide to new Irish literature),* published by Foras na Gaeilge, was redesigned in full colour, and information packs containing Irish publisher catalogues and posters were distributed for display purposes to booksellers and libraries to coincide with Seachtain na Gaeilge itself.

Key Irish language titles published during the year included a teenage fiction book, *Fuadach* by Áine Ní Ghlinn (published by Cois Life), *Lámh Láidir,* a novel by Joe Steve Ó Neachtain (published by Cló Iar-Chonnachta) and a first

Rinne Éigse Éireann athbhreithniú cuimsitheach ar Scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna atá acu i gcomhar leis an gcomhairleoir neamhspleách Anne Gallagher. Thug an Chomhairle Ealaíon tacaíocht don tionscadal tábhachtach forbartha seo agus chaith an fhoireann agus na speisialtóirí mórchuid ama leis.

Chuir Cumann Leabharfhoilsitheoirí na hÉireann, CLÉ, tús le tionscadal nua aonach leabhar *Bookfest* ar bhonn píolóta mar chuid d'Fhéile Scríbhneoirí Bhaile Átha Cliath, agus é seo mar chéad chéim chun aonach leabhar Éireannach a bhunú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. D'éirigh go breá le CLÉ freisin nuair a d'athbhunaigh siad a gcomhdháil dhébhliantúil i 2005. Bhí líon mór foilsitheoirí i láthair ó áiteanna in Éirinn, thuaidh agus theas agus phléigh siad na hathruithe atá tarlaithe le deireanas san earnáil seo agus na riachtanais atá ann dá mbarr.

Cuireadh tús le *Feachtas Bolscaireachta maidir le Leabhair Ghaeilge* le linn Sheachtain na Gaeilge 2005. Ba é seo an chéad feachtas dá shórt agus ba chomhpháirtíocht a bhí ann idir an Chomhairle Ealaíon, Foras na Gaeilge, CLÉ, Bord na Leabhar Gaeilge agus ÁIS - an ghníomhaireacht atá freagrach as leabhair Ghaeilge a dháileadh. Bhí imeachtaí éagsúla i siopaí leabhar ar fud na tíre mar chuid den fheachtas seo agus é mar aidhm acu réimse leathan foilseachán Gaeilge d'ardchaighdeán a chur chun cinn a bheadh oiriúnach do Ghaeilgeoirí ag gach leibhéal. Foilsíonn Foras na Gaeilge iris ráithiúil, *An Léitheoir, (treoir maidir le litríocht nua na Gaeilge)* agus rinneadh athdhearadh iomlán lándaite uirthi agus cuireadh pacáistí faisnéise léi ina raibh catalóga agus fógraí na bhfoilsitheoirí Gaeilge. Scaipeadh í ansin i measc díoltóirí leabhar agus leabharlanna le haghaidh Seachtain na Gaeilge.

I measc na bpríomhleabhar Gaeilge a foilsíodh i rith na bliana bhí an scéal ficsin do dhéagóirí, *Fuadach,* le hÁine Ní Ghlinn (foilsithe ag Cois Life), an t-úrscéal, *Lámh Láidir,* le Joe Steve Ó Neachtain

poetry collection by Phillip Cummings, *Néalta* (published by Coiscéim).

Pádraig Ó Cíobháin celebrated the end of a very successful three-year term as Irish language writer-in-residence in NUI Galway with the publication of *Go Nuige Seo 2005* (published by Coiscéim) which featured poetry and prose from 25 people who attended his creative writing workshops during his tenure. Poets Nuala Ní Dhomhnaill and Bríd Ní Mhóráin enjoyed residencies in the Kerry Gaeltacht with the support of Ealaín na Gaeltachta (the partnership organisation for the Arts Council and Údarás na Gaeltachta).

(foilsithe ag Cló Iar-Chonnachta) agus a chéad chnuasach filíochta, *Néalta,* le Phillip Cummings (foilsithe ag Coiscéim).

Rinne Pádraig Ó Cíobháin ceiliúradh ar na trí bliana rathúla a chaith sé mar scríbhneoir cónaitheach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le foilsiú *Go Nuige Seo 2005* (foilsithe ag Coiscéim) ina bhfuil filíocht agus prós a scríobh 25 dhuine a d'fhreastal ar na ceardlanna scríbhneoireachta cruthaitheacha a bhí aige i rith na tréimhse sin. Bhí cónaitheachtaí ag na filí Nuala Ní Dhomhnaill agus Bríd Ní Mhóráin i nGaeltacht Chiarraí le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta (eagraíocht chomhpháirtíochta na Comhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta).

# Music / Ceol

The Arts Council shares public policy and funding responsibility for music with a range of state bodies, representative organisations and local authorities. The Council's support for music organisations embraces a range of genres across a wide configuration of resource and service organisations, production companies, arts venues and festivals and events. Individual artists are fostered and supported through various Arts Council awards and schemes.

2005 was a busy year for Irish performing ensembles on the international circuit as well as at home. Contemporary music ensemble Concorde performed throughout the year in the National Gallery of Ireland as well as touring internationally to Italy and the UK. The ensemble was also appointed ensemble-in-residence at the Dublin Institute of Technology in 2005. The dynamic and innovative Crash Ensemble performed in Dublin, Cork, Clifden and London over the course of 2005 and highlights of the busy programme included the première of a commission by Arnold Dreyblatt and a concert with Gavin Bryars and Gavin Friday.

The Irish Baroque Orchestra delivered a busy programme in 2005, working with major international artists including Monica Huggett (in the National Concert Hall), Emma Kirkby (at the East Cork Early Music Festival) and Elizabeth Wallfisch (at the Ardee Baroque Festival). The Irish Chamber Orchestra maintained a high standard of performance in concerts in Dublin and Limerick, in its national tours and in the annual Shannon International Music Festival in Limerick. Guest artists included James Galway and Maxim Vengerov. The National Chamber Choir continued to deliver an impressive programme of concerts, in Dublin and touring across the country, while

Tá an Chomhairle Ealaíon agus réimse eagraíochtaí stáit, eagraíochtaí ionadaíochta agus údaráis áitiúla go léir freagrach as beartas poiblí agus maoiniú le haghaidh an cheoil. Tugann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht d'eagraíochtaí ceoil thar an raon iomlán seánraí, do raon leathan eagraíochtaí acmhainne agus seirbhíse, do chompántais léiriúcháin, d'ionaid tionóil ealaíon agus d'fhéilte agus d'imeachtaí ealaíon. Déantar ealaíontóirí aonair a chothú agus cuirtear tacaíocht ar fáil dóibh trí scéimeanna agus dámhachtainí éagsúla de chuid na Comhairle Ealaíon.

Bliain ghnóthach a bhí ann i 2005 ag ensembles na hÉireann a bhí ag seinm in Éirinn agus ar chamchuairteanna i gcéin. Sheinn an ensemble ceoil chomhaimseartha Concorde i rith na bliana i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann agus chuaigh siad ar thuras thar lear chun na hIodáile agus na Ríochta Aontaithe. Ceapadh iad mar ensemble cónaitheach in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i 2005. Sheinn an bhuíon fhuinniúil nuálaíoch, Crash Ensemble, i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, An Clochán agus Londain i rith 2005, agus ar bhuaicphointí an chláir ghnóthaigh a bhí acu bhí ceolchoirm le Gavin Bryars agus Gavin Friday agus an chéad léiriú a rinne siad ar shaothar a choimisiúnaigh Arnold Dreyblatt.

Bhí clár gnóthach ag Ceolfhoireann Bharócach na hÉireann i rith 2005 agus iad ag obair le healaíontóirí mór le rá, ina measc Monica Huggett sa Cheoláras Náisiúnta, le Emma Kirby le linn Féile Luathcheoil Oirthear Chorcaí agus le Elizabeth Wallfisch le linn Fhéile Bharócach Bhaile Átha Fhirdhia. Choinnigh Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann caighdeán ard léirithe sna ceolchoirmeacha a thug siad i mBaile Átha Cliath agus Luimneach, ina camchuairteanna ar fud na tíre agus ag Féile Ceoil Idirnáisiúnta na Sionainne i Luimneach. I measc na n-aoi-cheoltóirí bhí James Galway agus Maxim Vengerov. Lean an Cór Aireagail Náisiúnta ar aghaidh le clár suaithinseach

also continuing to collaborate with RTÉ and the Ulster Orchestra.

Music development organisations continued to develop and deliver their activities in order to serve musicians and audiences across the country in 2005. The Contemporary Music Centre continued to deliver key services in promotion, documentation and archival activities. Significantly in 2005, the organisation also collaborated in a sound art exhibition, *The Art of Sound (Cork 2005),* and collaborated in an exhibition with the Context Gallery and the Irish Museum of Modern Art.

In 2005, the Federation of Music Collectives (FMC) spearheaded a new initiative, *Music from Ireland,* bringing a coordinated approach to the promotion of Irish artists at major international rock/pop music fairs. The FMC also presented the Hard Working Class Heroes Festival in Dublin, featuring over 120 emerging and established bands. Improvised Music Company delivered an impressive year, mounting the ECM concert programme, presenting INTRO:05 (an educational programme for emerging artists), developing the Regional Touring Scheme to bring Irish artists to venues outside Dublin and collaborating with the Ballymun Regeneration Company on the *Breaking Ground* commission.

Music Network built increased profile in supporting performances by Irish artists and continued a strong tradition of presenting international acts. In 2005, Music Network recruited the traditional Irish music group Slide as a Young Musicwide ensemble. Through its extensive network of partner programmes, Music Network's concerts reach an extraordinarily wide range of audiences throughout the country. Also in 2005, Note Productions developed its Contemporaries Concert Series beyond Dublin and Cork to

ceolchoirmeacha i mBaile Átha Cliath agus le linn camchuairte ar fud na tíre, agus lena chois sin lean siad ar aghaidh ag comhoibriú le RTÉ agus le Ceolfhoireann Uladh.

Lean eagraíochtaí forbartha ceoil orthu i rith 2005 ag cur lena bhfuil á dhéanamh acu chun freastal ar cheoltóirí agus ar lucht féachana ar fud na tíre. Lean an tIonad Ceoil Chomhaimseartha air ag soláthar seirbhísí ríthábhachtacha maidir le poiblíocht, doiciméadú agus cúrsaí cartlainne. Rinne an eagraíocht comhoibriú thábhachtach i 2005 maidir leis an taispeántas ealaíne fuaime, *The Art of Sound* (Corcaigh 2005), agus chuir siad taispeántas ar siúl i gcomhar le Context Gallery agus Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann.

Chuir Cónaidhm na gComharghnónna Ceoil (FMC) tús i 2005 le tionscnamh nua, *Ceol ó Éirinn* a chuireann ealaíontóirí na hÉireann chun cinn ar bhealach comhordaithe ag aontaí móra Roc/Popcheoil. Chuir an FMC the Hard Working Class Heroes Festival i láthair i mBaile Átha Cliath, ina raibh 120 banna ceoil cruthaithe nó atá ag teacht chun cinn. Bhí bliain den scoth ag an Improvised Music Company i 2005. Chuir siad clár ceolchoirmeacha ECM ar siúl, chuir siad an clár oideachais d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn, INTRO:05, i láthair, d'fhorbair siad an Scéim Chamchuairte Réigiúnaí chun ealaíontóirí Éireannacha a thabhairt go hionaid lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, agus d'oibrigh siad i gcomhar le Comhlacht Athnuaite Bhaile Munna ar an gcoimisiún *Breaking Ground*.

Chuir Music Network le próifíl na gceoltóirí trí thacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí na hÉireann agus lean siad ar aghaidh ag cur ceolchoirmeacha idirnáisiúnta i láthair. D'earcaigh Music Network an grúpa traidisiúnta Éireannach Slide i 2005 mar ensemble Young Musicwide. Tá réimse leathan de chláir chomhpháirtíochta ag Music Network agus éiríonn leo dul i gcion ar réimse iontach leathan de lucht féachana ar fud na tíre ar an gcaoi sin. Lena chois sin chuir Note Productions

include concerts in Bray, Limerick and Belfast. The cutting-edge Northern Lights series in Dublin featured Nordic electronica and jazz, as well as the company's first commission from Cathal Coughlan.

The 9th World Harp Congress included commissions, concerts, discussions and masterclasses in 2005, and was attended by performers, teachers, composers, academics and music lovers.

West Cork Music celebrated its 10th Chamber Music Festival in Bantry with an impressive line-up of performers and an exciting programme of events. The organisation also celebrated Cork 2005 European Capital of Culture by mounting an extended Easter festival, European Quartet Week, featuring leading international quartets in performance in University College Cork and in venues throughout Cork.

a sraith Contemporaries Concert ar fáil lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh agus bhí ceolchoirmeacha acu i mBré, Luimneach agus Béal Feirste. Bhí Nordic electronica agus snagcheol ar siúl mar aon le léiriú den chéad choimisiún a fuair an comhlacht Northern Lights ó Cathal Coughlan nuair a chuir siad an tsraith ceannródaíoch ar siúl i mBaile Átha Cliath.

Bhí saothair choimisiúnaithe, ceolchoirmeacha, cainteanna agus máistir-ranganna ar siúl ag 9ú Comhdháil Cláirseoirí an Domhain (World Harp Congress) i 2005 agus bhí taibheoirí, múinteoirí, cumadóirí, daoine acadúla agus iad siúd a bhfuil a gcroí sa cheol i láthair.

Bhí an 10ú Féile Cheoil Aireagail i mBeanntraí ag West Cork Music agus ceoltóirí mór le rá agus clár spreagúil imeachtaí acu. Rinne an eagraíocht ceiliúradh ar Chorcaigh: Cathair Chultúrtha na hEorpa 2005 trí shíneadh a chur le féile na Cásca, le Seachtain na gCeathairéad Eorpach nuair a bhí na ceathairéid idirnáisiúnta ba mhó le rá ag seinm sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh agus in ionaid éagsúla ar fud Chorcaí.

# Opera / Ceoldráma

The Arts Council is the primary source of public support for opera production in Ireland, with RTÉ playing a significant role in providing orchestra resources and in mounting its own concert performances of opera. Three indigenous companies, funded by the Arts Council, provide the bulk of professionally produced opera in Ireland.

Wexford Festival Opera's first season under Artistic Director David Agler was deemed by many an encouraging return to form: well sung productions of Donizetti's *Maria di Rohan* and Fauré's *Pénélope* played alongside an engaging production of Floyd's more frequently performed opera, *Susannah*. The Cracow Philharmonic gave a fine performance especially for the Fauré opera, conducted by Jean-Luc Tingaud. The company also announced plans for the demolition of the Theatre Royal and the construction of a new opera house and studio theatre in Wexford with strong support from the Department of the Taoiseach. The sudden death of Chief Executive Jerome Hynes at the start of rehearsals for this season was an inestimable loss for the festival, and for the arts in Ireland; Hynes, who was also Deputy Chair of the Arts Council, was one of the most gifted arts managers and board members in the country.

Alongside a co-production of Mozart's *Die Zauberflöte* directed by Achim Freyer, Opera Ireland presented a challenging double bill of Zemlinsky's *A Florentine Tragedy* (based on a story by Oscar Wilde) and Puccini's *Gianni Schicchi* in the spring. This was followed by a well-received revival of the company's production of *Orfeo ed Eurydice* at the May Festival in Wiesbaden. The Gluck opera's Irish production team were also responsible for the winter production of Handel's *Imeneo.*

Is í an Chomhairle Ealaíon príomhfhoinse tacaíochta poiblí le haghaidh léirithe ceoldráma in Éirinn, cuireann RTÉ ceolfhoireann ar fáil dóibh go minic agus lena chois sin léiríonn sé ceoldrámaí mar cheolchoirmeacha dá chuid féin. Is iad na trí chompántas Éireannacha a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon, a léiríonn formhór na gceoldrámaí gairmiúla in Éirinn.

Cúis misnigh ag a lán daoine gur éirigh le Féile Ceoldrámaíochta Loch Garman caighdeán den scoth a bhaint amach le linn a chéad shéasúr faoina Stiúrthóir Ealaíne David Agler. Ba bhreá mar a canadh *Maria di Rohan* le Donizetti agus *Pénélopele* le Fauré agus ba mhealltach an léiriú a tugadh do *Susannah* le Floyd, ceoldráma a léirítear níos minice ná an chéad dhá cheann. Bhí léiriúcháin bhreátha ag Ceolfhoireann Fhiolarmónach Cracow go mór mór i gcás ceoldráma Fauré a bhí á stiúradh ag Jean-Luc Tingaud. D'fhógair an comhlacht pleananna chun an Theatre Royal a leagan go talamh agus áras nua ceoldrámaíochta agus amharclann stiúideo a thógáil i Loch Garman le tacaíocht láidir ó Roinn an Taoisigh. Buille tubaisteach don bhféile agus do na healaíona in Éirinn ab ea bás tobann an Phríomhfheidhmeannaigh Jerome Hynes ag tús réamhchleachtaí an tséasúir; bhí sé ina leaschathaoirleach ar an gComhairle Ealaíon agus ar cheann de na bainisteoirí ealaíon agus ball comhairle ba mhó tallann sa tír.

Rinne Ceoldráma Éireann comhléiriú ar *Die Zauberflöte* le Mozart a stiúir Achim Freyer, agus bhí léiriú dúshlánach dúbailte acu san earrach de *A Florentine Tragedy* le Zemlinsky (bunaithe ar scéal le hOscar Wilde) agus *Gianni Schicchi* le Puccini. Rinne siad athbheochan ar *Orfeo ed Eurydice le Gluck* ag Féile na Bealtaine i Wiesbaden ina dhiaidh sin, léiriú a thaitin go mór leis an lucht éisteachta. Léirigh siad *Imeneo* le Handel freisin i rith an gheimhridh.

Opera Theatre Company achieved box office success with its co-production and extensive tour of *La Bohème* in a new chamber arrangement. The company also mounted a revival of its extraordinary schools' opera, *Bug Off,* by Irish composer Stephen Deazley, as well as developing and producing a new production of Monteverdi's *The Coronation of Poppea* with members of the Irish Baroque Orchestra.

Bhí an-díol ar thicéid nuair a rinne an Opera Theatre Company comhléiriú ar *La Bohème* le cóiriú nua aireagail agus nuair a chuaigh siad ar chamchuairt leis. Rinne an comhlacht athbheochan ar a cheoldráma neamhghnách le haghaidh scoileanna, *Bug Off,* leis an gcumadóir ceoil Éireannach Stephen Deazley, agus lena chois sin d'fhorbair siad léiriú nua le Ceolfhoireann Bharócach na hÉireann de *L'incoronazione di Poppea (Corónú Poppea)* le Monteverdi.

# Theatre / Amharclannaíocht

In late 2004, the Arts Council commissioned *Socio-Economic Conditions of Theatre Practitioners in Ireland,* which was undertaken by Hibernian Consulting between February and September 2005. The centrepiece of the study was a survey of Irish theatre practitioners carried out between April and July 2005. Its aim was to assemble an evidence base on the economic and social conditions of Irish theatre practitioners and to do so in a way that would provide baseline data to allow future comparative studies to be undertaken. The study, published in October 2005, was the first such study undertaken in Ireland and provided both the Arts Council and the wider public with an essential understanding of the conditions in which theatre professionals live and work. It represents a vital contribution to public recognition and understanding of the unique working lives of some of our most visible artists.

Highlights of the Gate Theatre's year included a new play from Brian Friel, *The Home Place,* starring Tom Courtney, and, in association with the Dublin Theatre Festival, the production of an ambitious programme of works, *Pinter 75 – A Celebration,* in honour of playwright Harold Pinter's 75th birthday. The full canon of J.M. Synge's work was revived as part of DruidSynge in Galway, in Dublin, and on Inis Meáin, where Synge wrote *Riders to the Sea* and *Playboy of the Western World.* Also in 2005, the Abbey Theatre produced an all-male version of Oscar Wilde's *The Importance of Being Earnest,* which received significant audiences and critical success. Rough Magic performed on the Abbey Stage for the first time in 2005, with a revival of the highly acclaimed 2004 musical, *Improbable Frequency.*

Choimisiúnaigh an Chomhairle Ealaíon staidéar ar *Dhálaí Socheacnamaíocha Lucht Téatair in Éirinn* go déanach i 2004 agus rinne Hibernian Consulting an taighde idir Feabhra agus Meán Fómhair 2005. Ba é croí na hoibre seo an staidéar a rinneadh ar chleachtóirí amharclainne na hÉireann ó Aibreán go Iúil 2005. Ba é a bhí mar aidhm aige ná bonn fianaise a fháil faoi dhálaí socheacnamaíocha cleachtóirí amharclainne na hÉireann agus é seo a dhéanamh ar bhealach a chuirfeadh bonnlíne sonraí ar fáil le go bhféadfaí staidéir chomparáideacha a dhéanamh orthu amach anseo. Foilsíodh torthaí an staidéir seo i nDeireadh Fómhair 2005, agus ba é seo an chéad staidéar den sórt a rinneadh in Éirinn. Thug sé tuiscint bunúsach don Chomhairle Ealaíon agus don phobal i gcoitinne ar dhálaí oibre agus maireachtála gairmithe an téatair. Ba mhór an chabhair é chun go dtuigfeadh an pobal an saol faoi leith atá ag cuid dár n-ealaíontóirí is feiceálaí agus go dtabharfaidís aitheantas dóibh.

I measc buaicphointí Amharclann an Gate bhí *The Home Place,* dráma nua le Brian Friel, a raibh an phríomhpháirt ag Tom Courtney, agus léiriú i gcomhar le Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath, de chlár uaillmhianach saothar, *Pinter 75 – A Celebration,* in ómós chothrom lae breithe Harold Pinter, a bhí 75 bliain d'aois. Rinneadh léiriú nua ar shaothair uile J.M. Synge mar chuid de DruidSynge i nGaillimh, i mBaile Átha Cliath, agus ar Inis Meáin, áit ar scríobh Synge *Riders to the Sea* agus *The Playboy of the Western World.* Lena chois sin léirigh Amharclann na Mainistreach leagan de *The Importance of Being Earnest* le hOscar Wilde i 2005 ina raibh na páirteanna go léir ag fir. Chuaigh sluaite móra ag féachaint air agus thuil sé moladh ó na léirmheastóirí. Léiríodh Rough Magic don chéad uair in Amharclann na Mainistreach i 2005, mar aon leis an gceolra *Improbable Frequency* a moladh go hard nuair a chéad léiríodh é i 2004.

In a busy year for theatre production, Island Theatre Company toured a new production of *Under Milk Wood* with Jon Kenny and Myles Breen, while Pan Pan Theatre celebrated the contribution of actors in *One – Healing with Theatre,* a theatrical installation involving one hundred actors based in Ireland.

As part of its *Relocation* project with Cork 2005, Cork-based theatre company Corcadorca collaborated and presented with three other European site-specific theatre companies: Grid Iron (Scotland), Teatr Biuro Podrozy (Poland) and Compagnie Jo Bithume (France). The company's own production of *The Merchant of Venice* was a great critical and popular success.

For the first time, Rough Magic staged three productions from the emerging directors' strand of its *SEEDS* mentoring programme.

In addition to its annual conference, the Irish Theatre Institute (formerly Theatre Shop) presented a seminar, *Role of the Audience in the Process of Theatre Production & Performance,* with speakers Nancy Meckler (Shared Experience), Phelim McDermott (Improbable Theatre) and Deborah Shaw (Royal Shakespeare Company).

The Arts Council supported a number of theatre companies with once-off production funding in 2005, including Landmark Productions' *The Goat, or who is Sylvia?* (directed by Michael Barker-Cavan) and Siren Productions' *Titus Andronicus* (directed by Selina Cartmell). Both received popular and critical success.

Bliain ghnóthach a bhí ann ó thaobh chúrsaí amharclannaíochta de. Chuaigh an Island Theatre Company ar chamchuairt le léiriú nua de *Under Milk Wood* le Jon Kenny agus Myles Breen, agus rinne Compántas Amharclainne Pan Pan ceiliúradh ar a bhfuil déanta ag aisteoirí le *One – Healing with Theatre*, suiteáil amharclannaíochta inar ghlac céad aisteoir atá bunaithe in Éirinn páirt ann.

D'oibrigh an compántas amharclainne Corcadorca atá bunaithe i gCorcaigh i gcomhar le trí chompántas amharclainne eile atá bunaithe in áiteanna faoi leith: Grid Iron (in Albain), Teatr Biuro Podrozy (sa Pholainn) and Compagnie Jo Bithume (sa bhFrainc) ag cur ábhar i láthair mar chuid dá thionscnamh *Relocation* le Corcaigh 2005. D'éirigh thar cionn leis an léiriú a rinne an compántas féin den *Merchant of Venice* agus thuill siad ardmholadh ó na léirmheastóirí.

D'éirigh le Rough Magic trí léiriú a dhéanamh don chéad uair riamh de thoradh na coda sin dá chlár *SEEDS* a bhaineann le léiritheoirí atá ag teacht chun cinn.

Ní amháin go raibh a gnáth chomhdháil bhliantúil ar siúl ag Institiúid Amharclannaíochta na hÉireann ach bhí seimineár acu faoi *Role of the Audience in the Process of Theatre Production & Performance,* ag a labhair Nancy Meckler (ó Shared Experience), Phelim McDermott (ó Improbable Theatre) agus Deborah Shaw (ón Royal Shakespeare Company).

Chuir an Chomhairle Ealaíon maoiniú aonuaire ar fáil mar thacaíocht léiriúcháin do roinnt compántais amharclainne i 2005 lena n-áirítear na léirithe a rinne Landmark Productions ar *The Goat, or who is Sylvia?* (faoi stiúir Michael Barker-Cavan) agus *Titus Andronicus* le Siren Productions (faoi stiúir Selina Cartmell). D'éirigh leo araon lucht féachana a mhealladh chucu agus thuill siad moladh ó na léirmheastóirí.

# Traditional Arts / Na hEalaíona Traidisiúnta

2005 year marked the beginning of a new and robust engagement between the Arts Council and the traditional arts community. Following the publication of *Towards a Policy for the Traditional Arts* in 2004 by a special committee established by the Minister for Arts, Sport and Tourism, John O'Donoghue T.D., the Arts Council appointed a Traditional Arts Specialist in March and adopted a new policy for the area in May. To underline its intent to prioritise the traditional arts within the Council's activities, the Arts Council also outlined plans for a three-year Traditional Arts Initiative (2005-2008) and allocated €3 million to the initiative for its first full year (2006), as well as committing to significant ongoing financial support. In June 2005, €500,000 was received from the Minister for Arts, Sport and Tourism to allow work under the initiative to begin.

In September, a new funding scheme for traditional artists and organisations, Deis, was launched in Dingle/An Daingean by the Minister for Arts, Sport and Tourism. The launch was celebrated by a special showcase, *The Given Note,* featuring over a dozen traditional musicians, singers, dancers and storytellers from around the country. Deis is a proposal-based scheme which is aimed at encouraging and facilitating the traditional arts community to seek funding from the Arts Council for a range of projects. It operates on a rolling basis and a team of advisers is available to assist potential applicants in preparing their proposals. In 2005, 61 projects were funded under Deis amounting to €292,647.

The traditional arts organisations and events supported by the Arts Council through revenue funding in 2005 were: the Irish Traditional Music Archive; Na Píobairí Uilleann; Cairdeas na bhFidleiri; Scoil Samhraidh Willie

Cuireadh tús i 2005 le caidreamh fuinniúil nua idir an Chomhairle Ealaíon agus lucht na n-ealaíon traidisiúnta. Cheap an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, an tUasal John O'Donoghue, T.D. coiste speisialta a d'fhoilsigh *I dTreo Bheartas um na hEalaíona Traidisiúnta* i 2004. Cheap an Chomhairle Ealaíon Speisialtóir sna hEalaíona Traidisiúnta i mí an Mhárta dar gcionn agus ghlac le beartas nua don réimse seo i mí na Bealtaine. Ghlac an Chomhairle Ealaíon le Tionscnamh Ealaíon Traidisiúnta 2005-2008 mar chruthúnas gur mhian leo tús áite a thabhairt do na healaíona traidisiúnta mar chuid de ghníomhaíochtaí na Comhairle, agus leithdháileadh €3 milliún don tionscnamh i rith na chéad bhliana iomláine (2006) agus dhearbhaigh siad go gcuirfidís maoiniú shuntasach leanúnach ar fáil ina dhiaidh sin. Fuarthas €500,000 ón Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i Meitheamh 2005 chun go bhféadfaí tosú ar obair faoin scéim seo.

Chuir an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta tús leis an scéim Deis i mí Mheán Fómhair sa Daingean. Scéim nua mhaoinithe í seo le haghaidh na n-ealaíon traidisiúnta. Bhí breis agus dáréag ceoltóirí, amhránaithe, rinceoirí agus scéalaithe ó áiteanna éagsúla ar fud na tíre i láthair chun taispeántas speisialta *The Given Note* a chur ar siúl chun an lainseáil a cheiliúradh. Is scéim togra-bhunaithe í Deis a bhfuil sé d'aidhm aici pobail na n-ealaíon traidisiúnta a spreagadh le maoiniú a lorg ón gComhairle Ealaíon i leith raon tionscadal. Feidhmeofar an scéim ar bhonn leantach agus beidh foireann comhairleoirí ann le cabhrú le daoine ar mhian leo cur isteach air a gcuid tograí a ullmhú. Tugadh maoiniú de €292,647 do 61 tionscnamh faoi Dheis i rith 2005.

I measc na n-eagraíochtaí agus na n-imeachtaí ealaíon traidisiúnta ar thacaigh an Chomhairle Ealaíon leo i 2005 trí mhaoiniú ioncaim a sholáthar bhí Taisce Cheol Dúchais Éireann, Na Píobairí Uilleann, Cairdeas na bhFidléirí, Scoil Samhraidh Willie Clancy, Ionad Cultúrtha Séamus

Clancy; the Séamus Ennis Cultural Centre; Glór Irish Music Centre, and Plearace.

Many other arts organisations in receipt of revenue funding include traditional arts programming as part of their activities, such as the Earagail Arts Festival in Donegal and multi-disciplinary venues such as St. John's Theatre in Listowel.

2005 also saw an increase in the number of traditional arts festivals and events around the country supported through the Small Festivals Scheme, including Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy in Donegal, the Frankie Gavin International Fiddle Festival in Galway, the Johnny Keenan Banjo Festival in County Longford and Dunboyne CCÉ *Trad Fest* in Meath. Several traditional arts organisations received support through minor capital grants, including Na Píobairí Uilleann, Glór Irish Music Centre, Irish Traditional Music Archive and John McKenna Traditional Music Society.

Ennis, Glór - Cliabhán Cheol na hÉireann, agus Pléaráca. I measc na n-eagraíochtaí eile ealaíon a bhfuil na healaíona traidisiúnta mar chuid dá ngníomhaíochtaí is a fhaigheann ioncam reatha ón gComhairle Ealaíon tá Féile Ealaíon an Earagail i nDún na nGall agus ionaid tionóil ildisciplíneacha mar Amharclann Naomh Eoin i Lios Tuathail.

Tharla méadú ar líon féilte agus imeachtaí na n-ealaíon traidisiúnta ar fud na tíre a fhaigheann tacaíocht trí Scéim na bhFéilte Beaga i rith 2005, lena n-áirítear Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy i nDún na nGall, Féile Idirnáisiúnta Fidléireachta Frankie Gavin i nGaillimh agus Féile Bainseó Johnny Keenan i gContae an Longfoirt agus *Féile Thraidisiúnta* CCÉ Dhún Búinne sa Mhí. Cuireadh fóirdheontais bheaga chaipitil ar fáil le haghaidh a lán eagraíochtaí ealaíon traidisiúnta, lena n-áirítear Na Píobairí Uilleann, Glór - Cliabhán Cheol na hÉireann, Taisce Cheol Dúchais Éireann, agus Cumann Ceoil Thraidisiúnta John McKenna.

# Visual Arts / Na Física Ealaíona

While a number of public agencies and national institutions are involved in collecting and exhibiting art, the Arts Council is a principal source of support to visual artists and the visual arts. The artist is at the core of the Arts Council's support for the visual arts and enables visual artists to make work through the provision of awards, grants to studios and residency programmes. The Council funds resource organisations that provide studio space, information, printmaking and sculpture facilities. It also supports artistic programming costs incurred by galleries and arts centres offering open and curated exhibition opportunities to artists and developing audiences for the visual arts.

As part of a shared initiative with the Arts Council of Northern Ireland (ACNI) during the year, the Arts Council supported a joint exhibition of the collections of both arts councils, Four Now. At the invitation of curator Sarah Glennie, contemporary artists from the Republic and Northern Ireland selected works by artists of a previous generation to create an exciting exhibition in the Lewis Glucksman Gallery, Cork. Glennie also curated Ireland's participation at the 51st Venice Biennale, an initiative of Culture Ireland which continues to be supported by the Arts Council.

The Arts Council has continued to broaden and consolidate its partnerships with a range of other stakeholders, including the Embassy of Ireland, Rome; the Irish Museum of Modern Art; *Printed Project;* Limerick School of Art and Design; and the Dún Laoghaire Institute of Art, Design and Technology.

The Cork *Caucus* project, organised by curators Annie Fletcher and Charles Esche and artists' collective art/not art, featured a strong combination of workshops, guest

Bíodh is go bhfuil roinnt gníomhaireachtaí poiblí agus institiúidí náisiúnta gníomhach maidir le saothair ealaíne a bhailiú agus a thaispeáint, tá an Chomhairle Ealaíon ar cheann de na príomhfhoinsí tacaíochta d'ealaíontóirí agus do na físealaíona. Is iad na healaíontóirí atá i gcroílár na tacaíochta a chuireann an Chomhairle Ealaíon ar fáil do na físealaíona agus is trí dhámhachtainí, trí dheontais agus trí chláir chónaitheachta, a chuireann sí ar a gcumas saothair a chruthú. Cuireann an Chomhairle maoiniú ar fáil d'eagraíochtaí acmhainne a chuireann spás stiúideo, faisnéis, agus áiseanna le haghaidh déanamh priontaí agus dealbhóireachta ar fáil. Cuireann sé tacaíocht ar fáil do ghailearaithe agus ionaid ealaíon maidir le costas na gclár ealaíne a bhíonn acu chun deiseanna oscailte agus feighlíochta taispeántais a sholáthar agus lucht féachana níos fairsinge a chruthú ar son na bhfísealaíon.

Bhí comhthionscnamh ag an gComhairle Ealaíon i rith na bliana i gcomhar le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann agus thug siad tacaíocht do chomhléiriú bailiúchán an dá Chomhairle Ealaíon, Four Now. Roghnaigh ealaíontóirí ón bPoblacht agus ó Thuaisceart Éireann saothair a rinne ealaíontóirí na glúine rompu, ar iarratas an fheighlí Sarah Glennie, agus chuir siad taispeántas spreagúil ar fáil i nGailearaí Lewis Glucksman i gCorcaigh. Bhí Glennie ina feighlí freisin ar rannpháirtíocht na hÉireann san 51ú Venice Biennale. Tionscnamh é seo de chuid Cultúr Éireann, eagraíocht atá ag fáil tacaíochta i gcónaí ón gComhairle Ealaíon. Lean an Chomhairle Ealaíon ar aghaidh ag leathnú agus ag daingniú na gcomhpháirtíochtaí atá aici le páirtithe leasmhara eile, lena n-airítear, ambasáid na hÉireann sa Róimh; Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann; Printed Project; Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh; agus Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.

Bhí meascán cumasach de cheardlanna, aoi-chainteoirí, taispeántais agus imeachtaí ag

speakers, exhibitions and events designed to critique Cork 2005 Capital of Culture from a local perspective. Informed by international discourses on art, politics and everyday life, the project worked to create a wider reach for Cork 2005, beyond traditional cultural interest groups.

In Sligo, the *Site-ations* project focused on collaborative projects and international exchange. The Irish aspect, *Sense in Place,* was guest curated by Anna MacLeod and examined the politics of the local and how artist-led initiatives describe this.

The RHA, the Model Arts and Niland Gallery and the Limerick City Gallery of Art collaborated in 2005 to organise a tri-venue tour of a significant exhibition of work by William Kentridge. The project demonstrated a new level of institutional cooperation in the visual arts.

At its AGM in 2005, members of the Sculptor's Society of Ireland formally changed the name of the organisation to Visual Artists Ireland, to reflect the newly instituted provisions to serve the wider visual arts community through access to information and advocacy. 2005 was also a pivotal year for TULCA in Galway, with renewed participation by local artists and stakeholders in its visual arts programme.

Tionscadal Cácas Chorcaí, a d'eagraigh na feighlithe Annie Fletcher agus Charles Esche agus ag an meitheal ealaíontóirí art/not art, agus é d'aidhm acu léirmheas áitiúil a dhéanamh ar Chorcaigh 2005, Cathair Chultúrtha. Bhí an tionscadal faoi anáil tráchtas idirnáisiúnta faoi chúrsaí ealaíon, polaitíochta agus an ghnáthshaoil agus é de chuspóir aige réimse níos leithne a chruthú le haghaidh Corcaigh 2005 ná mar a bhíonn ag grúpaí sainspéise cultúrtha traidisiúnta.

Dhírigh tionscadal *Site-ations* i Sligeach ar thionscadail chomhoibre agus ar mhalartú idirnáisiúnta. Bhí Anna MacLeod ina haoi-fheighlí ar The Irish aspect, *Sense in Place* a scrúdaigh polaitíocht an cheantair áitiúil agus an chaoi a dhéanann na tionscnaimh a bhíonn á stiúradh ag ealaíontóirí cur síos uirthi.

D'oibrigh Acadamh Ríoga na hÉireann, the Model Arts and Niland Gallery agus Dánlann Chathair Luimnigh i gcomhar le chéile i 2005 chun saothair shuntasacha de chuid William Kentridge a chur ar chamchuairt go trí ionad. Léirigh an tionscadal seo comhoibriú ar leibhéal nua idir institiúidí maidir leis na físealaíona.

D'athraigh Cumann Dealbhóirí Éireann ainm na heagraíochta go hoifigiúil go Físealaíontóirí Éireann ag a gCruinniú Cinn Bhliana i 2005 mar aitheantas do na forálacha nuacheaptha atá acu freastal ar phobal físealaíon níos leithne trí fhaisnéis a chur ar fáil agus abhcóideacht a dhéanamh. Bliain fhíorthábhachtach a bhí i 2005 do TULCA i nGaillimh, agus páirt níos mó á ghlacadh ag ealaíontóirí áitiúla agus páirtithe leasmhara ina gclár físealaíon.





ORDER, an exhibition of work by Bea McMahon
ORDER, taispeántas saothair le Bea McMahon



## Arts and Disability

As part of the development of *Partnership for the Arts,* the Arts Council undertook a comprehensive consultation process with the arts and disability sector, resulting in the publication of a specific policy paper and action plan for this distinct area of arts development. Priorities for 2006 – 2008 include capacity building in organisations, establishment of networks and the provision of specialist expertise. Additionally, the Arts Council committed to the development and dissemination of best practice guides to support the growing number of artists and organisations working in this area.

In 2005, in partnership with the Arts Council of Northern Ireland (ACNI), the Arts Council updated and revised the *Arts and Disability Handbook,* which was first jointly published by the organisations in 1995. The publication was widely disseminated and is now available on the websites of both organisations, to ensure that people can continually access the resource.

During the year, the Arts Council continued to develop its partnerships with key stakeholders in the sector, including Arts and Disability Ireland, the Arts and Disability Forum Northern Ireland and the National Disability Authority.

## Arts and Health

In the area of arts and health, the Arts Council developed a specific policy statement and action plan, as part of the development of *Partnership for the Arts.* The action plan reflected both the outcome of an extensive consultation process and the needs expressed at the *Arts and Health Conference 2004.* Specific priority was assigned to supporting individual artists developing their practice in healthcare settings and to supporting quality

Chuaigh an Chomhairle Ealaíon i mbun próisis chuimsithigh chomhairliúcháin leis an earnáil ealaíon agus míchumais mar chuid d'fhorbairt na *Comhpháirtíochta ar son na nEalaíon*. Foilsíodh páipéar beartais faoi leith agus plean gníomhaíochta don réimse sonrach seo d'fhorbairt ealaíon. I measc na dtosaíochtaí atá ann don tréimhse 2006 – 2008 tá cur le cumas eagraíochtaí, cruthú líonraí agus saineolas speisialtóireachta a chur ar fáil. Lena chois sin tá rún ag an gComhairle Ealaíon treoracha a fhorbairt maidir leis an gcleachtas is fearr agus iad a scaipeadh mar thacaíocht do na healaíontóirí agus na heagraíochtaí atá ag obair sa réimse seo agus a bhfuil a líon ag dul i méid i gcónaí.

D'oibrigh an Chomhairle Ealaíon i gcomhar le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann (ACNI) chun athbhreithniú a dhéanamh ar an *Arts and Disability Handbook* agus é a thabhairt cothrom le dáta. Rinne an dá eagraíocht é a chomhfhoilsiú i 1995. Scaipeadh go forleathan é agus tá sé ar fáil ar shuímh gréasáin an dá eagraíocht le déanamh cinnte go bhfuil fáil ag daoine air i gcónaí mar acmhainn.

Lean an Chomhairle Ealaíon uirthi i rith na bliana ag forbairt na gcomhpháirtíochtaí atá aici leis na príomhpháirtithe leasmhara san earnáil seo, ina measc, Arts and Disability Ireland, Arts and Disability Forum Thuaisceart Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais.

## Na hEalaíona agus Sláinte

D'fhorbair an Chomhairle Ealaíon ráiteas faoi leith maidir le beartas i réimse na n-ealaíon agus sláinte mar aon le plean gníomhaíochta. Cuid d'fhorbairt na *Comhpháirtíochta ar son na nEalaíon é seo.* Léirigh an plean gníomhaíochta toradh próisis chomhairliúcháin fhorleathain agus na riachtanais a luadh ag an *gComhdháil um na hEalaíona agus Sláinte 2004.* Tugadh tús áite do thacú le healaíontóirí aonair a gcleachtais a fhorbairt i gcomhthéacs cúram sláinte agus

arts projects in healthcare contexts. Specialist resource services, including training and education, were highlighted as necessary for the ongoing development and sustainability of this rapidly growing field of arts practice. Additionally in 2005, the Arts Council was represented on the Health Services Executive (HSE), Eastern Region Arts Committee.

**Arts in Schools**
*Towards Best Practice Research Project*
The Arts Council collaborated with the Department of Education and Science on the *Towards Best Practice* action research project during 2005. The project was conceived in response to the introduction of new and revised arts curricula and syllabi at primary and post-primary schools. An increasing number of teachers and schools are accessing arts resources in their local communities to enhance the teaching and learning of the arts curricula and, as such, require increased support in ensuring that the young person's experience of the arts is a quality one. The initiative brought together a core group of people with expertise in arts and schools collaboration and was representative of different arts disciplines and practices involving schools from primary and post-primary levels. The purpose of the initiative was to arrive at a shared understanding of the principles and guidelines that underpin good arts and schools' practice. The project was funded by the Central Policy Unit of the Department of Education and Science and the Arts Council.

*Schools' Exhibition Project Scheme*
In 2005, education centres across the country were offered the opportunity to host one of the Arts Council's *Schools' Shows* under the *Schools' Exhibition Linkage* programme. The *Schools' Shows* consists of ten exhibitions commissioned by the Arts Council between

tacú le tionscadail ealaíon d'ardchaighdeán sa chomhthéacs céanna. Leagadh béim ar a riachtanaí is a bhí seirbhísí acmhainní speisialtóireachta, lena n-áirítear oiliúint agus oideachas, má tá an réimse seo le forbairt agus le bheith inbhuanaithe. Lena chois sin bhí ionadaíocht ag an gComhairle Ealaíon ar Choiste Ealaíon Réigiún an Oirthir d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i rith 2005.

**Na hEalaíona sna Scoileanna**
*Tionscadal I dTreo an Chleachtais is Fearr* D'oibrigh an Chomhairle Ealaíon i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i rith 2005 maidir le tionscadal taighde gníomhaíochta a bhain le *I dTreo an Chleachtais is Fearr.* Ceapadh an tionscadal seo toisc gur tugadh isteach curaclaim agus siollabais ealaíne nua, nó leasaithe, sna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Tá níos mó múinteoirí agus scoileanna ná riamh ag baint leasa as acmhainní ealaíon atá ar fáil sna pobail ina bhfuil siad agus á n-úsáid le feabhas a chur ar mhúineadh agus foghlaim na gcuraclam ealaíon. Tá cabhair ag teastáil le cinntiú go mbeidh taithí den scoth ag daoine óga ar na healaíona. Tháinig grúpa beag daoine le chéile don tionscnamh seo a bhfuil saineolas acu ar na healaíona agus ar chomhoibriú le scoileanna agus daoine ina measc a phléann leis na cineálacha éagsúla ealaíon agus cleachtais a bhíonn ar siúl sna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Ba í aidhm an tionscnaimh ná teacht ar chomhthuiscint faoi na prionsabail agus na treoirlínte a bhaineann le cleachtas maith ealaíon sna scoileanna. Ba iad Láraonad Polasaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus an Chomhairle Ealaíon a rinne maoiniú ar an tionscadal.

*Tionscadal na dTaispeántas Scoile*
Tugadh deis d'ionaid oideachais ar fud na tíre i 2005 óstáil a dhéanamh ar cheann de *Seónna na Scoileanna* de chuid na Comhairle Ealaíon mar chuid de *Nasc-chlár na dTaispeántas Scoile.* Is éard atá sna *Taispeántais Scoile* na deich dtaispeántas

1986 and 1999 and seeks to introduce the work of contemporary Irish artists to young people. The Schools' Exhibition Project scheme was offered for the first time in 2005 in order to provide opportunities for schools to interact with the exhibitions in collaboration with artists. Artists practicing in different artforms are eligible to collaborate in the scheme, which is open to the ten education centres who host the exhibitions. Five projects were funded under the Schools' Exhibition Project scheme, amounting to €20,000 in total.

**Cultural Contact Point Ireland**
The European Cultural Contact Point (CCP) of the Arts Council aims to promote international cultural cooperation and networking with emphasis on providing information on EU funding and other European opportunities.

Last year, ten additional countries joined the EU, creating a new EU neighbourhood. In light of this, and in anticipation of the inclusion in EU funding programmes of more applicant and neighbouring countries to the EU, the CCP concentrated on building new links and contacts.

Throughout the year, the European Cultural Contact Point provided an enquiries service relating to EU funding for culture, international contacts and international exchange and project development, and also provided information about arts and culture in Ireland to people enquiring from overseas. It held over 80 one-to-one and small group advisory meetings with people developing international projects. It provided monthly CCP news updates about EU funding and policy, as well as international networks and related opportunities, in the Arts Council's electronic newsletter. It also notified over 2,000 contacts by post of the publication of

a ndearna an Chomhairle Ealaíon coimisiúnú orthu idir 1986 agus 1999 agus é mar aidhm acu saothar le healaíontóirí comhaimseartha na hÉireann a chur i láthair daoine óga. Cuireadh Scéim na dTaispeántas Scoile ar fáil don chéad uair i 2005 chun deiseanna a thabhairt do scoileanna blaiseadh de na taispeántais i gcomhar le healaíontóirí. Tá ealaíontóirí sna foirmeacha éagsúla ealaíne i dteideal páirt a ghlacadh sa scéim seo agus is féidir leis na deich ionad oideachais óstáil a dhéanamh orthu. Tugadh maoiniú do chúig thionscadal faoi Scéim na dTaispeántas Scoile agus b'ionann é sin agus €20,000 san iomlán

**Pointe Teagmhála Cultúrtha na hÉireann**
Is é an aidhm atá le Pointe Teagmhála Cultúrtha na hEorpa (CCP) na Comhairle Ealaíon ná comhoibriú cultúrtha idirnáisiúnta agus líonrú a chur chun cinn agus leagtar béim ar fhaisnéis a sholáthar faoi mhaoiniú an AE agus deiseanna Eorpacha eile.

Ghlac deich stát nua ballraíocht san AE anuraidh agus chruthaigh siad comharsanachta nua san AE. Tá an Pointe Teagmhála Cultúrtha ag díriú ar naisc agus teagmhálacha nua a chruthú dá bharr sin agus táthar ag súil go leathnófar cláir mhaoinithe an AE chuig breis tíortha ar iarrthóirí iad agus tíortha comharsanachta.

Chuir Pointe Teagmhála Cultúrtha na hEorpa seirbhís fiosrúcháin ar fáil i rith na bliana faoin maoiniú a sholáthraíonn an tAE le haghaidh cúrsaí cultúir agus le haghaidh teagmhálacha agus malartaithe agus forbairt tionscadal, agus chuireadar faisnéis ar fáil do dhaoine thar lear a bhí cur ceisteanna faoi chúrsaí ealaíon agus cultúir in Éirinn. Reáchtáladh breis agus 80 cruinniú comhairleacha le daoine aonair nó le grúpaí beaga a bhí ag forbairt tionscadail idirnáisiúnta. Soláthraíonn an Pointe Teagmhála Cultúrtha an scéal is déanaí faoi bheartais agus mhaoiniú an AE maraon le líonraí idirnáisiúnta agus deiseanna den sórt. Foilsítear é seo gach mí i nuachtlitir

the call for proposals for the *Culture 2000 Programme.*

In February, the European Cultural Contact Point worked with the Chester Beatty Library to organise an information and partnership development meeting in Dublin, which focused on art education, curatorship and intercultural participation in museums.

In June, CCP Ireland gave a presentation at a meeting of the European Cultural Contact Points during the Luxembourg Presidency of the EU on the challenges for artists and cultural organisations working across borders, and on the question of sustaining work arising from short-term projects. CCP Ireland also prepared and facilitated a workshop on the widening role of CCPs.

Later that month, CCP Ireland worked with Theatre Forum Ireland to support the involvement of Robyn Archer, artistic director of Liverpool European Capital of Culture 2008 and director Silviu Purcarete in the annual conference of Theatre Forum, which was held in Cork during its tenure as European Capital of Culture 2005.

In addition to this, CCP Ireland organised the participation of representatives from the Irish Traditional Music Archive, the Contemporary Music Centre and Irish Theatre Online in a conference on culture and online information provision. This also took place in June in Nantes, in cooperation with the *On the Move Mobility Portal* team partners.

In July, CCP Ireland made a presentation at a European conference in Cork, *The Role of Culture in Urban Development.*

Also, in November and December, CCP Ireland provided an information stall at the *55° and Rising* symposium organised by Fishamble Theatre Company and at *Trade*

leictreonach na Comhairle Ealaíon. Lena chois sin chuir sé scéal sa phost chuig 2,000 dá lucht teagmhála faoin nglao ar thograí le haghaidh *Clár Cultúr 2000.*

D'oibrigh Pointe Teagmhála Cultúrtha na hEorpa i gcomhar le Leabharlann Chester Beatty chun cruinniú eolais agus forbairt comhpháirtíochta a eagrú i mBaile Átha Cliath, a bhí dírithe ar oideachas ealaíne, cúrsaí feighlithe agus ar rannpháirtíocht idirchultúrtha i gcás músaem.

Thug Pointe Teagmhála Cultúrtha na hÉireann léiriú i mí an Mheithimh do Pointí Teagmhála na hEorpa le linn Uachtaránacht Lucsamburg ar an AE maidir leis na dúshláin atá ann d'ealaíontóirí agus eagraíochtaí cultúrtha a oibríonn thar teorainneacha, agus na fadhbanna a bhaineann le hobair a eascraíonn ó thionscadail ghearrthéarmacha a choinneáil ar siúl. D'ullmhaigh Pointe Teagmhála Cultúrtha na hÉireann ceardlann faoin leathnú atá ag teacht ar ról na bPointí Teagmhála Cultúrtha agus rinneadar í a éascú.

D'oibrigh Pointe Teagmhála Cultúrtha na hÉireann i gcomhar le Theatre Forum Éire ag tacú le hobair Robyn Archer agus Silviu Purcarete i gcomhdháil bhliantúil Theatre Forum a bhí ar siúl i gCorcaigh agus í mar Chathair Chultúrtha na hEorpa 2005. Tá Robyn ina stiúrthóir ealaíne ar Learpholl mar Cathair Chultúrtha na hEorpa 2008 agus tá Silviu ina stiúrthóir.

Lena chois sin shocraigh Pointe Teagmhála Cultúrtha na hÉireann go mbeadh ionadaithe ag Taisce Cheol Dúchais Éireann, an tIonad Ceoil Chomhaimseartha agus Amharclann Éireann ar Líne i láthair ag comhdháil faoi chultúr agus soláthar faisnéise ar líne. Bhí sé seo go léir ar siúl i Meitheamh i Nantes, i gcomhpháirtíocht le foireann *On the Move Mobility Portal*.

Thug Pointe Teagmhála Cultúrtha na hÉireann léiriú i mí Iúil faoi *Ról an Chultúir i bhForbairt Uirbeach* ag comhdháil Eorpach i gCorcaigh. Lena

in The Dock, Carrick-on-Shannon's new arts centre.

Throughout the year, the CCP ran a visitors' programme in cooperation with the Balkan Express network co-ordinated by Bunker Productions and other partners, including the Ireland Romania Cultural Foundation, in order to promote information exchange with artists and cultural professionals in Ireland and in countries involved in the Balkan Express network, which range from Romania and Slovenia, to Macedonia, Serbia and Albania. As part of this, in March, representatives from a number of organisations in Ireland involved in researching international partnerships participated in the International Network for Contemporary Performing Arts (IETM) Plenary meeting in Belgrade, Serbia. Participants from Ireland included: Coiscéim Dance Theatre, Artslab, Daghdha Dance Company, Roscommon Arts Centre, Boomerang Theatre Company, Crooked House Theatre Company, Pan Pan Theatre Company, Blue Raincoat Theatre Company and Storytellers Theatre Company.

**International**

In 2005, the Arts Council launched the Location One Fellowship, valued at €32,000, enabling one artist to spend 10 months at Location One in New York.

Administered by the Irish American Cultural Institute on behalf of the Arts Council, the Location One Residency offers one annual fellowship to an artist. A working studio space is provided for 10 months at Location One, New York, from September 2005 to June 2006. The award includes provision for accommodation and a monthly stipend of $1,500.

Location One is a not-for-profit arts centre whose mission is to foster the convergence of

chois sin chuir Pointe Teagmhála Cultúrtha na hÉireann seastán faisnéise ar fáil i Samhain agus ag Nollaig ag an siompóisiam *55º and Rising*, a d'eagraigh Compántas Amharclainne Fishamble, agus ag *Trade* in ionad nua ealaíon Chora Droma Rúisc, An Duga.

Bhí clár le haghaidh cuairteoirí ar siúl ag Pointe Teagmhála Cultúrtha i rith na bliana i gcomhar leis an líonra Balkan Express a dhéanann Bunker Productions agus comhpháirtithe eile (ina measc Fondúireacht Cultúrtha na hÉireann agus na Rómáine) comhordú air. Ba í aidhm na hoibre seo ná malartú faisnéise a chur chun cinn idir ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha in Éirinn agus sna tíortha sin atá páirteach sa líonra Balkan Express – tíortha mar an Rómáin agus an tSlóivéin agus an Macadóin, an tSeirbia agus an Albáin. Mar chuid den obair seo ghlac ionadaithe ó roinnt eagraíochtaí in Éirinn, a dhéanann taighde ar comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, páirt i gcruinniú iomlánach an International Network for Contemporary Performing Arts (IETM) i mí an Mhárta i mBéalgrád, na Seirbia. Is measc na ndreamanna ó Éirinn a ghlac páirt ann bhí: Amharclann Rince CoisCéim, Artslab, Compántas Rince Daghdha, Ionad Ealaíon Ros Comáin, Compántas Amharclainne Boomerang, Compántas Amharclainne an Crooked House, Compántas Amharclainne Pan Pan, Compántas Amharclainne an Blue Raincoat agus Compántas Amharclainne Storytellers.

**Idirnáisiúnta**

Chuir an Chomhairle Ealaíon tús i 2005 le Comhaltacht Location One ar fiú €32,000 é is a chuirfidh ar chumas ealaíontóra amháin 10 mhí a chaitheamh ag Location One i Nua Eabhrac.

Cuireann Cónaitheacht Location One comhaltacht amháin ar fáil d'ealaíontóir amháin in aghaidh na bliana agus is í an Institiúid Chultúrtha Ghael-Mheiriceánach a riarann é seo thar cheann na Comhairle Ealaíon. Cuirtear spás oibre i stiúideo ar fáil ar feadh tréimhse 10 mhí ag Location

classic and new media for the development and presentation of new work. Emerging and established artists in all media are invited to collaborate and experiment with advanced technological tools. The international residency programme is open to artists from different fields of expression at all levels of experience in technology. Prior work or experience in new media is not required.

The first recipient of the Location One Fellowship was Dingle-based artist Andrew Duggan. Born in Cork and raised in Dublin, the 37-year-old now lives and works in Kerry. His work investigates the space between tradition, fact, folklore, contemporary space and time and explores ideas of cultural representations and perceptions.

Additionally in 2005, the Banff Residency Award enabled artist Gerard Byrne to spend 10 weeks at the Banff Centre in Alberta, Canada. The Arts Council also continued to offer its ongoing Travel and Mobility Award, funding 476 applications in 2005 with a total of €476,059 to enable artists to undertake travel abroad.

**Participation**

In an important event for participatory arts, the Arts Council held a special consultation day for participatory arts on 29th April 2005 at the Irish Museum of Modern Art. Facilitated by Susan Coughlan, Declan Gorman, Wes Wilkie and Annette Clancy, the consultation day brought together forty individuals and organisations from Ireland and beyond to inform the Arts Council's policy for participatory arts in terms of cultural diversity, Arts Council core values and sustainable creative partnerships. As an outcome of this and other meetings, the Arts Council published a distinct policy for participatory arts in 2005. This two-page policy document states the Arts Council's position on the

One, Nua Eabhrac, ó Mheán Fómhair 2005 go Iúil 2006. Clúdaíonn an dámhachtain seo costais lóistín agus lamháltas míosúil $1,500.

Ionad ealaíon neamhbhrabúsach is ea Location One a bhfuil sé de chuspóir aige na meáin chlasaiceacha agus na meáin nua a chumasc chun saothair nua a fhorbairt agus a chur i láthair. Tugtar cuireadh d'ealaíontóirí cruthaithe agus d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn, is cuma faoi na meáin atá á saothrú acu, chun saothrú i gcomhpháirt agus triail a bhaint as uirlisí nua teicneolaíochta. Tá an clár cónaitheachta idirnáisiúnta seo oscailte d'ealaíontóirí ó gach réimse, beag beann ar a dtaithí theicneolaíochta. Ní gá aon taithí oibre sna meáin nua.

Ba é Andrew Duggan atá lonnaithe sa Daingean an chéad duine ar a dámhadh an Chomhaltacht Location One. Rugadh i gCorcaigh é agus tógadh i mBaile Átha Cliath é. Tá sé 37 bliana d'aois anois agus é ag cur faoi agus ag obair i gCiarraí. Iniúchann sé an spás idir traidisiún, fíricí, béaloideas, ina chuid oibre agus an tuiscint chomhaimseartha atá ag daoine ar am agus spás. Lena chois sin scrúdaíonn sé tuairimí maidir le léirithe cultúrtha agus an chaoi a airítear rudaí.

Chuir Dámhachtain Chónaitheachta Banff ar chumas an ealaíontóra Gerard Byrne 10 seachtaine a chaitheamh i 2005 san Banff Centre in Alberta, Ceanada. Lean an Chomhairle Ealaíon uirthi ag tairiscint a Dámhachtana Taistil agus Soghluaisteachta d'iarratasóirí agus chuir sí maoiniú €476,059 ar fáil do 476 díobh i 2005 le cur ar a gcumas taisteal thar lear.

**Rannpháirteachas**

Lá tábhachtach i gcás na n-ealaíon rannpháirteacha ab ea an lá comhairliúcháin a d'eagraigh an Chomhairle Ealaíon ina dtaobh ar 29 Aibreán 2005 i Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann. Ba iad Susan Coughlan, Declan Gorman, Wes Wilkie agus Annette Clancy, a rinne éascú ar chúrsaí an lae. Bhí daichead duine i láthair

values, purpose, processes and outputs of participatory arts, as well as listing a number of practical objectives for supporting this field of practice.

Cork 2005 Credit Union Residencies Programme, an initiative from Cork 2005, saw artists from all disciplines working together with Cork communities throughout the year to create a series of exhibitions, plays, publications and performances throughout the city and county. The programme was an adaptation of the Arts Council's Artist in the Community Scheme and was managed by CREATE, the national agency for collaborative arts. Artists Jo Nicols and Cathy O'Neill led a residency entitled *Fantasy Frolics* in Newcestown, Bandon. The artists worked with the Newcestown Friendship Group to make life-sized dolls and create an original dance performance. The project sought to break down preconceived cultural ideas associated with ageing and resulted in a showcase of dances and dolls as part of the Bealtaine Festival in 2005.

Among the other exciting events that took place during the year, Common Ground presented the play *Flats Life* by the Dolphin's Barn Drama Group in St. Andrew's Community Centre, Rialto, in July. The performance was followed by an arts and cultural event which celebrated young people and children in the Dolphin's Barn community through public murals, spectacle and performance.

**Youth Arts**

As part of the Arts Council's commitment to ensure the adoption of appropriate child protection policies and procedures by funded organisations, 74 arts organisations, representing a cross-section of production companies, resource and services organisations, festivals, venues and national

ó eagraíochtaí in Éirinn agus thar lear chun beartas na Comhairle Ealaíon i leith na healaíona rannpháirteacha a mhúnlú ó thaobh éagsúlacht cultúrtha de agus i leith a bunluacha agus maidir le comhpháirtíochtaí cruthaitheacha inbhuanaithe. De thoradh an chruinnithe seo agus de thoradh cruinnithe eile d'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon beartas faoi leith le haghaidh na n-ealaíon rannpháirteach i 2005. Tá dhá leathanach sa doiciméad beartais seo a léiríonn seasamh na Comhairle maidir le luachanna, cuspóirí, próisis agus torthaí na n-ealaíon rannpháirteach agus tugtar liosta de spriocanna praiticiúla a thacaíonn leis an réimse cleachtais seo.

Tionscnamh de chuid Corcaigh 2005 ab ea Cónaitheachtaí Comhair Creidmheasa Corcaigh 2005 agus bhí ealaíontóirí as gach disciplín ag obair le chéile le pobail as Corcaigh i rith na bliana chun sraith taispeántas, drámaí, foilseachán agus léirithe a chur ar fáil sa chathair agus ar fud an chontae. Leagan oiriúnaithe de Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal de chuid na Comhairle Ealaíon a bhí sa chlár seo. Ba í an ghníomhaireacht forbartha i gcóir na n-ealaíon comhoibritheach, CREATE a rinne é a bhainistiú. Bhí na healaíontóirí Jo Nicols agus Cathy O'Neill mar cheannairí ar chónaitheacht dar teideal *Fantasy Frolics* i mBaile Níos i nDroichead na Bandan. D'oibrigh an healaíontóirí i gcomhar le Grúpa Cairde Bhaile Níos chun bábóga ar thomhas nádúrtha a chruthú agus chun rince nua a cheapadh agus a léiriú. Ba é aidhm an tionscadail ná deireadh a chur leis na réamhthuairimí cultúrtha atá ag daoine maidir le dul in aois agus cuireadh an rince agus na bábóga ar taispeáint mar chuid d'Fhéile na Bealtaine i 2005.

I measc na n-imeachtaí spreagúla a tharla i rith na bliana, chuir Common Ground an dráma *Flats Life* le Grúpa Drámaíochta an Charnáin i láthair in Ionad Pobail Naomh Aindrias, Rialto, i mí Iúil. Nuair a bhí an léiriú seo thart bhí imeacht ealaíon agus cultúir ann a rinne ceiliúradh ar dhaoine óga

cultural institutions, attended training facilitated by the Health Service Executive (HSE). A working party of 16 members was established to structure draft guidelines. In addition to the Arts Council and HSE executive, the working party members were: Marie Bourke (National Gallery of Ireland); Dave Duff (Irish Museum of Modern Art); Ben Cuddihy (Triskel Arts Centre); Vincent Dempsey (Barnstorm Theatre Company); Miriam Dunne (Waterford Spraoi); Catherine Kelly (Westmeath County Council); Mike Kelly (Young Irish Film Makers); Paul Kernan (The Poet's House); Belinda Moller (The Ark); Deborah Moon (Tallaght Community Arts Centre); Jane O'Hanlon (Poetry Ireland); John Ruddy (independent practitioner) and Maria Schweppe (Dublin Youth Theatre).

From April to August, the draft guidelines were piloted by working party members in individual organisations. Feedback was incorporated and the guidelines were signed off by the working party towards the end of 2005. In November and December, the Arts Council held one-day seminars for arts organisations in four locations (Dublin, Cork, Galway and Kilkenny) to introduce the final draft with a view to identifying and exploring implementation issues for arts organisations. Throughout the year, information and advice was offered to arts organisations and local authorities by Arts Council staff, working party members and HSE personnel.

Helen O'Donoghue, Head of Education and Community Programmes at the Irish Museum of Modern Art (IMMA), earned the Arts Council nomination to participate in the National Children's Advisory Council, which is supported by the National Children's Office. She joined the group after the departure of Jean O'Dwyer, former Head of Education at the Abbey.

agus páistí phobal an Charnáin le pictiúir phoiblí ar bhallaí, taibhléiriú agus léiriúchán.

**Ealaíona na nÓg**

Tá rún daingean ag an gComhairle Ealaíon go nglacfaidh na heagraíochtaí a dtugann siad maoiniú dóibh le beartais agus gnásanna oiriúnacha maidir le cosaint leanaí, agus chuige sin d'fhreastal daoine ó 74 eagraíocht ealaíon ar sheisiún oiliúna a ndearna Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte éascú air. Bhí ionadaithe ó chompántais léiriúcháin ann, daoine ó eagraíochtaí acmhainne agus seirbhíse, mar aon le hionadaithe ó fhéilte éagsúla, ionaid thionóil agus ó institiúidí cultúrtha náisiúnta. Bunaíodh grúpa oibre de 16 dhuine chun dréacht-threoirlínte a leagan amach. Bhí na daoine seo a leanas ar an ngrúpa le cois ionadaithe na Comhairle Ealaíon agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte: Marie Bourke (Gailearaí Náisiúnta na hÉireann); Dave Duff (Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann); Ben Cuddihy (Ionad Ealaíon Triskel); Vincent Dempsey (Compántas Amharclainne Barnstorm); Miriam Dunne (Spraoi Phort Láirge); Catherine Kelly (Comhairle Chontae na hIarmhí); Mike Kelly (Scannánóirí Óga na hÉireann); Paul Kernan (The Poet's House); Belinda Moller (The Ark); Deborah Moon (Ionad Ealaíon Phobal Thamhlachta); Jane O'Hanlon (Éigse Éireann); John Ruddy (cleachtóir neamhspleách) agus Maria Schweppe (Amharclann Óige Bhaile Átha Cliath).

Rinne na baill na dréacht-threoirlínte a cheapadh ar bhonn píolóta ina n-eagraíochtaí féin ó Aibreán go Lúnasa. Fíodh an t-aiseolas a fuarthas isteach sna treoirlínte agus shínigh an grúpa oibre iad i dtreo dheireadh na bliana 2005. Bhí seimineáir lae ag an gComhairle Ealaíon i Samhain agus Nollaig le haghaidh eagraíochtaí ealaíon (i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus Cill Chainnigh) chun an dréacht scoir a chur os comhair na n-eagraíochtaí ealaíon agus féachaint an mbeadh deacrachtaí nó ceisteanna acu maidir lena chur i bhfeidhm. Chuir foireann na Comhairle Ealaíon

The National Youth Council's Artists' Residencies in Youth Work Award was opened to applicants from all over Ireland with proposals in any art form, and a new award, the Youth Arts Development Award, was offered to support research and development of partnership-based local youth arts initiatives.

mar aon le baill an ghrúpa oibre agus daoine ó Fheidmeannacht na Seirbhíse Sláinte faisnéis agus comhairle ar fáil d'eagraíochtaí ealaíon i rith na bliana.

Bhí sé d'onóir ag Helen O'Donoghue, atá ina Ceannaire ar Chláir Oideachais agus Phobail i Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA), gur ainmnigh an Chomhairle Ealaíon í le bheith ar an gComhairle Chomhairleach Náisiúnta Leanaí a dtugann an Oifig Náisiúnta Leanaí tacaíocht di. Ghlac sí páirt sa ghrúpa tar éis d'iar-Cheannaire Oideachais Amharclann na Mainistreach, Jean O'Dwyer, éirí as.

Bheartaigh Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann glacadh le hiarratais maidir le Dámhachtain Chónaitheachta d'Ealaíontóir in Obair don Óige ó dhaoine ar fud na hÉireann a bhfuil moltaí acu faoi aon fhoirm ealaíne agus bheartaigh siad dámhachtain nua, Dámhachtain i bhforbairt Ealaíon na nÓg a thairiscint mar thacaíocht don taighde agus chun tionscadail áitiúla a bheidh bunaithe ar comhpháirtíochtaí a fhorbairt i leith ealaíon na n-óg.



Chinese Opera at the Festival of World Cultures, Dún Laoghaire
Ceoldráma Síneach ag Féile Chultúir an Domhain, Dún Laoghaire





# Around the Country / Timpeall na Tíre

## Carlow / Ceatharlach

Carlow's first children's arts festival, Splanc!, took place in October 2005 and included projects and activities in the visual arts, theatre, music, literature and dance. Children and young people participated both as audience members and as artists, leading a number of elements of the multi-faceted programme.

During the year, Carlow County Council and Carlow Performing Arts Centre supported Sean Hardie as the county's writer-in-residence. The writer led a series of workshops for local writers and was also given resources to concentrate on his own writing practice.

Carlow Young Artists' Choir has been developing a national and international reputation for the quality and innovative nature of its work and, in 2005, the Choir was invited as choir-in-residence to the 2005 Choral Music Experience Festival in Toronto. In addition to undertaking its usual activities over the course of the year, the Choir also commissioned composer Donnacha Dennehy to write an original piece for the Senior Ensemble.

Carlow County Council's annual *Visualise Carlow* programme continued in 2005, with inputs from artists and curators including Helen O'Donoghue, Alanna O'Kelly and Frances Mezzetti. Through temporary public artworks curated by local, national and international curators, *Visualise Carlow* works to ensure that the forthcoming visual arts centre in Carlow has established local, national and international connections and that Carlow maintains its national reputation as a centre for visual arts.

Bhí an chéad Fhéile Ealaíon Leanaí, Splanc! ar siúl i gCeatharlach i Deireadh Fómhair 2005 agus bhí tionscadail agus gníomhaíochtaí a bhain leis na físealaíona ar siúl mar aon le, téatair, ceol, litríocht agus rince. Ghlac daoine óga agus páistí páirt ann mar bhaill den lucht féachana agus mar ealaíontóirí. Bhí príomhpháirteanna ag cuid acu i gcuid de na rudaí ar an gclár ilghnéitheach.

Thug Comhairle Contae Cheatharlach agus Ionad Taibhealaíon Cheatharlach tacaíocht do Sean Hardie i rith na bliana mar scríbhneoir cónaitheach an chontae. Chuir sé sraith ceardlanna ar siúl le haghaidh scríbhneoirí áitiúla agus tugadh acmhainní dó go bhféadfadh sé aire a thabhairt dá scríbhneoireacht féin.

Tá clú á thuilleamh ag Cór Ealaíontóirí Óga Cheatharlach in Éirinn agus thar lear de bharr ardchaighdeán na hoibre nuálaí atá ar siúl acu agus tugadh cuireadh dóibh bheith mar chór cónaitheach ag an 2005 Choral Music Experience Festival in Toronto. Ní amháin go raibh a gcuid gnáthghníomhaíochtaí ar siúl acu i rith na bliana ach choimisiúnaigh an Cór an cumadóir Donnacha Dennehy chun bunsaothar ceoil a scríobh don Ensemble Sinsearach.

Leanadh de chlár Chomhairle Contae Cheatharlach - *Samhlaigh Ceatharlach* - i rith 2005 agus ghlac ealaíontóirí agus feighlithe páirt ann, ina measc Helen O'Donoghue, Alanna O'Kelly agus Frances Mezzetti. Bhí feighlithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta i mbun feighlíochta ar shaothair shealadacha phoiblí ealaíne sa chaoi go gcinntíonn *Samhlaigh Ceatharlach* go mbeidh naisc áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta ag an Ionad Físealaíon atá le bunú i gCeatharlach agus go mairfidh cáil Cheatharlach mar ionad le haghaidh na físealaíon.



← Ellen Walsh's *Beyond the Familiar: Changing and being Changed*, Carlow Barrow Valley Painters' Group in collaboration with Alanna O'Kelly
*Beyond the Familiar: Changing and being Changed* le Ellen Walsh, Grúpa Péintéirí Ghleann na Bearú i gCeatharlach i gcomhar le Alanna O'Kelly



# Cavan / An Cabhán

The NYAH arts festival celebrates the traditional music, song, dance and culture of Cavan and, in 2005, was again supported by Cavan County Council and the Arts Council. The festival, held in March 2005, featured a wide range of events, concerts, talks and masterclasses, with contributions from musicians such as Paddy Halligan, Úna Mc Breen, Martin Donohoe and Séamus Fay.

The County Council continued its tradition of artist residencies with Holger Christian Lonze as visual artist-in-residence and Elaine Lennon as writer-in-residence in 2005. Both artists led workshops and support programmes for local artists and community groups and were also allocated time and resources to concentrate on the development of their individual practices.

Awards, bursaries and residencies also served as a significant source of support to local artists during 2005. The Cavan County Council's Short Film Award was awarded to Seán Smith, Oliver McCoey and Moira Kinsella. The local authority also awarded a bursary to an individual artist to spend a week at the Tyrone Guthrie Centre, as well as supporting a visual artist to develop a body of work at the PrintStudio in Belfast. Visual artist Padraic Cahill was awarded the Tommy McLoughlin Memorial Award, which aims to assist Cavan artists who wish to develop their work or to avail of professional and educational opportunities at home and abroad. The first dance artist-in-residence, Niamh Smyth, resumed her post in November, and worked with several groups in developing dance in the county.

Déanann féile NYAH ceiliúradh ar cheol, amhráin agus cultúr traidisiúnta an Chabháin agus fuair sé tacaíocht arís i 2005 ó Chomhairle Contae an Chabháin agus ón gComhairle Ealaíon. Reáchtáladh an Fhéile i mí an Mhárta 2005 agus bhí réimse leathan imeachtaí ar siúl, ina measc ceolchoirmeacha, máistir-ranganna agus ceol le ceoltóirí mar Paddy Halligan, Úna Mc Breen, Martin Donohoe agus Séamus Fay.

Lean an Chomhairle Contae uirthi ag soláthar cónaitheachtaí d'ealaíontóirí agus ba é Holger Christian Lonze an físealaíontóir cónaitheach i 2005 agus ba í Elaine Lennon an scríbhneoir cónaitheach. Chuir siad ceardlanna agus cláir thacaíochta ar fáil le haghaidh ealaíontóirí áitiúla agus grúpaí pobail agus cuireadh am agus acmhainní ar fáil don bheirt acu chun go mbeidís in ann díriú ar a gcuid oibre féin.

Cuireadh tacaíocht shuntasach ar fáil le haghaidh ealaíontóirí áitiúla i rith 2005 trí mheán dámhachtainí, sparánachtaí agus cónaitheachtaí. Bronnadh Dámhachtain Gearrscannán Chomhairle Contae an Chabháin ar Seán Smith, Oliver McCoey agus Moira Kinsella. Chuir an t-údarás áitiúil sparánacht ar fáil chun go bhféadfadh ealaíontóir amháin seachtain a chaitheamh in Ionad Tyrone Guthrie agus thugadar tacaíocht d'fhísealaíontóir chun corpas saothair a fhorbairt sa PrintStudio i mBéal Feirste. Bronnadh Dámhachtain Chuimhneacháin Tommy McLoughlin ar an bhfísealaíontóir Padraic Cahill. Is é aidhm na dámhachtana seo ná tacú le healaíontóirí ar mhian leo a saothar a fhorbairt nó deiseanna gairmiúla nó oideachasúla a thapú in Éirinn nó thar lear. D'fhill an chéad rinceoir chónaitheach, Niamh Smyth, ar a post i Samhain agus d'oibrigh sí le mórchuid grúpaí chun rince a fhorbairt sa chontae.



← Sculptor Joey Burns and digital artist Yvonne Cullinan on the closing day of the Young People's Symposium in Visual Arts at Cavan County Museum
An dealbhóir Joey Burns agus an t-ealaíontóir digiteach Yvonne Cullinan ar lá deireanach Siompóisiam na hÓige faoi na Físealaíona i Músaem Contae an Chabháin



# Clare / An Clár

Clare County Council has led the *Embrace: Arts and People with Disabilities Programme* for the past four years, culminating in annual exhibitions in venues in the county. Over 30 artists were registered on the scheme in 2005.

The local authority also opened a complex of artists' studios in Tulla in October, comprising six studios to be allocated on a rotating basis to artists, with a workshop and gallery facility for educational programmes.

*Ground Up,* Clare County Council's temporary public art programme designed to animate rural spaces, completed its first phase in 2005, with the installation of three commissioned works by Seán Taylor, Fiona Woods and Áine Philips. A further project under *Ground Up 2* was completed by Maria Kerins.

Clare County Council's *Trad 4 Teens* programme, led by Claire Watts, was established as part of the Traditional Arts Initiative Scheme of Clare Arts Office, and took the form of a monthly open session for young musicians featuring guest musicians. Over 24 teenagers attended monthly. Also in the traditional arts, the local authority's Traditional Group Residency pilot project provides an annual high profile opportunity for traditional artists in Clare, with selected artists benefiting from a range of mentoring, training and performance opportunities.

Tá an clár *Embrace: Arts and People with Disabilities* ar siúl ag Comhairle Contae an Chláir le ceithre bliana anuas agus taispeántais bhliantúla in ionaid tionóil ar fud an Chontae mar bhuaicphointe aige. Bhí breis agus 30 ealaíontóir cláraithe sa scéim i rith 2005.

D'oscail an t-údarás áitiúil coimpléasc stiúideonna sa Tulach i nDeireadh Fómhair ina bhfuil sé stiúideo a chuirfear ar fáil d'ealaíontóirí ar bhonn sealaíochta, mar aon le ceardlann agus gailearaí le haghaidh clár oideachasúil.

Cuireadh críoch le chéad chéim an chláir *Ground Up* i 2005 nuair a suiteáladh trí shaothar a coimisiúnaíodh ó Seán Taylor, Fiona Woods agus Áine Philips. Clár ealaíne sealadaí poiblí é seo de chuid na Comhairle chun beocht a chur i spásanna tuaithe. Chuir Maria Kerins bailchríoch ar thionscadal eile faoin gclár *Ground Up 2.*

Is í Claire Watt a stiúrann an clár *Trad 4 Teens* de chuid Chomhairle Contae an Chláir. Cuid de Thionscnamh na nEalaíon Traidisiúnta de chuid Oifig Ealaíon an Chláir é seo agus bíonn seisiún oscailte ann do cheoltóirí óga gach mí agus aoi-cheoltóirí ag glacadh páirte iontu. Bhí breis agus 24 dhéagóir i láthair gach mí. Lena chois sin cuireann an tionscadal píolóta Cónaitheachta do Ghrúpa Traidisiúnta deiseanna feiceálacha ar fáil d'ealaíontóirí traidisiúnta i gContae an Chláir. Bíonn deiseanna meantóireachta, oiliúna agus léirithe ag na ceoltóirí a roghnaítear.



← Londubh: Sean Tyrrell, Paul Dooley, Siobhan Peoples and Christy Barry
Londubh: Sean Tyrrell, Paul Dooley, Siobhan Peoples agus Christy Barry



# Cork City / Cathair Chorcaí

On January 8, 2005, 100,000 people took to the streets to celebrate the beginning of Cork's tenure as European Capital of Culture and, over the course of the next twelve months, 3,000 different events were staged all over the city area. Throughout the year, over one million people, seven times the city's population, attended official Cork 2005 events as local and international audiences turned out to experience the city's cultural programme.

The Artist in the Community Scheme supported twenty artists working with twenty communities to create a series of exhibitions, performances and plays. The scheme is managed by CREATE in association with Cork Credit Unions and with the support of the Arts Council and Cork City and County Councils.

Corcadorca's *Relocation* project led to three world premieres in Cork by some of Europe's finest theatre companies, as well as Corcadorca's impressive production of *The Merchant of Venice.* Created with the support of Cork Midsummer Festival, Corcadorca's modern dress, promenade production of *The Merchant of Venice* ran for 11 nights in June, with over 4,500 people attending. Guided by a troupe of musicians, the audience began their journey in the secluded world of the Old Distillery on the North Mall, crossing the city in a blast of music for Shylock's extraordinary courtroom scene, filmed live and broadcast onto the newly refurbished façade of the City Courthouse, before moving on to St. Francis Church for the final scene.

The local authority also continued its support for individual artists in 2005. Composer C.S.L. Parker worked with the Cork Children's Chorus in residency over a 14-week period, leading to the development of six new compositions. Cork City Council also offered bursaries to five individual artists to the value of €2,000 each in film, theatre, literature, music and visual arts.

Bhí 100,000 duine ar shráideanna Chorcaí ar 8 Eanáir 2005 le ceiliúradh a dhéanamh ar Chorcaigh a bheith roghnaithe mar Chathair Chultúrtha na hEorpa. Cuireadh 3,000 imeacht faoi leith ar siúl ar fud na cathrach i rith na 12 mhí dar gcionn. D'fhreastal breis agus milliún daoine ar imeachtaí oifigiúla Corcaigh 2005. Bhí an líon sin seacht n-uaire ní ba mhó ná daonra uile na cathrach agus tháinig siad le blaiseadh dá clár cultúrtha.

D'oibrigh 20 ealaíontóir le 20 grúpa pobail faoi Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal chun sraith taispeántas, léirithe agus drámaí a chruthú. Is é CREATE agus Comhair Chreidmheasa Chorcaí a bhainistíonn an scéim agus tugann an Chomhairle Ealaíon agus Comhairlí Contae agus Cathrach Chorcaí tacaíocht di.

Thug cuid de na compántais amharclainne is fearr san Eoraip a gcéad léiriú do thrí shaothar i gCorcaigh de barr tionscadal Relocation Chorcadorca agus rinne siad féin léiriú iontach ar *The Merchant of Venice.* Fuair an compántas tacaíocht ó Fhéile Ealaíon Lár an tSamhraidh Chorcaí don léiriú seo a chuir siad ar stáitse in éadaí comhaimseartha. Lean sé ar aghaidh ar feadh 11 oíche agus d'fhreastal breis agus 4,500 duine air. Bhí buíon ceoltóirí ag treorú an lucht féachana. Chuir siad tús lena dturas i gceantar cúlráideach na Sean-Drioglainne ar an Mall Thuaidh. Bhí tionlacan ceoil acu agus iad ag trasnú na cathrach chun go bhféadfaí an radharc le Shylock os comhair cúirte a scannánú beo agus a theilgean ar aghaidh nuachóirithe Theach Cúirte na Cathrach. Bhog siad leo ansin go Séipéal Phroinsias don radharc deireanach.

Lean an t-údarás áitiúil air ag cur tacaíochta ar fáil d'ealaíontóirí aonair i rith 2005. Bhí cónaitheacht 14 sheachtain ag an gcumadóir C.S.L. Parker. D'oibrigh sé le Cór na nÓg Chorcaí agus d'fhorbair sé 6 shaothar nua leo. Chuir Comhairle Cathrach Chorcaí sparánachtaí arbh fhiú €2,000 an ceann iad ar fáil do chúigear ealaíontóirí a bhí ag plé le cúrsaí scannán, amharclainne, litríochta, ceoil agus físealaíon.



← The Lord Mayor's Party in the Park provided entertainment for both young and old during the 2005 Cork Midsummer Festival
Bhí siamsa ar fáil ag óg agus ag aosta ag Cóisir an Ard-Mhéara sa Pháirc le linn Féile Ealaíon Lár an tSamhraidh Chorcaí 2005



# County Cork / Contae Chorcaí

Cork County Council consistently delivers an impressive arts programme, developing and maintaining partnerships with key stakeholders in an effort to extend arts activity across a geographically vast county.

In theatre in 2005, the County Council applied a percentage of its programming budget to enable Janus Theatre Company to conduct a tour around the county of their new production of *King Lear.*

In music, the local authority also continued its support for the East Cork Early Music Festival. Since its launch in 2003, the festival has grown in national stature and received substantial backing from Cork 2005 for two city concerts. Additionally, the local authority's Composer in the Classroom Scheme was continued with composers Irene Buckley and John Spillane.

The Arts Office established a literature development project for West Cork schools entitled *More than Wordz,* in partnership with the West Cork Education Centre and Poetry Ireland. Five published children's authors, supported by teaching staff, were involved.

Cork County Council Arts Office continued to make interventions in the visual arts to support individual artists and audience engagement with contemporary practice. Cork Library Service commissioned visual artist Martin Murphy to paint a series of large panels for Bantry Library. The work, *Blue Slab 22,* was unveiled in June. The local authority supported the development of Separate Vistas, an exhibition based in Macroom, curated by Rose Carroll of the RHA, featuring the work of Chris Byrne (sculptor), Angela Fewer (painter), Valerie Gleeson (sculptor), Pat Mortell (printmaker) and Margaret O'Sullivan (painter).

Bíonn clár breá ealaíon ag Comhairle Contae Chorcaí i gcónaí. Coinníonn siad na comhpháirtíochtaí atá acu le páirtithe leasmhara éagsúla agus déanann siad forbairt orthu chun imeachtaí ealaíon a chur ar siúl ar fud an chontae ollmhóir seo.

Chuir an Comhairle Contae céatadán den bhuiséad atá acu le haghaidh gníomhaíochtaí ar fáil le cur ar chumas an Chompántais Amharclainne Janus dul ar chamchuairt ar fud an chontae leis an léiriú nua a bhí acu de *King Lear.*

Lean an t-údarás áitiúil air ag cur tacaíochta ar fáil d'Fhéile Luathcheoil Oirthear Chorcaí. Bunaíodh an fhéile i 2003 agus tá clú náisiúnta tuillte aici anois. Fuair sí tacaíocht mhaith mhór ó Chorcaigh 2005 le haghaidh dhá cheolchoirm. Lena chois sin, lean an t-údarás ar aghaidh le Scéim an Chumadóra sa Seomra Ranga agus na cumadóirí Irene Buckley agus John Spillane páirteach inti.

Chuir an Oifig Ealaíon tús le tionscadal forbartha litríochta le haghaidh scoileanna Iarthar Chorcaí. *More than Wordz* a bhí mar ainm air agus ritheadh é i gcomhpháirtíocht le hIonad Oideachais Iarthar Chorcaí agus Éigse Éireann. Bhí cúigear údar a scríobhann do pháistí páirteach ann agus tacaíocht na múinteoirí acu.

Bhí Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí gnóthach arís i gcás na bhfísealaíon agus iad ag tacú le healaíontóirí aonair agus ag ligean don phobal blaiseadh de na healaíona mar a chleachtar inniu iad. Thug Seirbhís Leabharlainne Chorcaí coimisiún don bhfísealaíontóir Martin Murphy chun sraith painéal mór a phéinteáil le haghaidh Leabharlann Bheanntraí. Nochtadh an saothar, *Blue Slab 22*, i mí an Mheithimh. Thacaigh an t-údarás freisin le forbairt Separate Vistas. Is taispeántas é seo atá bunaithe i Maigh Chromtha is a ndearna Rose Carroll ó Acadamh Ríoga na hÉireann feighleoireacht air. Bhí saothair ann le Chris Byrne (dealbhóir), Angela Fewer (péintéir), Valerie Gleeson (dealbhóir), Pat Mortell (déantóir priontaí) agus Margaret O'Sullivan (péintéir).



← John O'Flynn played King Lear in a Janus Theatre Company production
Bhí páirt King Lear ag John O'Flynn i léiriú Chompántas Amharclainne Janus



# Donegal / Dún na nGall

Over the past decade, Donegal County Council has used festivals and large scale events as a vehicle for developing arts activity and audiences across a large geographic area. The local authority continued this pattern in 2005 by supporting and developing a number of key projects and festivals.

The *Ballyshannon Carnival Project* ran for five weeks between September 5th and October 8th, culminating in a carnival parade with over 400 participants. The parade was preceded by an intensive five week period of workshops and rehearsals, facilitated by circus and street-art professionals. The Falcarragh-based Cosa Meata carnival group contributed to the St. Patrick's Festival Parade in Dublin with its Ministry of Mayhem street spectacle programme, earning the group the Spirit of the Parade award in 2005.

The local authority also has a good track record in the visual arts and, in 2005, supported a number of interesting exhibitions. The Snáithí le Chéile exhibition of tapestries by Margaret Cunningham, Deborah J. Stockdale and Monica de Bháth, was the centrepiece of the visual arts programme of the fifth annual Donegal Bay and Blue Stacks Festival. Artlink continued its expansive developmental programme in the visual arts with the local community, while the large scale *Signal* project invited artists to respond to the social, historical and contemporary context of the Inishowen area.

As part of the Earagail Arts Festival, Letterkenny Arts Centre held a series of exhibitions, *Time,* inspired by French artist Jacques Mandlebrojt. Celebrating the hundredth anniversary of Einstein's discovery of the theory of relativity and to coincide with the United Nations' Year of Science, the project also included new music commissions by Lucie Prod' homme, Marcel Fremiot, Robert Coinel and Marcel Formosa.

Tá leas bainte ag Comhairle Contae Dhún na nGall as féilte agus imeachtaí móra chun gníomhaíochtaí ealaíon a fhorbairt agus lucht féachana a mhealladh ar fud achair mhóir an chontae. Lean an t-údarás áitiúil den nós seo i rith 2005 trí thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt roinnt príomhthionscadal agus féilte.

Lean *Tionscadal Carnabhail Bhéal Átha Seanaidh* ar aghaidh ar feadh cúig sheachtain ó 5 Meán Fómhair go 8 Deireadh Fómhair agus cuireadh bailchríoch air le paráid inar ghlac 400 duine páirt. Bhí dianthréimse cúig sheachtain ann roimh an bparáid agus gairmithe sorcais agus seónna sráide ag cabhrú leo le ceardlanna agus réamhchleachtaí. Tá grúpa carnabhail Cosa Meata bunaithe sa bhFál Carrach agus ghlac siad páirt i bParáid Lá 'le Pádraig i mBaile Átha Cliath lena seó sráide Ministry of Mayhem, taispeántas a thuill gradam Spioraid na Paráide dóibh i 2005.

Tá obair mhaith déanta ag an údarás áitiúil thar na blianta maidir leis na físealaíona agus thug siad tacaíocht i 2005 do roinnt taispeántas spéisiúil. Ba é an taispeántas taipéisí, Snáithí le Chéile, le Margaret Cunningham, Deborah J. Stockdale agus Monica de Bháth, lárphointe clár na bhfísealaíon ag cúigiú Féile bhliantúil Chuan Dhún na nGall agus na gCruach. Lean Artlink ar aghaidh lena chlár forleathan forbartha maidir leis na físealaíona i measc an phobail áitiúil agus d'iarr an tionscadal mórscála Signal ar ealaíontóirí freagra a thabhairt ar comhthéacs sóisialta, stairiúil agus comhaimseartha limistéir Inis Eoghain.

Bhí sraith taispeántas ar siúl in Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn mar chuid d'Fhéile Ealaíon an Earagail. *Time* a tugadh orthu agus an t-ealaíontóir Francach Jacques Mandlebrojt mar inspioráid acu. Rinneadh ceiliúradh ar céad bliain fionnachtain theoirice choibhneasachta Einstein agus Bliain na hEolaíochta de chuid na Náisiún Aontaithe trí cheol nua a sheinm ar tugadh coimisiúin do Lucie Prod' homme, Marcel Fremiot, Robert Coinel agus Marcel Formosa iad a scríobh.



← The Saothar Ealaion artists' group's An Cosan Glas environmental sculpture trail at the Earagail Arts Festival
Cosán dealbhóireachta comhshaoil An Cosán Glas leis an ngrúpa ealaíontóirí Saothar Ealaíon ag Féile Ealaíon an Earagail


Dublin Writers Festival
Féile Scríbhneoirí Bhaile Átha Cliath
June 16th-19

# Dublin City / Cathair Bhaile Átha Cliath

Dublin City Council Arts Office concentrates its support on a number of key, local authority - led arts projects throughout the year, while also playing an important funding role to artists and arts organisations throughout the city.

In September 2005, Dublin City Council opened the LAB, a city-centre arts centre which also houses Dublin City Council Arts Office. Located on Foley Street in Dublin 1, the LAB contains an impressive gallery space that is used to support emerging artists and encourage the exploration of visual arts practices and ideas. The arts centre also provides rehearsal space for professional theatre companies, studio spaces for artists working in all artforms and workshop spaces for artists and community groups.

Dublin City Council's 2005 Dublin Writers' Festival featured 40 Irish and international poets and writers in four days of readings, talks and panel discussions. The festival placed an emphasis on Irish writing and developed links between its programme of readings and the Gate Theatre's concurrent production of Brian Friel's *The Homeplace.*

The City Council also unveiled its first temporary sculpture installation at the top of Grafton Street during 2005, when Sophie Ryder's *Hare Holding Dog II* was installed for six months, followed by the installation of Orla de Brí's *Quiet Mind.*

Dublin City Council has supported the Dublin Fringe Festival since its inception and this reflects the local authority's commitment to diversity and experimentation. Many of the Dublin-based companies performing in the festival receive financial support from the local authority through the annual Arts Grant Scheme.

Dhírigh Oifig Ealaíon Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath a cuid tacaíochta i rith na bliana ar roinnt mórthionscadal a bhí á stiúradh ag an údarás áitiúil féin, ach fós bhí ról tábhachtach aici ag maoiniú ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon ar fud na cathrach.

D'oscail Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath LAB i Meán Fómhair 2005. Ionad ealaíon é seo i lár na cathrach agus Oifig Ealaíon na Comhairle féin ann. Tá sé suite i Sráid Uí Fhoghlú i mBaile Átha Cliath 1, agus tá spás breá gailearaí ann a úsáidtear le tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus chun iniúchadh a dhéanamh ar chleachtais agus smaointe nua maidir leis na físealaíona. Tá spás ann freisin ina bhféadfaidh compántais ghairmiúla amharclainne réamhchleachtaí a bheith acu, mar aon le spás stiúideo d'ealaíontóirí i ngach foirm ealaíne agus spás ina bhféadfaidh ealaíontóirí agus grúpaí pobail ceardlanna a bheith acu.

Bhí 40 file agus scríbhneoir ó Éirinn agus thar lear i láthair ag reacaireacht, cainteanna agus díospóireachtaí painéal le linn ceithre lá Fhéile Scríbhneoirí Bhaile Átha Cliath 2005 a d'eagraigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuireadh béim le linn na féile ar scríbhneoireacht na tíre seo agus forbraíodh naisc idir an clár reacaireachta agus léiriú The Homeplace le Brian Friel a bhí ar siúl ag an am céanna in Amharclann an Gate.

Nocht Comhairle na Cathrach a chéad shaothar sealadach dealbhóireachta ar bharr Shráid Grafton i rith 2005 nuair a suiteáladh *Hare Holding Dog II* le Sophie Ryder ann ar feadh sé mhí. Cuireadh *Quiet Mind* le hOrla de Bhí ann ina dhiaidh.

Tá cabhair á tabhairt ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath d'Fhéile Imeallach Bhaile Átha Cliath ó bunaíodh í agus léiríonn sé seo rún daingean an údaráis áitiúil tacú le héagsúlacht agus le turgnamhacht. Faigheann a lán de na compántais, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath is a bhíonn ag tabhairt léirithe le linn na féile, tacaíocht airgid ón údarás áitiúil trí mheán na Scéime bliantúla Deontas le haghaidh na nEalaíon.



← Author Catherine McPhail conducted a workshop with children from a local school at the 2005 Dublin Writers Festival
Bhí ceardlann ag an údar Catherine McPhail do pháistí ón scoil áitiúil le linn Féile Scríbhneoirí Bhaile Átha Cliath 2005



# Dublin, Dún Laoghaire Rathdown /
# Baile Átha Cliath, Dún Laoghaire/Ráth an Dúin

Dún Laoghaire Rathdown County Council consistently delivers an artistically impressive arts programme, focused on a number of annual large-scale events and festivals.

In 2005, the local authority was awarded an Arts Council Projects Award for a partnership with Dún Laoghaire Harbour Company that engaged visual artist Julie Merriman to be the interpreter of the overall changes to the harbour environment over the period of significant building development at Carlisle Pier. The five-year financial commitment from the Harbour Company represented a major step in securing a long-term non-arts partner for the Arts Office.

In dance, Dublin Youth Dance Company presented the fifth Irish Youth Dance Festival at the Pavilion Theatre in July, presenting over 60 young dancers and choreographers with opportunities to showcase their work. The year's performers included Dublin Youth Dance Company, Wexford Community Youth Dance, Vicki Smullen, National Youth Dance Company and Junk Ensemble. The Festival also welcomed the UK-based La Tertulia Dance Project as special guest and hosted free contemporary and jazz workshops in the Dance Theatre of Ireland.

2005 was the fifth year of the County Council's Festival of World Cultures and saw artists from over 50 countries taking part, with 40 venues hosting over 160 events. Meanwhile, highlights of the Poetry Now Festival included readings from Simon Armitage and Margaret Atwood in the only international festival devoted solely to poetry in Ireland.

Baile Átha Cliath, Dún Laoghaire/Ráth an Dúin Cuireann Comhairle Contae Dhún Laoghaire Rath an Dúin clár cumasach ealaíon ar fáil atá dírithe ar roinnt imeachtaí agus féilte móra bliantúla.

Bronnadh Dámhachtain Tionscadal na Comhairle Ealaíon ar an údarás áitiúil i 2005 de bharr comhpháirtíochta a bhí acu le Cuideachta Chalafort Dhún Laoghaire chun an físealaíontóir Julie Merriman a fhostú chun léirmhíniú a thabhairt ar na hathruithe a dhéanfar i dtimpeallacht an chalafoirt agus mórchuid tógála á dhéanamh ag Piara Carlisle. Gheall an Chuideachta Calafoirt airgead a chur ar fáil ar feadh tréimhse cúig bliana agus is céim mhór í seo ag an Oifig Ealaíon maidir le comhpháirtí fadtéarmach a fháil nach bhfuil baint dhíreach aige le cúrsaí ealaíon.

Chuir Compántas Damhsa Óige Bhaile Átha Cliath an cúigiú Féile Rince Óige na hÉireann ar siúl in Amharclann an Pavilion i mí Iúil. Thug sí seo deis do bhreis agus 60 rinceoirí óga agus córagrafadóirí a dtallann a léiriú. I measc na dtaibheoirí i mbliana bhí Compántas Damhsa Óige Bhaile Átha Cliath, Rince Óige Phobal Loch Garman, Vicki Smullen, An Compántas Damhsa Óige Náisiúnta agus Junk Ensemble. Cuireadh fáilte mar aoi speisialta i rith na féile roimh La Tertulia Dance Project atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus chuireadar ceardlanna rince comhaimseartha agus snagcheol ar siúl saor in aisce in Amharclann Rince na hÉireann.

Bhí an cúigiú Féile Chultúir an Domhain ag an gComhairle Contae i rith 2005 agus ghlac ealaíontóirí ó 50 tír páirt inti. Bhí breis agus 160 imeacht ar siúl i 40 ionad. I measc buaicphointí na Féile Poetry Now bhí reacaireacht le Simon Armitage agus Margaret Atwood. Is í seo an t-aon fhéile in Éirinn le haghaidh na filíochta amháin.



← The coastal town of Dún Laoghaire is transformed for three days every summer at the annual Festival of World Cultures
Tagann athrú mór ar bhaile cósta Dhún Laoghaire ar feadh trí lá gach samhradh le linn Féile Chultúir an Domhain



# Dublin, Fingal / Baile Átha Cliath, Fine Gall

The Fingal County Council Arts Office programme has an emphasis on photography, visual arts, literature and traditional arts. The programme contains a substantial outreach and education programme that is predominantly residency-based and relates mainly to schools, older people and festivals. Fingal County Council also supports an extensive multidisciplinary arts programme at Draíocht Arts Centre and a broad arts programme with an emphasis on traditional music at the Séamus Ennis Centre.

Every year, the Arts Office develops and delivers *Finsceal*, a year round celebration of creative writing. Most recently, the Arts Office responded to a particular interest in creative writing in the county with specialist weekends for the local writing community, and continues to work in close partnership with the Fingal Library Service to develop these programmes.

Fingal County Council continued to support Draíocht's international arts festival for children, Spréacha. The 2005 festival included companies from Denmark, Scotland, England, Belgium and Canada. The festival also extends to Blanchardstown Library, which hosted a series of events and workshops for young children by writers and artists, including Susie Minto, Oisín McGann, Roddy Doyle, Marita Conlon-McKenna, Malachy Doyle, Deirdre Madden, Mary Murphy and Colin Hawkins.

The local authority also continued to develop its support programmes for the individual artist through a number of award programmes, exhibitions and workshops throughout the year.

Leagann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall béim ar ghrianghrafadóireacht, na físealaíona, litríocht agus na healaíona traidisiúnta. Tá an clár bunaithe cuid maith ar chónaitheachtaí agus tá for-rochtain agus clár oideachais ina gcuid mhór de. Tá sé dírithe ar scoileanna, daoine aosta agus ar fhéilte don chuid is mó. Cuireann Comhairle Contae Fhine Gall tacaíocht ar fáil le haghaidh clár leathan ildisciplíneach ag Ionad Ealaíon Draíocht agus tá clár leathan ealaíon acu freisin ag Ionad Séamus Ennis le béim faoi leith ar cheol traidisiúnta.

Cuireann an Oifig Ealaíon an clár *Finscéal* ar fáil gach bliain a dhéanann ceiliúradh ar scríbhneoireacht chruthaitheach ó cheann ceann na bliana. Tá spéis faoi leith sa scríbhneoireacht chruthaitheach sa chontae agus chuir an Oifig sainchúrsaí deireadh seachtaine ar fáil le deireanas do lucht an phinn agus leanann sí uirthi ag obair i ndlúth-chomhpháirtíocht le Seirbhís Leabharlainne Fhine Gall chun na cláir seo a fhorbairt.

Lean Comhairle Contae Fhine Gall uirthi ag tabhairt tacaíochta do Spréacha - Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na bPáistí eagraithe ag Ionad Ealaíon Draíocht. Ghlac compántais ón Danmhairg, Albain, Sasana, an Bheilg agus Ceanada páirt sa bhféile. Ghlac Leabharlann Bhaile Bhlainséir páirt sa bhféile nuair a d'óstáil siad sraith imeachtaí agus ceardlanna do phaistí óga le scríbhneoirí agus ealaíontóirí. Ina measc siúd bhí Susie Minto, Oisín McGann, Roddy Doyle, Marita Conlon-McKenna, Malachy Doyle, Deirdre Madden, Mary Murphy agus Colin Hawkins.

Lean an t-údarás áitiúil air lena chláir thacaíochta d'ealaíontóirí aonair le roinnt clár dámhachtainí, taispeántais agus ceardlanna i rith na bliana.



← Little Mummer / The Séamus Ennis Cultural Centre, Naul. The Centre provides a home for art, poetry, music and dance
Cleamaire beag / Ionad Cultúrtha Séamus Ennis, An Aill. Cuireann an tIonad áit ar fáil le haghaidh ealaíne, filíochta, ceoil agus rince



# Dublin, South / Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin County Council's musician-in-residence, Finghin Collins, led a busy programme throughout South Dublin during the year, including a spring series with Piano Plus and an autumn series in Rathfarnham Castle. The musician also programmed an education strand as part of his residency, including a performance by Dublin Youth Orchestra which was attended by 2,600 primary students.

FUSED, the South Dublin County Arts Festival, in 2005 commissioned an original multimedia production for the festival in 2006. *The Banquet,* by the local authority's former artists' bursary winner, Daniel Figgis, will be produced and premiered in the National Basketball Arena during FUSED 06.

In literature, Dermot Bolger was engaged as writer-in-residence in November 2004 and devised and delivered a programme of workshops aimed at emerging writers in South Dublin. As part of his programme, the writer also led the local authority's literary programme for the year and organised a number of specialist seminars for writers in the area, including a seminar on publishing.

The fourth year of South Dublin County Council's readers' day included readings and discussions with contemporary Irish writers and emerging writers from South Dublin. The programme was directed by Dermot Bolger and featured Eugene McCabe, Áine Lyons, Louise Phillips, Nell McCafferty, Brian Kennedy, Monica Ní Choileain, Mary Kenny, Eileen Casey, Anne Enright, Dardis Clarke and Colm Keegan.

Bhí clár gnóthach ar fud Bhaile Átha Cliath Theas i rith na bliana ag ceoltóir cónaitheach na Comhairle Contae, Finghin Collins. Bhí sraith le Piano Plus aige san earrach agus sraith eile sa bhfómhar i gCaisleán Ráth Fearnáin. Bhí clár oideachais aige freisin mar chuid dá chónaitheacht lena n-áirítear léiriúchán le Ceolfhoireann Óige Bhaile Átha Cliath ar fhreastal 2,600 mac léinn bunscoile air.

Rinne Féile Ealaíon Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, FUSED coimisiúnú i 2005 ar léiriú ilmheánach le haghaidh na féile don bhliain dar gcionn. Léireoidh Daniel Figgis *The Banquet* agus tabharfar an chéad léiriú dó sa Láthair Náisiúnta Cispheile le linn FUSED 06. Ghnóthaigh Daniel sparánacht le haghaidh ealaíontóirí ón údarás áitiúil cheana.

Ceapadh Dermot Bolger mar scríbhneoir cónaitheach i Samhain 2004 agus d'fhorbair agus reáchtáil sé clár ceardlanna a bhí dírithe ar scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn i mBaile Átha Cliath Theas. Lena chois sin bhí sé i gceannas ar chlár liteartha an údaráis áitiúil i rith na bliana agus d'eagraigh sé roinnt seimineár speisialtóireachta do scríbhneoirí sa cheantar, agus ceann acu ag plé le cúrsaí foilsitheoireachta.

D'eagraigh an Chomhairle Contae lá na léitheoirí arís don ceathrú bliain as a chéile agus reacaireacht agus díospóireachtaí le scríbhneoirí aitheanta Éireannacha agus scríbhneoirí ó Bhaile Átha Cliath Theas atá ag teacht chun cinn mar chuid de. Ba é Dermot Bolger a reáchtáil an clár agus ghlac Eugene McCabe, Áine Lyons, Louise Phillips, Nell McCafferty, Brian Kennedy, Monica Ní Choileáin, Mary Kenny, Eileen Casey, Anne Enright, Dardis Clarke agus Colm Keegan páirt ann.



Rathfarnham Concert Band Society at the National Concert Hall
Cumann Banna Ceolchoirme Ráth Fearnáin sa Cheol-Áras Náisiúnta


1 Smile
2 Use good
5 Use people's names
7 Listen
8 Accept differences
9 Respect opinions of others

# Galway City / Gaillimh

Galway City Council's annual programme places an emphasis on visual arts, community arts and artist residencies. The city is home to a considerable number of established professional arts organisations that run extensive annual programmes (Arts Council funding alone amounts to over €2 million). Galway City Council also directly runs an extensive annual arts programme through the City Municipal Theatre (Town Hall and Black Box).

In 2005, Galway City and County Councils' architect-in-residence Hugh Kelly worked with transition year students in schools in the city and county, developing a new approach to young people's interaction with architecture. The residency culminated in a major exhibition in Galway Education Centre at the end of the summer term.

Visual artist Sean Scully continued his residency in Áras Éanna during 2005, funded by the Arts Council's Local Partnership Scheme. The residency supported the artist in developing a new exhibition for the 2006 Galway Arts Festival and enabled critical interaction between the local community and the contemporary arts.

Writer-in-residence Ursula Rani Sarma continued her programme in 2005, with the ongoing support of both Galway City and County Councils. The writer used the residency to develop her own practice and also led a workshop programme for local writers in the creation of new dramatic writing. Local writer Colm Corless participated in the programme and went on to win best new play at the Listowel Writers' Week in 2005.

Leagann clár bliantúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe béim ar na físealaíona, ar ealaíontóirí pobail agus ar chónaitheachtaí d'ealaíontóirí. Is iomaí eagraíocht ghairmiúil aitheanta ealaíon atá bunaithe sa chathair agus cláir forleathana bliantúla acu. Faigheann siad breis agus €2 milliún mar mhaoiniú ón gComhairle Ealaíon amháin. Tá clár leathan ealaíon á reáchtáil ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe féin trí mheán Amharclann Bhardais na Cathrach (Halla na Cathrach agus An Dubhlann).

D'oibrigh Hugh Kelly a bhí ina ailtire cónaitheach le Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae na Gaillimhe le mic léinn idirbhliana sa chathair agus ar fud an Chontae i rith 2005 ag iarraidh chur chuige nua a fhorbairt le cur leis an idirghníomhaíocht atá ag daoine óga le hailtireacht. Cuireadh clabhsúr ar an gcónaitheach le mórthaispeántas in Ionad Oideachais na Gaillimhe ag deireadh téarma an tsamhraidh.

Lean an físealaíontóir Sean Scully ar aghaidh lena chónaitheacht in Áras Éanna i rith 2005, agus maoiniú á fháil chuige sin ón Scéim Chomhpháirteachais Áitiúil de chuid na Comhairle Ealaíon. Chuir an chónaitheacht ar chumas an ealaíontóra taispeántas nua a ullmhú le haghaidh Féile Ealaíon na Gaillimhe 2006 agus spreag sí idirghníomhaíocht ríthábhachtach idir an pobal áitiúil agus na healaíona comhaimseartha.

Lean an scríbhneoir cónaitheach Ursula Rani Sarma lena clár i rith 2005, agus tacaíocht leanúnach aici ó Chomhairle Cathrach agus Comhairle Contae na Gaillimhe. Bhain sí leas as an gcónaitheach chun a cuid oibre féin a fhorbairt agus bhí clár ceardlainne aici do scríbhneoirí na háite maidir le hábhair nua drámatúil a scríobh. Ghlac scríbhneoir na háite Colm Corless páirt sa chlár agus d'éirigh leis duais an dráma nua is fearr a bhuachan ina dhiaidh sin ag Seachtain na Scríbhneoirí i Lios Tuathail i 2005.



← Nicholas Katts featured at Clifden Arts Week in 2005. The festival incorporates a wide variety of world-class artists and local performers.
Ghlac Nicholas Katts páirt i Seachtain Ealaíon an Chlocháin i 2005. Bíonn ealaíontóirí de scoth an domhain agus ealaíontóirí áitiúla go léir páirteach sa bhféile.



# Galway County / Gaillimh

Galway County Council has developed an extensive arts programme over the past number of years, working in partnership with a variety of key stakeholders in an effort to broaden the reach of the arts service. The County Council plays an important role in ensuring that artistic quality is at the centre of all Arts Office supported activities.

The local authority works in partnership with several key agencies to develop youth arts activities in the county. Partners include Galway Youth Federation, youth groups, youth development workers, nine youth theatres, Baboró, Galway Arts Centre and Junior Galway Film Fleadh.

By working in partnership, the local authority has developed an impressive programme of youth arts activity over the past number of years, which has included a range of residencies, one-off projects and long-term developmental projects. In 2005, the local authority extended its youth arts programme to develop a specific programme for young people with disabilities.

Galway Youth Theatre, in partnership with Galway City Council, developed an ongoing workshop programme for disadvantaged young people in the county. The projects aim to develop participants' self esteem and self-discipline while they explore their own creative talents, as well as helping individuals to recognise the value of creativity and imagination.

The County Council's architect-in-residence programme, run in conjunction with Galway City Council, saw Hugh Kelly working with students in Athenry and the Aran Islands, and led to an exhibition in June that showcased the students' appreciation of design and space.

Tá clár leathan ealaíon forbartha ag Comhairle Contae na Gaillimhe le blianta beaga anuas agus iad ag obair i gcomhar le réimse páirtithe leasmhara chun na seirbhísí ealaíon a leathnú. Tá ról tábhachtach ag an gComhairle Contae le cinntiú go bhfuil ardchaighdeán ealaíon mar chuid lárnach de na gníomhaíochtaí go léir a dtugann an Oifig Ealaíon tacaíocht dóibh.

Oibríonn an t-údarás áitiúil i gcomhar lena lán gníomhaireachtaí ríthábhachtacha chun gníomhaíochtaí ealaíon na hóige a fhorbairt sa Chontae. I measc na gcomhpháirtithe sin tá Cónaidhm Óige na Gaillimhe, grúpaí óige, oibrithe forbartha na hóige, naoi n-amharclann don óige, Baboró, Ionad Ealaíon na Gaillimhe agus Fleadh Scannán Óige na Gaillimhe.

Tá clár cumasach imeachtaí ealaíon don óige forbartha ag an údarás áitiúil le blianta beaga anuas trí oibriú ar bhonn comhpháirtíochta. Ina measc siúd tá réimse cónaitheachtaí, tionscadail aon uaire agus tionscadail forbartha fadtéarmacha. Leathanaigh an Chomhairle a clár ealaíon don óige i rith 2005 chun clár faoi leith a fhorbairt do dhaoine óga míchumasaithe.

D'fhorbair Amharclann Óige na Gaillimhe i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe clár leanúnach ceardlainne do dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste sa chontae. Tá sé d'aidhm ag an gclár féinmheas agus féinsmacht na ndaoine a ghlacann páirt ann a fhorbairt agus iad ag féachaint cén cumas cruthaitheach atá iontu agus cabhrú leo fiúntas na cruthaitheachta agus na samhlaíochta a thuiscint.

Bhí Hugh Kelly ina ailtire cónaitheach le Comhairle Contae na Gaillimhe i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimh araon agus d'oibrigh sé i gcomhar le mic léinn i mBaile Átha an Rí agus ar Oileáin Árainn mar chuid dá chlár. Cuireadh taispeántas ar siúl i mí Iúil a léirigh an tuiscint a bhí ag na mic léinn ar dhearadh agus ar spás.



← Cirq Civil's larger than life police patrolled the streets of Galway on stilts during the city's Arts Festival.
Fathaigh a bhí mar phóilíní ag Cirq Civil's agus iad ar phatról ar chosa croise ar shráideanna na Gaillimhe le linn Féile Ealaíon na Cathrach.



# Kerry / Ciarraí

In 2005, the local authority's direct arts programme featured a playwright-in-residence, a dance artist-in-residence and a cultural cinema programme. Kerry County Council also continued to develop its extensive public art programme, commissioning music, drama, dance and sculptural work.

Kerry County Council's playwright-in-residence, Brian Delaney, supported members of the local community to develop a number of one-act plays, which were presented as staged readings in March. The writer also carried out a number of workshops and talks and worked with two arts festivals to develop their literary programmes.

Maggie Harvey's tenure as the local authority's dance artist-in-residence was marked by significant interest in contemporary dance in the county. In an extensive workshop programme over the course of her two-year residency, the dancer worked with a broad range of people of all ages from diverse backgrounds. She also spent time developing her own practice and worked closely with dancers in Siamsa Tíre in the development of new work.

Kerry County Council continued to work with Samhlaíocht and the Caherdaniel Cineclub to develop audiences for film in the county. As in previous years, the local authority provided funding towards Kerry Film Festival's education programme, which includes screenings and workshops for both students and teachers.

Bhí drámadóir cónaitheach, rinceoir cónaitheach agus clár scannán cultúrtha mar chuid de chlár ealaíon a d'eagraigh an t-údarás áitiúil féin i 2005. Lean Comhairle Contae Chiarraí uirthi ag forbairt cláir ealaíon poiblí ag coimisiúnú ceoil, drámaí, rince agus saothar dealbhóireachta.

Chuidigh drámadóir cónaitheach Chomhairle Contae Chiarraí, Brian Delaney, le muintir na háite roinnt drámaí aonmhír a scríobh agus rinneadh reacaireacht ar stáitse orthu i mí an Mhárta. Bhí roinnt ceardlanna ag an scríbhneoir seo, thug sé cainteanna uaidh agus d'oibrigh sé le dhá fhéile ealaíon ag cuidiú leo a gcláir liteartha a fhorbairt.

Tháinig borradh ar an spéis i rince comhaimseartha sa chontae le linn do Maggie Harvey a bheith ina healaíontóir cónaitheach leis an údarás áitiúil. Bhí clár forleathan ceardlanna aici agus d'oibrigh sí lena lán daoine de gach aois ó chúlraí éagsúla le linn na cónaitheachta seo a mhair dhá bhliain. Chaith sí roinnt ama ag forbairt a cuid oibre féin agus bhí dlúthbhaint aici le rinceoirí Siamsa Tíre is í ag tacú leo saothar nua a fhorbairt.

Lean Comhairle Contae Chiarraí uirthi ag obair le Samhlaíocht agus Club Scannán Chathair Dónaill chun lucht féachana a fhorbairt le haghaidh scannán ar fud an chontae. Chuir an t-údarás áitiúil maoiniú ar fáil, faoi mar a rinne sí sna blianta atá thart, le haghaidh clár oideachais Fhéile Scannán Chiarraí, lena n-áirítear léirithe agus ceardlanna do mhic léinn agus múinteoirí.



← Ian Archer, formerly of Snow Patrol, was involved in the Milltown Per Cent for Art's Housing Project.
Bhí baint ag Ian Archer le Snow Patrol le Tionscadal Tithíochta Céatadán ar son na hEalaíne Bhaile an Mhuilinn.



# Kildare / Cill Dara

Kildare County Council has a good track record in supporting young people and artists through interesting and innovative training and education programmes. The local authority works in partnership with a range of different organisations and provides significant support to the County's arts centre, the Riverbank Arts Centre.

Kildare County Council's music programme, *Unearthed,* which is run in partnership with the Riverbank Arts Centre, supports young musicians through an intensive mentoring and training programme and allows a platform for young people to create and perform new music.

In response to a call for accredited training in contemporary dance, Kildare County Council Arts Service, in partnership with the Laban Guild and Riverbank Arts Centre established the Laban Guild Community Dance Leaders Course Level 1, in January 2002. The course attracted artists, teachers and community workers from across Ireland. Responding to the high level of interest and demand for the course, it has been extended and enhanced, and level 2 of the course took place in Kildare in the spring and summer of 2005. Nineteen dance bursary awards were offered to artists, young people, community facilitators and people with disabilities to participate in the course.

During 2005, Kildare County Council embarked on a cleaning, restoration and cataloguing programme of its visual art collection. The process culminated in a show in Riverbank, *A Collection Uncovered,* curated by artist Paul McKinley and launched by Martin Gale, RHA.

Tá obair mhaith déanta ag Comhairle Contae Chill Dara ag tacú le daoine óga agus le healaíontóirí lena cláir suimiúla nuálaíocha oideachais agus oiliúna. Oibríonn an t-údarás i gcomhpháirtíocht le réimse eagraíochtaí éagsúla agus cuireann tacaíocht suntasach ar fáil le haghaidh Ionad Ealaíon an Chontae agus Ionad Ealaíon Riverbank.

Cuireann clár ceoil Chomhairle Contae Chill Dara, *Unearthed,* tacaíocht ar fáil do cheoltóirí óga trí dhianchlár meantóireachta agus oiliúna a thugann deis do dhaoine óga ceol a cheapadh agus a sheinm. Reáchtáiltear an clár i gcomhar le hIonad Ealaíon Riverbank.

Ós rud é go raibh daoine ag éileamh go gcuirfeadh daoine creidiúnaithe oiliúint ar fáil i rince comhaimseartha chuaigh Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Chill Dara i mbun comhpháirtíochta le hIonad Ealaíon Riverbank agus an Laban Guild chun an Cúrsa Laban Guild do Cheannairí Rince Pobail Leibhéal 1 a bhunú i mí Eanáir 2002. Tháinig ealaíontóirí, múinteoirí agus oibrithe pobail ó gach cearn d'Éirinn le freastal ar an gcúrsa. Bhí an oiread sin spéise ann agus an oiread sin daoine ag iarradh clárú gur cuireadh leis agus cuireadh barr feabhais air, agus bhí leibhéal 2 den chúrsa ar siúl i gCill Dara i rith earrach agus samhradh na bliana 2005. Tairgeadh 19 sparánacht mar dhámhachtainí d'ealaíontóirí, daoine óga, áisitheoirí pobail agus do dhaoine míchumasaithe le páirt a ghlacadh sa chúrsa.

Chuir Comhairle Contae Chill Dara tús le clár glantacháin deisithe agus catalógaithe maidir lena bailiúchán físealaíne. Cuireadh clabhsúr ar an gclár le taispeántas sa Riverbank, *A Collection Uncovered,* a ndearna an t-ealaíontóir Paul McKinley feighleoireacht air agus ba é Martin Gale, RHA a d'oscail é.



← *Liberty on the Barricades,* Robert Ballagh.
*Liberty on the Barricades,* Robert Ballagh.


SHOW
3 o'clock

# Kilkenny / Cill Chainnigh

Kilkenny County Council Arts Office has earned a reputation as an innovative and artistically ambitious arts service, with a strong visual arts programme and an interesting support programme for individual artists.

In 2005, in partnership with the Butler Gallery, the local authority continued its debate series, MOOT, with a programme of talks exploring the various media and technology that contemporary artists are using in their work. The event, *Shutdown: restart,* debated how advancements in technology are affecting how contemporary artists work and express themselves.

In the visual arts, the Gallery Upstairs in the Watergate Theatre hosted ARapa Das Betas, an exhibition of photography by Gwen Wilkinson; All the Glories of Youth Dear Boy, an exhibition of paintings by Stephen Hennessy; and Elements, an exhibition of paintings by Louise Allen. Buy Don't Buy, an exhibition by Tom Campbell, opened in November.

The local authority's contemporary visual arts space, No. 72 John Street, hosted a number of exhibitions during the year, including 3 Degrees, mixed media by KCAT artists; *Bealtaine,* an exhibition of works by Tony O'Malley and Patrick Scott in association with Butler Gallery; *Requiem to A Fly,* a Paul Murnaghan sound-work in collaboration with Butler Gallery; and From The Portfolios, an exhibition of drawings by Patrick O'Connor.

Multi-media artist David Beattie also completed an eight-week residency at No. 72 John Street, exploring and experimenting with sound within the context of the local environment. The artist looked specifically at the County Hall, its grounds, and the street immediately outside the gallery.

Tá clú tuillte ag Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh mar sheirbhís nuálaíoch uaillmhianach ealaíon a bhfuil clár cumasach aici sna físealaíona agus clár spéisiúil tacaíochta aici le haghaidh ealaíontóirí aonair.

Lean an t-údarás áitiúil air i gcomhpháirtíocht le Dánlann Butler lena shraith díospóireachtaí, MOOT, i rith 2005 mar aon le clár léachtaí ag plé na ngnéithe éagsúla teicneolaíochta agus meán a bhíonn in úsáid ag ealaíontóirí comhaimseartha ina gcuid oibre. Rinneadh plé le linn an imeachta *Shutdown: restart* ar an tionchar atá ag dul chun cinn na teicneolaíochta ar obair na n-ealaíontóirí sin agus ar an gcaoi a gcuireann siad iad féin in iúl.

Maidir leis na Físealaíona, bhí taispeántas grianghrafadóireachta ARapa Das Betas le Gwen Wilkinson san Gallery Upstairs in Amharclann Watergate, agus taispeántais pictiúr, All the Glories of Youth Dear Boy, le Stephen Hennessy agus Elements le Louise Allen. Osclaíodh taispeántas Buy Don't Buy, le Tom Campbell, i Samhain.

Bhí roinnt taispeántas i rith na bliana san ionad atá ag an údaráis áitiúil le haghaidh físealaíona comhaimseartha ag Uimh. 72 Sráid Eoin, lena n-áirítear 3 Degrees, saothair ilmheáin le healaíontóirí KCAT; *Bealtaine,* taispeántas saothar le Tony O'Malley agus Patrick Scott i gcomhar le Dánlann Butler; *Requiem to A Fly,* saothar fuaime le Paul Murnaghan i gcomhar le Dánlann Butler; agus taispeántas líníochta From The Portfolios le Patrick O'Connor.

Bhí cónaitheacht ocht seachtaine ag an ealaíontóir ilmheáin David Beattie ag Uimh. 72 Sráid Eoin, ina ndearna sé iniúchadh agus turgnamh ar fhuaim i gcomhthéacs na timpeallachta áitiúla. Rinne an t-ealaíontóir iniúchadh faoi leith ar Halla an Chontae, ar a thailte agus ar an tsráid díreach lasmuigh den ghailearaí.



← Street theatre comedy *The Incredible Bull Circus* was one of the highlights of the Kilkenny Arts Festival.
Bhí an coiméide sráidealaíne *The Incredible Bull Circus* ar cheann de bhuaicphointe Fhéile Ealaíon Chill Chainnigh.



# Laois / Laois

Residencies form a central and important feature of Laois County Council's direct arts programme and 2005 saw writer-in-residence Jean O'Brien make significant contributions to the artistic life of the county. The writer was appointed writer-in-residence in January for a period of six months, during which she worked with existing and new writers' groups and schools. During the residency, the third Laois anthology of literature, *From Margy to the Slieve Blooms,* was produced.

Laois County Council's high-profile Artists' Symposium, held in Emo Court in September 2005, allowed the public to see the work of five selected artists develop over an intensive working period of three weeks. Artists Lisa Fingleton, James Hayes, Julie Merriman, Barbara Nealon and James Fraher were invited to respond to the Gandon-designed surroundings with new pieces of work. The local authority also developed and delivered an impressive series of workshops for children and adults over the course of the symposium programme.

A masterclass in portraiture, conducted by artist Mick O'Dea and organised by the Arts Office, took place in Abbeyleix in April, while the following month saw a workshop on life drawing with artist John Keating.

Laois County Council runs an extensive youth arts programme, and has developed a range of programmes that engage young people in a range of artforms. In 2005, *Showcase,* a programme of four plays devised by Rathdowney, Stradbally, Portlaoise and Mountmellick Youth Theatres, was presented at Dunamaise Arts Centre in April. The event was organised and funded by the County Council with support from Arts Council.

Tá cónaitheachtaí ina ngné thábhachtach lárnach de chlár na n-ealaíon a reáchtálann Comhairle Contae Laoise féin agus bhí an-tionchar ag an scríbhneoir cónaitheach Jean O'Brien ar chúrsaí ealaíon an chontae. Tugadh an post seo di i mí Eanáir ar feadh tréimhse sé mhí agus chaith sí an t-am sin ag obair le scoileanna agus le grúpaí scríbhneoirí, idir ghrúpaí a bhí ann roimhe sin agus ghrúpaí nua. Cuireadh tríú cnuasach litríochta Laoise, *From Margy to the Slieve Blooms*, ar fáil le linn na cónaitheachta.

Reáchtáil Comhairle Contae Laoise Siompóisiam mór le rá le haghaidh Ealaíontóirí in Emo Court i Meán Fómhair 2005, agus bhí an pobal in ann breathnú ar an gcaoi a ndearnadh forbairt ar shaothar cúigear ealaíontóirí a roghnaíodh thar tréimhse dianoibre trí seachtaine. Iarradh ar na healaíontóirí Lisa Fingleton, James Hayes, Julie Merriman, Barbara Nealon agus James Fraher saothair nua a cheapadh faoi inspioráid na timpeallachta a cheap James Gandon. Lena chois sin, chuir an t-údarás áitiúil sraith iontach ceardlanna ar fáil do dhaoine idir óg agus aosta le linn an siompóisiam.

D'eagraigh an Oifig Ealaíon máistir-rang portráidíochta leis an ealaíontóir Mick O'Dea i Mainistir Laoise in Aibreán agus bhí máistir-rang i dtarraingt beo-ábhar leis an ealaíontóir John Keating ar siúl i mí na Bealtaine.

Tá clár leathan ealaíon ag Comhairle Contae Laoise don óige, agus cláir éagsúla forbartha aici dóibh le go mbeidh siad gníomhach i bhfoirmeacha éagsúla ealaíne. Cuireadh ceithre dhráma a cheap Amharclanna Óige Ráth Domhnaigh, an tSráidbhaile, Port Laoise agus Mhóinteach Mílic i láthair in Aibreán 2005 ag *Showcase* ag Ionad Ealaíon Dhún na Maise. Ba í an Chomhairle Contae a d'eagraigh agus a mhaoinigh an imeacht le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon.



← Portrait of Laois Artist Exhibition. Photo: Andy Mason. The exhibition showcased portraits and other work by some of the artists of Laois.
Portráid Laoise - Taispeántas Ealaíontóirí. Grianghraf: Andy Mason. Bhí portráidí agus saothair eile le cuid d'ealaíontóirí Laoise le feiceáil sa Taispeántas.



# Leitrim / Liatroim

Leitrim County Council has a good track record in supporting the individual artist and in delivering an ambitious and challenging arts programme.

In the visual arts, 2005 saw the culmination of five visual arts projects led by David Kinnane, Brigid Corcoran, Tracey Walsh, Malachy Costello and Christine Mackey. Additionally in 2005, the Arts Office commissioned *Soft Margins,* which enabled a number of artists who worked on the Lough MacNean sculpture trail to develop a new film work.

The local authority also continued its support programme for the individual artist through its Leitrim Sculpture Centre bursary, which was awarded to Jackie McKenna, as well as the Tyrone Guthrie Centre bursary, which was awarded to Anna McLeod.

In music, Leitrim County Council's musician-in-residence programme featured John Carty, Felip Carbonell, Donnacha Holmes and Pádraig Meehan, each representing a distinct genre of musical performance. The local authority also continued its investment in the Carrick Water Music Festival, a new festival featuring opera, jazz and classical music.

The local authority has focused significant attention on developing its programmes for young people and has developed a range of programmes to address young people's needs. In theatre, two new youth theatres were introduced in 2005: Carrigallen, run by Maura Williamson, and Carrick-on-Shannon, run by Isolde Carmody.

Tá obair mhaith déanta ag Comhairle Contae Liatroma ag tacú le healaíontóirí aonair agus ag cur clár dúshlánach uaillmhianach ealaíon ar fáil.

Cuireadh clabhsúr ar chúig thionscadal físealaíon i 2005 a bhí á stiúradh ag David Kinnane, Brigid Corcoran, Tracey Walsh, Malachy Costello agus Christine Mackey. Lena chois sin thug an Oifig Ealaíon coimisiún do *Soft Margins,* a chuir ar chumas roinnt ealaíontóirí a d'oibrigh ar cosán dealbhóireachta Loch Mac nÉan saothar nua scannánóireachta a cheapadh.

Lean an t-údarás áitiúil ar aghaidh lena chlár tacaíochta d'ealaíontóirí aonair le sparánacht Ionad Dealbhóireachta Liatroma a dámhadh ar Jackie McKenna, agus sparánacht Ionaid Tyrone Guthrie a dámhadh ar Anna McLeod. Bhí John Carty, Felip Carbonell, Donnacha Holmes agus Pádraig Meehan ina gceoltóirí cónaitheacha ag Comhairle Contae Liatroma. Tá seánra ceoil faoi leith ag gach duine acu. Lean an t-údarás áitiúil air ag cur maoinithe ar fáil le haghaidh Féile Ceoil Uisce Chora Droma Rúisc. Féile nua í seo ina bhfuil ceoldráma, snagcheol agus ceol clasaiceach.

Chaith an t-údarás áitiúil a dhúthracht leis an óige agus tá cláir éagsúla forbartha aige lena riachtanais a shásamh. Cuireadh tús le dhá théatar nua don óige i rith 2005: Carraig Álainn atá á reáchtáil ag Maura Williamson, agus Cora Droma Rúisc atá á reáchtáil ag Isolde Carmody.



← Family Day at The Dock.
Lá don Teaghlach ag an Duga.



# Limerick City / Luimneach

Limerick City is home to a number of key arts organisations and the local authority plays an important role in supporting these organisations as well as providing a valuable service to the City's numerous individual artists.

The Irish World Academy of Music and Dance organised the fourth annual Sionna Festival of World Music and Dance at the University of Limerick in November, including inputs from Limerick's Daghdha Dance Company and the Tran Quang Hai ensemble from Vietnam.

Limerick City's ninth International Poetry Festival, Cuisle, took place in October at the Belltable and included poets of international standing such as John 'The Shedman' Davies and Gabriel Rosenstock. The programme of readings and events included inputs from Les Murray, Desmond O'Grady, Gabriel Fitzmaurice, Louis de Paor and Ciaran O'Driscoll. The event was organised by White House Poetry Revival and Limerick City Council.

In theatre, Limerick-based Island Theatre Company toured a new version of *Under Milk Wood,* with performances from Jon Kenny and Myles Breen.

Daghdha Dance Company's new building at St. John's Square was officially launched by John O'Donoghue T.D., Minister for Arts, Sport and Tourism in 2005. St John's Church was restored and renovated with Arts Council and ACCESS funding, and has been developed to enable the company to continue its development artistically and organisationally.

Tá roinnt eagraíochtaí tábhachtacha ealaíon lonnaithe i gCathair Luimnigh agus tá ról tábhachtach ag an údarás áitiúil ag tabhairt tacaíochta dóibh agus ag cur seirbhísí luachmhara ar fáil d'ealaíontóirí iomadúla aonair na Cathrach.

D'eagraigh Acadamh Éireann um Cheol agus Rince an Domhain ceathrú Féile na Sionna um Cheol agus Rince an Domhain in Ollscoil Luimnigh i Samhain agus ghlac Compántas Rince Luimnigh, Daghdha, agus an ensemble Tran Quang Hai ó Vítneam páirt inti.

Bhí naoú Féile Filíochta Idirnáisiúnta Chathair Luimnigh, Cuisle, ar siúl in Ionad Ealaíon Belltable i mí Mheán Fómhair agus bhí filí a bhfuil clú idirnáisiúnta orthu ar nós John 'The Shedman' Davies agus Gabriel Rosenstock i láthair. Ghlac Les Murray, Desmond O'Grady, Gabriel Fitzmaurice, Louis de Paor agus Ciaran O'Driscoll páirt sa chlár reacaireachta nó in imeachtaí eile. Ba iad White House Poetry Revival agus Comhairle Cathrach Luimnigh a d'eagraigh an Fhéile.

Chuaigh an Compántas Island Theatre, atá lonnaithe i Luimneach, ar chamchuairt le leagan nua a bhí acu de *Under Milk Wood,* agus Jon Kenny agus Myles Breen ag glacadh páirte ann.

D'oscail an tUasal John O'Donoghue, an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, foirgneamh nua an Chompántais Rince Daghdha i gCearnóg Naomh Eoin go hoifigiúil i 2005. Athchóiríodh agus athnuadh Eaglais Naomh Eoin le maoiniú ón gComhairle Ealaíon agus ACCESS agus forbraíodh é chun go mbeifear in ann an compántas a fhorbairt ó thaobh ealaíne agus eagraíochta inti.



← Artist John Beattie took part in the 2005 Excursions Performance Festival. Photo: Doireann O'Malley.
Ghlac an t-ealaíontóir John Beattie páirt i bhFéile Léirithe Turas 2005. Grianghraf: Doireann O'Malley.


Feis
Maitiú
1927
2007

# Limerick County / Luimneach

2005 was the seventh year of Éigse Michael Hartnett, an annual weekend festival of literature in September. The Michael Hartnett Poetry Award, which awards the best contemporary poetry publication by an Irish writer, has a value of €6,350. The Award alternates between Irish language and English language publications every year and is the largest award for poetry in the Irish language in the world. The 2005 Award, for English language poetry, was presented jointly to Kerry Hardie and Sinead Morrissey for their volumes of poetry, respectively, *The Sky Didn't Fall* and *The State of the Prisons.*

The local authority has a history of quality residency programmes and, in 2005, engaged a composer, puppeteer and dancer to undertake residencies in the county.

The conversion of a Palatine cottage in Killmallock into a residence for artists has been a major flagship project for the local authority. Composer-in-residence Eoin Coughlan was based in the cottage, from where he initiated a large body of work while maintaining professional links with the World Music Centre in the University of Limerick. Eoin is the first composer-in-residence for the county and developed an extensive outreach programme over the course of his residency.

In collaboration with the Health Service Executive (HSE), Limerick County Council appointed Helene Hugel puppeteer-in-residence to work in the children's unit of the Regional Hospital, Limerick. Dancer-in-residence Mary Hartney established *Dancing with Wheels,* an innovative programme of integrated dance, while also developing aspects of her own practice over the course of the residency.

Bhí Éigse Mhichíl Uí hAirtnéid ar siúl don seachtú bliain i 2005. Féile bhliantúil deireadh seachtaine litríochta í seo a thionóltar i mí Mheán Fómhair. Bronntar Dámhachtain Filíochta Mhichíl Uí hAirtnéid ar an bhfoilseachán comhaimseartha filíochta le scríbhneoir Éireannach agus is fiú €6,350 é. Is ar fhilíocht Ghaeilge agus ar fhilíocht Bhéarla a bhronntar an dámhachtain gach ré bliain agus is é seo an dámhachtain is mó ar domhan i gcás filíocht na Gaeilge. Bronnadh dámhachtain na bliana 2005 le haghaidh Filíocht Bhéarla ar Kerry Hardie agus ar Sinead Morrissey araon as ucht na leabhar filíochta, *The Sky Didn't Fall* agus *The State of the Prisons.*

Tá sé le rá faoin údarás áitiúil go raibh cónaitheachtaí den scoth acu le blianta agus d'fhostaigh sé cumadóir, puipéadóir agus rinceoir i 2005 chun cónaitheachtaí a bheith acu sa chontae.

Tionscnamh mór le rá de chuid an údaráis áitiúil ab ea an tiontú a rinneadh ar teachín Palaitíneach i gCill Mocheallóg ina áit chónaithe d'ealaíontóirí. D'éirigh leis an gcumadóir cónaitheach Eoin Coughlan tús a chur le corpas mór oibre agus é ag cur faoi sa teachín agus naisc ghairmiúla fós aige le hIonad an Cheoil Dhomhanda in Ollscoil Luimnigh. Is é Eoin an chéad chumadóir cónaitheach sa chontae agus tá clár leathan for-rochtana cruthaithe aige le linn a chónaitheachta.

D'oibrigh Comhairle Contae Luimnigh i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ceapadh Helene Hugel mar phuipéadóir cónaitheach in ionad na leanaí in Ospidéal Réigiúnach Luimnigh. Bhunaigh an rinceoir cónaitheach Mary Hartney an clár nuálaíoch comhtháite rince *Dancing with Wheels*, agus rinne sí gnéithe dá cuid oibre féin a fhorbairt le linn na cónaitheachta.



← The County Limerick Youth Choir took first prize in the Feis Maitiú competition in Cork.
Bhuaigh Cór Óige Chontae Luimnigh an chéad duais i gcomórtas Feis Maitiú i gCorcaigh


From Beatrix......
......to Harry!
County Longford Children's
Creative Writing
Development Focus Group

# Longford / An Longfort

In 2005, Longford's Backstage Theatre celebrated the tenth anniversary of its opening and marked its anniversary with a programme of special events. The theatre also presented a full and varied programme of ballet during 2005, including performances from Ballet Ireland and Gwent Ballet. In contemporary dance, highlights of the year included performances of Coiscéim Dance Theatre's *Nutcracker* and Fidget Feet's *I can't handle me.* While Shawbrook/LD Dance continued to act as an invaluable residential facility for dancers and choreographers.

Musical development in the county continued throughout the year with the establishment of adult and youth choirs. Longford's professional musicians established a musicians' club during 2005 in an effort to utilise the existing pool of professional talent, to raise awareness of various musical genres, to provide tuition to young aspiring musicians, and to create new audiences for live music in Longford. The group has an already impressive membership of 180 and, in 2005, established a songwriters' club, delivered a series of professional development workshops in sound engineering and recording techniques, and worked in partnership with the local authority to develop a traditional music project for primary schools.

Bhí clár imeachtaí speisialta ag Amharclann Backstage i Longfort i 2005 mar cheiliúradh ar deich mbliana a bunaithe. Chuir an amharclann clár iomlán bailé ar fáil i rith 2005 a bhí lán d'éagsúlacht agus léirithe le Bailé Éireann agus Gwent Ballet mar chuid de. I measc buaicphointí an rince comhaimseartha i rith na bliana bhí *Nutcracker* le hAmharclann Rince CoisCéim agus *I can't handle me* le Fidget Feet. Lean Shawbrook/LD Dance air mar áis chónaitheach ríluachmhar le haghaidh rinceoirí agus córagrafadóirí.

Cuireadh le forbairt ceoil an chontae i rith na bliana nuair a bunaíodh córacha do dhaoine fásta agus don óige. Bhunaigh ceoltóirí gairmiúla an Longfoirt cumann ceoltóirí i rith 2005 chun leas a bhaint as tallann na gceoltóirí gairmiúla atá ann cheana féin, chun cur le feasacht an phobail maidir leis na seánraí éagsúla ceoil, chun oiliúint a chur ar fáil d'ábhar ceoltóirí óga, agus chun lucht féachana nua a chruthú le haghaidh ceoil bheo sa chontae. Is mór le rá go bhfuil 180 ball ag an ngrúpa cheana féin agus bhunaigh siad cumann na scríbhneoirí amhrán i rith 2005, chuir siad sraith ceardlanna forbartha gairmiúla ar siúl maidir le hinnealtóireacht fuaime agus teicnicí taifeadta agus d'oibrigh siad i gcomhpháirtíocht leis an údarás áitiúil chun tionscadal ceoil thraidisiúnta a fhorbairt le haghaidh bunscoileanna.



← County Longford children's creative writing development focus group.
Fócasghrúpa Chontae an Longfoirt um fhorbairt scríbhneoireachta cruthaithí leanaí.



# Louth / Lú

Louth County Council Arts Office, working in cooperation with the Arts Offices of Drogheda Borough Council and Dundalk Town Council, has built up a vibrant arts programme for the county which uses residencies as a mechanism for igniting interest and participation in an artform in a specific area.

In 2005, filmmaker-in-residence Dara McCluskey worked intensively with two local schools, De la Salle College and St. Joseph's National School, towards the production of short feature films. The filmmaker also worked with Louth Youth Federation and Encore Productions to produce the short feature, *Krazy Kuts,* which was screened at the Moonreel Film Festival.

In the visual arts, the Basement Gallery hosted eleven month-long exhibitions during the year. Highlights of the programme included Bohemian Shapes, a collection of Czech ceramics and paintings, and exhibitions by Thomas Brezing, Brian Flynn, Katie Blue and the Dundalk-based Bridge Street Studios.

The local authority has a good reputation in its music programming and the second Ardee Baroque Festival took place in late November 2005. Highlights of the Festival included a new piece of music composed by Rachel Holstead, specially commissioned by Louth County Council for Ardee Baroque, and a unique performance of *Ardee* by traditional fiddler Gerry O'Connor and the Irish Baroque Orchestra. Children's activities, lectures and chamber performances also formed a central feature of the 2005 event, which attracted significant audiences and good critical success.

D'oibrigh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Lú, i gcomhpháirtíocht le hOifigí Ealaíon Chomhairlí Baile Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan chun clár bríomhar ealaíon a fhorbairt don chontae. Baineann siad leas as cónaitheachtaí chun spéis a mhúscailt i bhfoirm ealaíne faoi leith i réimse áirithe agus daoine a mhealladh le páirt a ghlacadh inti.

D'oibrigh an scannánóir cónaitheach Dara McCluskey go dian i rith 2005 le dhá scoil áitiúla, Coláiste De la Salle College agus Scoil Náisiúnta Naomh Iósaef, ag ullmhú le príomhscannáin ghearra a dhéanamh. D'oibrigh sé le Cónaidhm Óige Lú agus Encore Productions chun an príomhscannán gearr, *Krazy Kuts,* a dhéanamh. Taispeánadh é seo ag Féile Scannán Moonreel.

Rinne an Dánlann Basement óstáil ar aon thaispeántas físealaíon déag i rith na bliana agus fad míosa i ngach ceann acu. I measc buaicphointí an chláir bhí Bohemian Shapes, bailiúchán de chriadóireacht agus de phictiúir Sheiceacha agus taispeántais le Thomas Brezing, Brian Flynn, Katie Blue agus na Bridge Street Studios atá lonnaithe i nDún Dealgan.

Tá clú agus cáil ar an údarás áitiúil de bharr an cheoil agus bhí dara Féile Bharócach Bhaile Átha Fhirdhia ar siúl go déanach i Samhain 2005. I measc buaicphointí na féile bhí píosa nua ceoil cumtha ag Rachel Holstead a choimisiúnaigh Comhairle Contae Lú go speisialta le haghaidh Fhéile Bhaile Átha Fhirdhia agus léiriúchán uathúil den saothar Ardee leis an bhfidléir traidisiúnta Gerry O'Connor agus Ceolfhoireann Bharócach na hÉireann. Bhí gníomhaíochtaí leanaí, léachtaí agus léirithe aireagail ina ngnéithe lárnacha d'imeachtaí na bliana 2005 a mheall lucht féachana suntasach agus a thuill moladh na léirmheastóirí.



← *Can anybody fly this thing?,* Thomas Brezing, from the Is It Another Day? exhibition at the Basement Gallery, Dundalk.
*Can anybody fly this thing?* le Thomas Brezing, óna thaispeántas Is It Another Day? sa Dánlann Basement i nDún Dealgan.



# Mayo / Maigh Eo

Mayo County Council has developed a quality arts service over the past decade and is highly regarded for its approach to supporting artists and arts organisations. The Mayo County Council and Liam Walsh Awards were initiated in 2005 with the purpose of supporting artists in developing their practice. The awards are open to artists working in all artforms and the primary award is valued at €15,000.

The local authority also has a strong reputation for its arts programme and has developed considerable audiences for excellent events across the largely rural county. The Summer Music Series, a county-wide programme of diverse, quality music events, has been a regular feature of Mayo County Council's annual arts programme for years. As part of the extensive 2005 programme, the Bollywood Brass Band gave an open-air performance in Market Square and conducted workshops in Bollywood dance for local communities.

Mayo County Council has also developed an excellent arts programme for older people in the county, and during Bealtaine in 2005, an exhibition was mounted on billboards throughout the county celebrating the work produced by older people through the Arts Office's long-term mentoring programme.

The local authority provides annual funding to the Linenhall Arts Centre in Castlebar and, in 2005, the Arts Centre's annual children's festival, Roola Boola, featured extraordinary floating light sculptures at the lake in Lough Lannagh in Castlebar.

Tá seirbhís ealaíon d'ardchaighdeán forbartha ag Comhairle Contae Mhaigh Eo le deich mbliana anuas agus tá ardmheas uirthi de bharr an cur chuige atá aici maidir le tacaíocht a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon. Cuireadh tús le Dámhachtainí Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Liam Walsh i 2005 agus é d'aidhm acu tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí a gcuid oibre a fhorbairt. Is féidir le healaíontóirí atá ag plé le healaín de shórt ar bith cuir isteach orthu agus is fiú €15,000 an phríomhdhámhachtain.

Tá clú agus cáil ar an údarás áitiúil de bharr a chuid clár ealaíon agus bíodh is gur ceantracha tuaithe atá i bhformhór an chontae tá lucht mór féachana forbartha acu le haghaidh imeachtaí den scoth. Clár ardchaighdeáin de chineálacha éagsúla ceoil is ea Sraith Ceoil an tSamhraidh agus í mar chuid de chlár ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo le blianta. Thug Banna Práis Bollywood taispeántas faoin aer i gCearnóg an Mhargaidh mar chuid de chlár leathan 2005 agus bhí ceardlanna rince Bollywood acu le haghaidh na bpobal áitiúla.

D'fhorbair Comhairle Contae Mhaigh Eo clár ealaíon den scoth le haghaidh daoine aosta ar fud an chontae. Cuireadh fógraí in airde ar chláir fógraí ó cheann ceann an chontae ag ceiliúradh na hoibre a bhí déanta ag daoine aosta trí chlár mheantóireachta fadtéarmach na hOifige Ealaíon.

Cuireann an t-údarás áitiúil maoiniú bliantúil ar fáil le haghaidh Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh i gCaisleán an Bharraigh agus bhí taispeántas iontach de shaothair dealbhóireachta solais ar snámh ar Loch an Eanaigh i gCaisleán an Bharraigh mar chuid d'fhéile bhliantúil na leanaí, Rúille Búille.



← Church installation at the Claremorris Open Exhibition 2006. The annual exhibition attracts widespread attention.
Suiteáil sa Séipéal agus Taispeántas Oscailte Chlár Chlainne Mhuiris 2006. Músclaíonn an taispeántas bliantúil spéis na ndaoine.



# Meath / An Mhí

In 2005, Meath County Council's professional arts events programme, which takes place in venues across the county, included the National Chamber Choir, Meath Harp Ensemble, Celtic Connections, the Trio Resistance jazz concert and the Ensemble Nordlys, a Danish classical quartet.

The County Council's arts and older persons programme included an eight-week visual arts workshop with Wilkinstown active retirement group, culminating in an exhibition attended by 120 people in the local community. The successful project was facilitated by artist Niamh Smyth, a former participant in the local authority's *Arts in Context* artists' training programme.

The County Council's extensive arts-in-education programme included four residencies in 2005, with a musician-in-residence in primary schools, a dramatist-in-residence in secondary schools, a two-year residency with the Meath Harp School in primary schools and a writer-in-residence interacting with a number of schools and writers' groups throughout the county.

The Arts Office maintained its visual arts programme in 2005, including the exhibition programme at the Toradh Gallery, Duleek, and Civic Offices in Ashbourne. The local authority continued to develop the County Council Art Collection and the Arts Office's public art programme.

Bíonn chlár imeachtaí proifisiúnta ealaíon ar siúl ag Comhairle Contae na Mí in ionaid ar fud an chontae, agus i measc na ngrúpaí a bhí ar an gclár bhí Cór Aireagail Náisiúnta, Ensemble Cláirseoirí na Mí, Celtic Connections, ceolchoirm snagcheoil an Trio Resistance agus ceathairéad clasaiceach ón Danmhairg, Ensemble Nordlys.

Mar chuid de chlár ealaíon na Comhairle Contae le haghaidh daoine aosta bhí ceardlann ocht seachtaine le Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhaile Bhailcín. Cuireadh clabhsúr léi le taispeántas ar tháinig 120 duine ón bpobal áitiúil le freastal air. Rinne an t-ealaíontóir Niamh Smyth éascú ar an tionscadal rathúil seo. Ghlac sise páirt cheana sa chlár oiliúna d'ealaíontóirí, *Ealaíona i gComhthéacs,* de chuid an údaráis áitiúil.

Bhí clár leathan ealaíon san oideachas ag an gComhairle Contae lena n-áirítear ceithre chónaitheacht i rith 2005. Bhí ceoltóir cónaitheach sna bunscoileanna agus drámadóir cónaitheach sna scoileanna iar-bhunoideachais. Bhí cónaitheacht dhá bhliain ag Scoil Chláirseach na Mí sna bunscoileanna agus scríbhneoir cónaitheach i roinnt scoileanna agus ag obair le grúpaí scríbhneoirí ar fud an chontae.

Lean an Oifig Ealaíon ar aghaidh lena chlár físealaíon i rith 2005, lena n-áirítear clár taispeántais i nDánlann Toradh i nDamhliag agus sna hOifigí Cathartha i gCill Dhéagláin. Lean an t-údarás áitiúil air freisin ag cur le cnuasach Ealaíne na Comhairle Contae agus le clár ealaíne poiblí na hOifige Ealaíon.



← The Armagh Rhymers procession.
Mórshiúl Burdúnaithe Ard Mhacha.



# Monaghan / Muineachán

Monaghan County Council's innovative and interesting youth music programme, *The Listening Room,* continued in 2005, including workshops with musicians such as Mundy, Declan O'Rourke and Mark Geary. The programme seeks to support 14- to 22 year-olds in their musical development and is led by singer and songwriter Pete Courtney. The musician has designed the project to allow young people to engage with music in a relaxed atmosphere in Market House, while being mentored by the established musicians. In November and December of 2005, the final performances of the year were staged with the Walls and Damien Dempsey.

The local authority has also been critical in encouraging local audiences to engage with cultural cinema in the county through its cinema club. The club screened seventeen cultural cinema titles during 2005 and meets informally after screenings to discuss the films and to develop the ongoing programme.

The County Council's pilot artists-in-schools scheme, in partnership with Monaghan Education Centre, began in 2005, and facilitates one- to two-day artist workshops in schools. The programme has a separate strand to encourage both teachers and parents to engage in the arts.

Leanadh de chlár spéisiúil nuálaíochta ceoil don óige *The Listening Room* a bhí ag Comhairle Contae Mhuineacháin i rith 2005. Chuir ceoltóirí mar Mundy, Declan O'Rourke agus Mark Geary ceardlanna ar siúl. Cuireann an clár roimhe cabhrú le daoine idir 14 agus 22 iad féin a fhorbairt ó thaobh an cheoil de agus is é an ceoltóir agus an scríbhneoir amhrán Pete Courtney atá á stiúradh. Tá an tionscadal deartha aige le cur ar chumas daoine óga dul i ngleic leis an gceol agus iad ar a suaimhneas i dTeach an Mhargaidh agus ceoltóirí aitheanta i mbun meantóireachta orthu. Thug muintir Wall agus Damien Dempsey léirithe deireanacha na bliana 2005 i Samhain agus Nollaig.

Bhí ról ríthábhachtach ag an údarás áitiúil ag spreagadh lucht féachana áitiúil dul i ngleic le scannáin chultúrtha trí mheán a chlub scannán. Thaispeáin an club 17 scannán cultúrtha i rith 2005 agus tagann na baill le chéile go neamhfhoirmiúil tar éis na léirithe chun na scannáin a phlé agus clár leanúnach a fhorbairt.

Cuireadh tús le scéim píolóta ealaíontóirí sna scoileanna i 2005. Clár de chuid na Comhairle Contae i gcomhpháirtíocht le hIonad Oideachais Mhuineacháin é seo agus éascaíonn sé na ceardlanna aon-lae nó dhá lá a bhíonn ag ealaíontóirí sna scoileanna. Tá sraith faoi leith sa chlár chun idir mhúinteoirí agus thuismitheoirí a spreagadh le dul i ngleic leis na healaíona.



← The gallery window of the Market House in Monaghan. The Market House hosts exhibitions, music performances, readings, workshops and rehearsals.Teideal Nua
Fuinneog na dánlainne i dTeach an Mhargaidh i Muineachán. Bíonn taispeántais, ceoil, reacaireacht, ceardlanna agus réamhchleachtaí ar siúl i dTeach an Mhargaidh. Teideal Nua



# Offaly / Uíbh Fhailí

In the visual arts, Lough Boora Sculpture in the Parklands invited two sculptors who specialise in environmental and land art, Marianne Jorgenson (Holland) and Johan Seitzema (Denmark), to create new temporary works. The residency took place in September over a three-week period.

In dance, the Offaly County Council Arts Office supported Anita Cahill as dancer-in-residence from May to December. The residency allowed the dancer time and resources to develop her own practice, while also supporting her in the delivery of a programme of performance workshops with various groups of young people. As an outcome of the residency, the Offaly Youth Dance Company was formed in August.

During 2005, the Arts Office began to work with the owners of Belmont Mill (who are restoring the old Perry Flour Mills into artists' studios) to promote the space and encourage use of the studios as they develop. Two bursaries were introduced for artists who use the space: one designed for an Offaly-based artist (six months and studio), and the other designed for a national artist (three months, studio and accommodation).

The local authority continued to support Birr Vintage Week and Arts Festival, which uses vintage settings, such as the Birr Union Workhouse and the Masonic Hall, for its performance programme. Highlights of the 2005 Festival included a performance by the Glue Factory, which attracted significant audiences to the Birr Union Workhouse for an interactive music performance.

Thug Lough Boora Sculpture in the Parklands cuireadh do bheirt dhealbhóirí a bhfuil ealaíon comhshaoil agus talún mar speisialtóireacht acu, Marianne Jorgenson (na hÍsiltíre) agus Johan Seitzema (na Danmhairge), dhá shaothar shealadacha a chruthú. Bhí an chónaitheacht ar siúl ar feadh tréimhse trí sheachtaine i Meán Fómhar.

Thug Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Uíbh Fhailí tacaíocht do Anita Cahill mar rinceoir cónaitheach ó Bhealtaine go Nollaig. Chuir an chónaitheacht am agus acmhainní ar fáil don rinceoir a cuid oibre féin a fhorbairt, agus bhí sí mar thaca aici agus í i mbun clár ceardlanna léiriúcháin le haghaidh ghrúpaí éagsúla daoine óga. Bunaíodh Compántas Rince Óige Uíbh Fhailí i mí Lúnasa de thoradh na cónaitheachta seo.

Thosaigh an Oifig Ealaíon ag obair i gcomhar le húinéirí muileann an Leasa Dheirg (a bhfuil SeanMhuilte Plúir Perry á n-athchóiriú acu mar stiúideonna d'ealaíontóirí) chun an spás a chruthófar a chur chun cinn agus leas a bhaint as na stiúideonna de réir mar a chríochnófar iad. Cuireadh dhá sparánacht ar fáil do na healaíontóirí a úsáidfidh an spás seo. Tabharfar sé mhí agus an stiúideo d'ealaíontóir atá bunaithe in Uíbh Fhailí agus trí mhí, an stiúideo agus cóiríocht d'ealaíontóir ó áit éigin eile in Éirinn.

Lean an t-údarás áitiúil air ag cur tacaíochta ar fáil le haghaidh Féile Ealaíon & Seachtain Seandachtaí Bhiorra a úsáideann suíomhanna ársa mar Theach na mBocht agus Halla na Máisiún i mBiorra mar chúlra don chlár léirithe. I measc buaicphointí na Féile i 2005 bhí léiriú leis an Glue Factory a mheall lucht féachana mór go Teach na mBocht le haghaidh léiriú ceoil idirghníomhaigh.



← Glue Factory Performance, Birr Vintage Week and Arts Festival, 2005. Photo: Pat McKeon.
Léiriú Glue Factory ag Féile Ealaíon & Seachtain Seandachtaí Bhiorra, 2005. Grianghraf: Pat McKeon.



# Roscommon / Ros Comáin

In architecture, Roscommon County Council appointed Dominic Stevens, recipient of the Arts Council's Kevin Kieran award, as architect-in-residence in 2005. During his tenure, the architect developed a plan for phase two of the development of Roscommon Arts Centre as well as delivering a public lecture series exploring the history of the design of rural housing. Stevens also developed *Building Communities,* a programme examining innovative methods of providing social housing based on the *Meitheal* and the *Cloghan* models.

In the traditional arts, *Feadóg-On-Line,* a project using tele-conferencing technology for the transmission of traditional music education programmes to schools, won the e-learning category at the Digital Media Awards. Later in the year, the local authority's Roscommon Traditional Arts Forum was officially launched by Cathal Goan.

*TRADE* (formerly Artist as Traveller) is a visual arts programme which provides knowledge, resources and opportunities for visual artists to engage with other artists and collectives on an international stage. In 2005, *TRADE* invited a number of international arts organisations to a three-day seminar and exhibition held in The Dock, Carrick-on-Shannon. The seminar and exhibition will now be organised as a biennial event and in support of this, the two local authorities and Visual Leitrim have developed a bursary programme and a four-week residency.

Cheap Comhairle Contae Ros Comáin Dominic Stevens mar ailtire cónaitheach i 2005. Bhronn an Chomhairle Ealaíon Dámhachtain Kevin Kieran ar Dominic. Dhear sé pleananna don dara cuid d'fhorbairt Ionad Ealaíon Ros Comáin le linn a chónaitheachta agus thug sé sraith léachtaí poiblí inar chíor sé an stair a bhain le dearadh tithe tuaithe. Leag sé amach pleananna don chlár *Tógáil Pobal* inar úsáid sé bealaí nuálaíocha chun tithíocht shóisialta a sholáthar bunaithe ar shamhailtí na *Meithle* agus an *Chlocháin.*

I gcás na n-ealaíon traidisiúnta, bhuaigh *Feadóg ar Líne* Dámhachtain ríomh-fhoghlama na Meán Digiteacha. Tionscadal é seo a úsáideann teicneolaíocht na teileachomhdhála chun cláir oideachais faoi cheol traidisiúnta a sholáthar do scoileanna. Sheol Cathal Goan Fóram Ealaíon Traidisiúnta Ros Comáin go hoifigiúil ní ba dhéanaí sa bhliain.

Clár físealaíon is ea *TRADE* a chuireann faisnéis, acmhainní agus deiseanna ar fáil le go bhféadfaidh ealaíontóirí dul i dteagmháil le healaíontóirí eile agus le meithleacha ar bhonn idirnáisiúnta. Thugtaí an tEalaíontóir mar Thaistealaí ar an gclár ar dtús. Thug *TRADE* cuireadh do roinnt eagraíochtaí ealaíon idirnáisiúnta teacht chuig seimineár trí lá sa Duga i gCorra Droma Riasc i 2005. Déanfar an seimineár agus an taispeántas a eagrú gach dara bliain agus tá clár sparánachtaí agus cónaitheacht ceithre sheachtaine forbartha le tacú leis ag an dá údarás áitiúla agus ag Visual Leitrim.



← French dancer Marina Ligeron took part at the Vibrate Dance Festival. The festival combines performances with interactive workshops. Photo: John Daly.
Ghlac an rinceoir Francach Marina Ligeron páirt sa bhFéile Rince Vibrate. Bíonn léirithe agus ceardlanna idirghníomhacha ar siúl le linn na féile. Grianghraf: John Daly.



# Sligo / Sligeach

Sligo County Council continues to act as a leader in public art policy and practice, with the local authority's Public Art Officer continuing an exciting range of multi-disciplinary projects. In May, the local authority launched its current series of public art commissions, *Unravelling Developments.* The panel of twelve artists work across a range of artforms, including literature, music, new media and the visual arts.

2005 saw the final stages of the three-year *Artists in Context* and the *Arts in New Technologies* projects, both creating new opportunities for artists in their professional development. In a partnership between the local authority and Sligo's Leader Partnership, artists on the programme were able to carry out projects throughout the county during the year. A brochure for *Artists in Context III* was published, and a showcase exhibition, entitled Hands On was held in Sligo Art Gallery during December.

Sligo hosted the Irish part of the international visual art project *Site-ations*, which involved ten artist-led groups from across Europe responding to the theme, *Sense in Place*. After initial visits to Sligo in the spring, nine selected artists returned for three weeks and worked on their projects in July. A series of lunchtime talks and education projects took place in conjunction with the exhibition in the Model Arts and Niland Gallery in August and September and, despite the short time frame, intricate and multi-layered projects were successfully completed.

Tá Comhairle Contae Shligigh ag gníomhú i gcónaí mar cheannaire ar bheartas agus cleachtas maidir leis na healaíona sa chontae agus tá réimse spreagúil tionscadal ildisciplíneacha ar siúl i gcónaí ag Oifigeach Ealaíon Poiblí an údaráis. Chuir an t-údarás tús le sraith choimisiún ealaíon poiblí i mí na Bealtaine agus *Unravelling Developments* mar ainm acu air. Oibríonn dáréag ealaíontóirí i bhfoirmeacha éagsúla ealaíne lena n-áirítear litríocht, ceol, meáin nua agus na físealaíona.

Ba í 2005 bliain dheireanach na dtionscadal trí bliana *Artists in Context agus the Arts in New Technologies* agus chuir siad deiseanna nua ar fáil d'ealaíontóirí dul i mbun forbartha gairmiúla. Bhí sé ar chumas ealaíontóirí tionscadail a chur i gcrích ar fud an chontae i rith na bliana de thoradh comhpháirtíochta idir an údarás áitiúil agus Comhpháirtíocht Leader Shligigh. Foilsíodh bróisiúr le haghaidh *Artists in Context III* agus cuireadh taispeántas ar siúl dar teideal Hands On i nGailearaí Ealaíne Shligigh i mí na Nollag.

Rinne Sligeach óstáil ar an chuid Éireannach den tionscadal físealaíon idirnáisiúnta *Site-ations,* ina raibh deich ngrúpa faoi stiúir ealaíontóra ó áiteanna éagsúla ó cheann ceann na hEorpa ag tabhairt a bhfreagraí ar an téama, *Sense in Place.* Thug siad a gcéad chuairt ar Shligeach san earrach agus ansin d'fhill an naonúr ealaíontóirí a roghnaíodh i mí Iúil agus chaith siad trí sheachtaine ag obair ar a dtionscadail. Bhí sraith léachtaí agus tionscadal oideachais ar siúl nuair a bhí taispeántas ar siúl san Model Arts and Niland Gallery i mí Lúnasa agus Meán Fómhair agus in ainneoin a ghiorra is a bhí an t-am cuireadh bailchríoch rathúil ar tionscadail chasta ilchisealacha.



← *Scealaiocht Saoi,* Helen Ann Jones.
*Scealaiocht Saoi,* Helen Ann Jones.



# Tipperary / Tiobraid Árann

North Tipperary County Council has significantly and positively influenced the arts environment of the area since the establishment of the Arts Office in 1999 and has developed an exciting arts programme with particularly interesting and innovative programmes in education.

The Arts Office's *Visual Dialogues* programme is a visual arts education programme run in partnership with North Tipperary V.E.C. Visual artist Maria Casey was engaged as artist-in-residence for the 2005 programme, in which the artist worked with students to develop a new installation entitled Emerging.

*LOCALE*, a project which explored the possibilities of placing art outside the formal art gallery setting, took place in the first quarter of the year at unusual locations around the county. Four Tipperary artists took part: Alice Maher, John Gerrard, Deirdre Carr and Austin McQuinn.

The local authority's 6th annual *Art in the Park* programme involved over 40 young people from Templemore and surrounding areas. The 2005 project, *Timber Trails and Tall Tales,* was led by three artists - Lynn Kirkham, Paul Finch, and Steven Goldsmith – who worked with young people in creating a temporary sculpture trail in Templemore Town Park.

Bhí tionchar maith mór fónta ag Comhairle Contae Thiobraid Árainn Thuaidh ar chúrsaí ealaíon an cheantair ó bunaíodh an Oifig Ealaíon i 1999. Tá clár spreagúil ealaíon forbartha aici agus tá cláir fíorspéisiúla nuálaíocha oideachais aici.

Clár físealaíon oideachais de chuid na hOifige Ealaíon is ea *Visual Dialogues* a reáchtáiltear i gcomhpháirtíocht le Coiste Gairmoideachais Thiobraid Árann Thuaidh. Fostaíodh an físealaíontóir Maria Casey mar ealaíontóir cónaitheach le haghaidh clár 2005. D'oibrigh sí le mic léinn chun saothar suiteála nua dar teideal Emerging a fhorbairt.

Ba thionscadal é *LOCALE* a rinne iniúchadh ag féachaint an bhféadfaí saothair ealaíne a chur lasmuigh de thimpeallacht fhoirmiúil dánlainne. Bhí sé ar siúl i rith chéad ráithe na bliana in áiteanna neamhghnácha ar fud an chontae. Ghlac ceathrar ealaíontóirí ó Thiobraid Árann páirt ann: Alice Maher, John Gerrard, Deirdre Carr agus Austin McQuinn.

Ghlac breis agus 40 duine óg ón Teampall Mór agus ó cheantracha máguaird páirt sa 6ú clár bliantúil de chuid an údaráis áitiúil *Ealaín sa Pháirc.* Stiúir an triúr ealaíontóirí Lynn Kirkham, Paul Finch, agus Steven Goldsmith tionscadal na bliana 2005 *Timber Trails and Tall Tales* agus d'oibrigh siad le daoine óga chun cosán dealbhóireachta sealadaí a chruthú i bPáirc Bhaile An Teampaill Mhóir.



← The *Fidget Feet* Aerial Performance at the Terryglass Arts Festival. The festival is a celebration of imagination, creativity, participation and enjoyment.
Taispeántas san Aer le *Fidget Feet* ag Féile Ealaíon Thír Dhá Ghlas. Déanann an fhéile seo ceiliúradh ar shamhlaíocht, cruthaitheacht, rannpháirteachas agus taitneamh.


Zildjian

# Waterford City / Port Láirge

The Sean Dunne Writers' Festival, an initiative of Waterford City Council, features a series of free workshops, seminars and readings by leading Irish writers and emerging writers. Ireland's largest free-entry writers' festival was again well supported, with guests including Sebastian Barry, Trevor Joyce, Mark Roper and John Ennis. Other literary events include year-round readings and short, writer-in-residence schemes, with schools and community groups.

Waterford New Music Festival, supported by Waterford City Council, Waterford Institute of Technology, the Arts Council and Lyric FM, included guest artists such as Welsh/Canadian composer John Metcalf and Irish composer Seoirse Bodley. Highlights of the festival included a premiere of a new work by Eric Sweeney, commissioned by Waterford New Music Week and Artswave. Composer Seoirse Bodley gave talks about his work and John Metcalf was accompanied by a group of Welsh musicians, including Iwan Llewelyn Jones (piano), Nicola Thomas (cello), Rakhi Singh (violin) and Catriona Scott (clarinet). The musicians performed a series of concerts as well as participating in the Festival's masterclass series.

2005 was the 6th year that sprÓg, the pre-Spraoi festival, provided a programme of arts and cultural activity for five to eight year-olds in Waterford. The 2005 event was focused on a multicultural theme and was presented by Garter Lane Arts Centre and supported by Waterford City Council, South East Tourism and Artswave.

Tionscnamh de chuid Chomhairle Cathrach Phort Láirge is ea Féile Scríbhneoirí Sean Dunne. Bíonn ceardlanna saor in aisce, seimineáir agus reacaireacht á dtabhairt ag cuid de na scríbhneoirí is mó le rá in Éirinn agus scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn. Is í seo an fhéile scríbhneoirí is mó in Éirinn a bhfuil cead isteach saor in aisce chuici. Bhí slua maith i láthair agus i measc na n-aíonna bhí Sebastian Barry, Trevor Joyce, Mark Roper agus John Ennis. Ar na himeachtaí liteartha eile bíonn reacaireacht ar siúl ó cheann ceann na bliana agus scéimeanna ina mbíonn scríbhneoirí cónaitheachta ag obair le scoileanna agus grúpaí pobail ar feadh tréimhsí gearra.

Bhí aíonna mar an cumadóir Breatnach/Ceanadach John Metcalf agus an cumadóir Éireannach Seoirse Bodley i láthair ag Féile Nuacheoil Phort Láirge a fuair tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Phort Láirge, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, An Chomhairle Ealaíon agus Lyric FM. I measc buaicphointí na féile bhí chéad léiriú saothair nua le Eric Sweeney a choimisiúnaigh Seachtain Nuacheoil Phort Láirge agus Artswave. Labhair an cumadóir Seoirse Bodley faoina chuid oibre agus chuir grúpa ceoltóirí ón Bhreatain Bheag tionlacan ar fáil do John Metcalf. Ina measc siúd bhí Iwan Llewelyn Jones (pianó), Nicola Thomas (dordveidhil), Rakhi Singh (veidhlín) agus Catriona Scott (clairnéid). Bhí sraith ceolchoirmeacha ag na ceoltóirí agus ghlac siad páirt i sraith máistir-ranganna na Féile.

Bhí sprÓg ar siúl don séú bliain i 2005. Is féile réamhSpraoi í seo a chuireann imeachtaí ealaíon agus cultúir ar fáil le haghaidh daoine óga idir cúig agus ocht mbliana d'aois i bPort Láirge. Bhí imeachtaí na bliana 2005 dírithe ar théama ilchultúrtha agus chuir Ionad Ealaíon Lána Gairtéir i láthair é le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Phort Láirge, Turasóireacht an Oirdheiscirt agus Artswave.



← The Berkshire Band during an Artbyte performance in Waterford.
An Berkshire Band le linn léirithe de chuid Artbyte i bPort Láirge.



# Waterford County / Port Láirge

In film, the local authority commissioned a short documentary *Flight Path* by film maker Katie Lincoln. This film charted the journey of multi media artist Corina Duyn, as she undertook the writing of her book *Hatched* an account of her creative journey through M.E.

On a policy level, the County Waterford *Arts Plan: 2005 – 2008*, *On the Shoulders of Giants,* was adopted and launched in 2005. The plan prioritises forging partnerships with other agencies, organisations and individuals to focus energies and resources on delivering a countywide arts service.

In music, the local authority partnered with Ealaín na Gaeltachta in 2005 to support a musician-in-residence scheme in Gaeltacht na nDéise (*Dúthaigh Geal Déise*). In dance, contemporary dance artist and choreographer Fearghus O'Conchúir was commissioned to develop an original dance and music work for performance in the Gaeltacht. O'Conchúir worked closely with sean nós singer Aine Uí Cheallaigh who composed original music for the piece.

Choimisiúnaigh an t-údarás áitiúil an gearrscannán faisnéise *Flight Path* leis an scannánóir Katie Lincoln. Léirigh an scannán seo an t-ealaíontóir ilmheán, Corina Duyn, agus í ag iarraidh a leabhar *Hatched* a scríobh faoina turas cruthaitheach ag dul i ngleic le M.E. (Einceifilimiailíteas Miailgeach)

Ó thaobh beartais de, glacadh le *Plean Ealaíon Chontae Phort Láirge: 2005 – 2008, On the Shoulders of Giants,* agus seoladh é i 2005. Tugann an plean tús áite do chomhpháirtíochtaí a fhorbairt le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile agus le daoine aonair chun acmhainní agus fuinneamh a dhíriú ar sheirbhís ealaíon a sholáthar ar fud an chontae.

Chuaigh an t-údarás i mbun comhpháirtíochta le hEalaín na Gaeltachta in 2005 chun tacaíocht a thabhairt do scéim cheoltóra chónaithigh i nGaeltacht na nDéise *(Dúthaigh Geal Déise).* Tugadh coimisiún don ealaíontóir rince comhaimseartha agus córagrafóir Fearghus O'Conchúir bunsaothar rince agus ceoil a cheapadh lena léiriú sa Ghaeltacht. D'oibrigh an Conchúireach i ndlúth-chomhpháirtíocht leis an amhránaí sean-nóis Áine Uí Cheallaigh a cheap an buncheol don saothar.



← Public Art feature Tobar Bhr'ide by Cliodna Cussen at St. Brigid's Well, Co. Waterford. Photo: Arts Office, Waterford County Council.
Saothar Ealaíne Poiblí Tobar Bhríde le Cliodna Cussen ag Tobar Bhríde, Co. Phort Láirge. Grianghraf: Oifig Ealaíon, Comhairle Contae Phort Láirge.



# Westmeath / An Iarmhí

Over the past number of years, the local authority has organised an artist-in-residence programme in different artforms in partnership with Athlone Institute of Technology. Margo McNulty was appointed as artist-in-residence for County Westmeath two years ago and the continuing focus of the residency is the creation of new work, using etching and non-print technology.

Stained glass artist Nora Duggan gave her first solo exhibition of glass art, Reflections, in August 2005 at the Old Schoolhouse, Kinnegad. Reflections represents the combination of traditional glass painting with more contemporary techniques and materials.

In theatre, Beezneez Theatre Company presented *The Kings of the Kilburn High Road* by Jimmy Murphy at Tuar Ard in Moate. The production, directed by John McDwyer, had an enthusiastic reception and marks the continuing artistic development of the theatre in Moate.

Niamh Condron was appointed dancer-in-residence for 2005 and, over the course of the year, she developed a relationship with Moate Community College, Tuar Ard Arts Centre and continued to advance the partnership relationship between the arts offices and sports offices of Westmeath and Roscommon County Councils. The dancer's residency will lead towards the development of a public performance and dance festival in May 2006, aimed at increasing audiences for and participation in contemporary dance in the region.

D'oibrigh an t-údarás áitiúil i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Átha Luain le blianta beaga anuas chun cláir chónaitheacha a chur ar fáil d'ealaíontóirí a bhfuil foirmeacha éagsúla ealaíne acu. Ceapadh Margo McNulty mar ealaíontóir cónaitheach le haghaidh Contae na hIarmhí dhá bliain ó shin agus leanann sí uirthi le linn na cónaitheachta ar shaothar nua a chruthú ag baint leas as eitseáil agus meáin nach cló iad.

Bhí a chéad taispeántas dar teideal Reflections ag an ealaíontóir gloine daite Nora Duggan i mí Lúnasa 2005 sa Seanscoil i gCionn Átha Gad. Tá péinteáil gloine ar an seanstíl traidisiúnta measctha sa taispeántas le teicnící agus ábhair chomhaimseartha.

Léirigh Compántas Amharclainne Beezneez *The Kings of the Kilburn High Road* le Jimmy Murphy ag an Tuar Ard sa Mhóta. Chuir an lucht féachana fáilte spleodrach roimh an léiriú, a stiúir John McDwyer, agus is comhartha é den bhforbairt leanúnach atá á dhéanamh ar chúrsaí amharclainne an bhaile.

Ceapadh Niamh Condron mar rinceoir cónaitheach don bhliain 2005 agus d'fhorbair sí caidreamh i rith na bliana le Coláiste Pobail an Mhóta, Ionad Ealaíon an Tuair Aird agus chuir sí an chomhpháirtíocht atá idir Oifigí Ealaíon agus Oifigí Spóirt Chomhairle Contae na hIarmhí agus Chomhairle Contae Ros Comáin chun cinn. Beidh féile rince ar siúl i mBealtaine 2006 mar thoradh ar chónaitheacht seo an rinceora agus é d'aidhm aici go mbeidh méadú ar an lucht féachana atá ann don rince comhaimseartha agus níos mó daoine á chleachtadh.



← Members of the Athlone Community Dance Group in performance.
Baill de Ghrúpa Rince Pobail Átha Luain ag déanamh coiscéim rince.



# Wexford / Loch Garman

*Art Alongside* is a visual arts project for primary schools. *Children's Choice,* the 2004-2005 project, facilitated children in selecting the project theme and worked in partnership with IMMA, featuring work from their collection in the final exhibition in May. Approximately 600 fifth- and sixth-class children participate in the project each year and the exhibition is attended by around 1,500 people, many new to contemporary art.

The *Reel New Ross Youth Film Project* was announced in February 2005, and filmmaker Terence White was contracted to facilitate the project in May. The project was initiated in partnership with St. Michael's Theatre, New Ross, with the aim of strengthening the base for youth arts participation in County Wexford. The project involved a summer film project, an outreach summer project and an autumn/winter film project, with young people aged 13-18 working on a number of short films.

County Wexford Youth Theatre (CWYT) was awarded participation in the National Youth Council of Ireland's Artist in Youth Work Residency Scheme during the year. Guest dramaturge Brian Desmond worked alongside the members of CWYT in the development of their three performances at Wexford Arts Centre during July and further performance at the Granary Theatre, Cork, in September. From September, CWYT became youth theatre in residence at Wexford Arts Centre, utilising the space for workshops, rehearsals and performance.

Tionscadal físealaíon le haghaidh bunscoileanna is ea *Art Alongside.* Chuidigh tionscadal na bliana 2004-2005, *Rogha na bPáistí,* le páistí téama an tionscadail a roghnú. Rinneadh an obair i gcomhpháirtíocht le Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) agus bhí saothair dá chnuasach mar chuid den taispeántas scoir i mí na Bealtaine. Glacann thart ar 600 daltaí cúigiú ranga agus séú ranga páirt sa tionscadal gach bliain agus chuaigh thart ar 1,500 duine ag féachaint ar an taispeántas. Ba bheag taithí a bhí ag a lán acu ar ealaín chomhaimseartha roimhe sin.

Fógraíodh *Tionscadal Scannán na hÓige The Reel New Ross* i mí Feabhra 2005 agus tugadh conradh don scannánóir Terence White an tionscadal a éascú i mí na Bealtaine. Cuireadh tús leis an tionscadal i gcomhpháirtíocht le hAmharclann Naomh Micheál, Ros Mhic Thriúin, agus é d'aidhm aige níos mó daoine óga a spreagadh le páirt a ghlacadh sna healaíona i gContae Loch Garman. Bhí trí chuid sa tionscadal féin: tionscadal scannáin Samhraidh, tionscadal for-rochtana samhraidh agus tionscadal scannáin don fhómhar agus don gheimhreadh agus bhí daoine óga ó 13 - 18 ag obair ar roinnt gearrscannán.

Tugadh cead d'Amharclann Óige Chontae Loch Garman páirt a bheith acu i rith na bliana i Scéim Chónaitheachta d'Ealaíontóirí in Obair don Óige de chuid Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann. D'oibrigh an t-aoi-dhrámadóir, Brian Desmond, in éineacht le baill Amharclann Óige Chontae Loch Garman agus iad ag ullmhú a dtrí léiriú ag Ionad Ealaíon Loch Garman i mí Iúil agus ag léiriú eile i Amharclann an Granary i gCorcaigh, i Meán Fómhair. Bhí Amharclann Óige Chontae Loch Garman mar amharclann óige chónaitheach in Ionad Ealaíon Loch Garman ó Mheán Fómhair i leith agus iad ag úsáid na háite le haghaidh ceardlanna, réamhchleachtaí agus léirithe.



← Senior Youth Theatre members in their production of *Offending the Audience* at the Wexford Arts Centre.
Baill Shinsearacha den Amharclann Óige ag léiriú *Offending the Audience* in Ionad Ealaíon Loch Garman.



# Wicklow / Cill Mhantáin

Wicklow County Council Arts Office has a good track record in supporting artists to work in a variety of different contexts, including healthcare, youthwork and school settings. In the local authority's arts and health programme, Bray-based creative movement and dance facilitator Liz Gleeson delivered the third successful arts intervention in Baltinglass Hospital.

The local authority's support for the *Sculpture in Woodland* commissioning programme in the Devil's Glen, Ashford, took on a new focus in 2005, supporting an artist-led action research-based initiative, *Pause2explore.* The programme was designed to facilitate new thinking in the approach to commissions at *Sculpture in Woodland*, with artists allowed paid research and development time in the Devil's Glen to respond to the location and context. Participating artists included Niamh McNally, Aoife Desmond, Paul Carter, Suky Best, Andy Smith, Francesco Carreiro, Shelly Sacks and Heike Strelow. In addition to the *Pause2explore* programme, sculptor Michael Quane was engaged to undertake a site-specific wood carved commission for the glen, to be sited in 2006.

The Arts Office, as part of a new youth drama development programme for the county, appointed Eoghan Doyle as Youth Theatre Resident for south County Wicklow. The County Council, along with Bray Town Council, also continued to provide significant revenue funding to support the annual programme of Mermaid Arts Centre in Bray.

Tá obair mhaith déanta ag Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Mhantáin ag cur tacaíochta ar fáil d'ealaíontóirí agus iad ag obair i gcomhthéacsanna éagsúla, lena n-áirítear cúrsaí chúram sláinte agus obair leis an óige agus sna scoileanna. Bhí an-rath arís ar an saothrú ealaíne a rinne Liz Gleeson ina tríú seisiún in Ospidéal Bhealach Conglais mar chuid de chlár ealaíon agus sláinte an údaráis áitiúil. Éascaíonn Liz gluaiseacht chruthaitheach agus rince agus tá cónaí uirthi i mBré.

Rinneadh athrú i 2005 ar chlár coimisiúnaithe an údaráis áitiúil le haghaidh *Dealbhóireacht sa Choill* i nGleann an Diabhail, Áth na bhFuinseog nuair a thug siad tacaíocht don tionscadal, *Pause2explore*, atá bunaithe ar thaighde agus a bhfuil ealaíontóirí á threorú. Dearadh an clár chun smaointe nua maidir le coimisiúnaithe le haghaidh *Dealbhóireacht sa Choill* a éascú. Íocfar ealaíontóirí as an am a chaitheann siad i mbun taighde agus forbartha i nGleann an Diabhail chun saothair nua a cheapadh faoi inspioráid na háite. I measc na n-ealaíontóirí a ghlac páirt ann bhí Niamh McNally, Aoife Desmond, Paul Carter, Suky Best, Andy Smith, Francesco Carreiro, Shelly Sacks agus Heike Strelow. Le cois an chláir *Pause2explore* fostaíodh an dealbhóir Michael Quane chun saothar sainiúil a chruthú d'adhmaid snoite le haghaidh ionad faoi leith sa ghleann is a bheadh le suiteáil i rith 2006.

Cheap an Oifig Ealaíon Eoghan Doyle mar chónaitheach Amharclainne na hÓige i ndeisceart Chontae Chill Mhantáin. Lean an Chomhairle Contae agus Comhairle Baile Bhré orthu ag cur maoinithe suntasaí ar fáil mar thacaíocht do chlár bliantúil Ionad Ealaíon an Mermaid i mBré.



← Gavin Kostick of Fishamble Theatre Company presented a Writing for Theatre Professional Development workshop.
Chuir Gavin Kostick ó Chompántas Amharclainne Fishamble ceardlann forbartha gairme ar siúl maidir le Scríobh le haghaidh na hAmharclainne.

# Acknowledgements / Buíochas

The Arts Council is very grateful to the following individuals and organisations for their assistance with this publication.

Tá an Chomhairle Ealaíon an-bhuíoch do na daoine seo a leanas agus do na heagraíochtaí lena mbaineann siad as a gcabhair, maidir leis an bhfoilseachán seo.

Michael Brown (Photographer)
Mary Butler, Kilkenny County Council
Mary Carty, Meath County Council
Rosemary Collier, Drogheda Borough Council
Caoimhín Corrigan, Leitrim County Council
Eibhlin de Paor, Ealaín na Gaeltachta
Sheila Deegan, Limerick City Council
Philip Delamere, Roscommon County Council
Sinead Dowling, Carlow County Council
Martina Finn, North Tipperary County Council
Marilyn Gaughan, Galway County Council
Jack Gilligan, Dublin City Council
James Harrold, Galway City Council
Brian Harten, Louth County Council
Máire Hearty, Ealaín na Gaeltachta
Catherine Kelly, Westmeath County Council
Fergus Kennedy, Longford County Council
Kate Kennelly, Kerry County Council
Somharile Mac Conghail, Monaghan County Council
Mary McAuliffe, Sligo County Council
Anne McCarthy, Mayo County Council
Ian McDonagh, Cork County Council
Joan McKernan, Limerick County Council
Marie McMahon, South Tipperary County Council
Liz Meaney, Cork City Council
Rosaleen Molloy, Wexford County Council
Siobhan Mulcahy, Clare County Council
Sharon Murphy, Dún Laoghaire-Rathdown County Council
Muireann Ní Chonaill, Laois County Council
Muireann Ní Dhroighneáin, Ealaín na Gaeltachta
Conor Nolan, Waterford City Council
Micheál O Fearraigh, Ealaín na Gaeltachta Teoranta
Traolach Ó Fionnáin, Donegal County Council
Rory O'Byrne, Fingal County Council
Sinéad O'Reilly, Offaly County Council
Margaret Organ, Waterford County Council
Síle O'Sullivan, Dundalk Town Council
Kenneth Redmond, Cavan County Council
Lucina Russell, Kildare County Council
Orla Scannell, South Dublin County Council
Jenny Sherwin, Wicklow County Council



Images of children in this publication are reproduced with the kind permission of parents/primary carers.
Is le caoinchead na dtuismitheoiri a úsáidtear iomhánna na bpáistí san fhoilseacháin seo.

the arts council
an chomhairle ealaíon

Merak by Two Hands Theatre company  at the International puppet festival.
Merak le Two Hands Theatre Company ag an bhFéile Puipéad Idirnáisiúnta